Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Bealaí chun Oibre
## 2021-2025



Arna ullmhú ag an Roinn
Coimirce Sóisialaí

**Baineadh siar as an margadh saothair sa tír le sé mhí dhéag anuas nár tharla a leithéid riamh roimhe seo.**

Leagadh go leor daoine as go sealadach mar thoradh ar COVID-19
Tá go leor de na daoine seo fillte ar an obair cheana féin nó tá siad ag feitheamh le filleadh, ach chaill roinnt daoine a seanphoist go buan.

Is é cuspóir na straitéise seo cabhrú leis na daoine seo ullmhú don fhostaíocht agus é a bhaint amach.



# Clár Ábhar



Brollach an Taoisigh....3
Brollach an Aire....5
Achoimre Feidhmiúcháin agus Bunspriocanna Inghnóthaithe....6

01

Réamhrá – An tSeirbhís Phoiblí agus Bóthar an Bhisigh....13
Comhthéacs....14
*Bealaí chun Oibre*: Creat Straitéiseach Níos Fairsinge....15
Seirbhís Fostaíochta Poiblí Ardchaighdeáin a Sholáthar....17
An Timpeallacht Sheachtrach: Turraing agus 'Iarmhairt' COVID-19....19
Dúshláin agus Gníomhartha....22
Spriocanna agus Cuspóirí: Ionchur, Aschur agus Torthaí....25
Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair - Beartas Fianaisebhunaithe....28

02

Intreo – Oibriú do Chuardaitheoirí Poist....29
Misean na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí....30
Soláthar Seirbhíse i dTimpeallacht COVID-19 / Iar-COVID-19....36

03

Oibriú d'Fhostóirí....51

04

An Córas Leasa - Oibriú don Obair....57

05

Oibriú do Chách - Duine ar Bith a Fhágáil as an Áireamh....61
Oibriú do Thuismitheoirí Aonair....63
Oibriú do Dhaoine faoi Mhíchumas....65
Oibriú d'Oibrithe Breacaosta agus 'Oibrithe atá ag Filleadh'....69
Oibriú i measc Daoine Óga atá faoi Mhíbhuntáiste....71
Oibriú do Ghrúpaí Mionlaigh atá faoi Mhíbhuntáiste....75

06

Oibriú le Fianaise - Rialachas agus Tuairisciú....79
Eolas a sholáthar do Bheartas le Fianaise....80
Spriocanna agus Bunspriocanna Inghnóthaithe....81
Rialachas, Tuairisciú agus Athbhreithniú....82

Aguisín....83

# Uaillmhianta Ardleibhéil

Bealaí chun Oibre 2021-2025 Uaillmhianta Ardleibhéil

- Dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú
- An ráta dífhostaíochta óige a laghdú
- Aistrithe sa mhargadh saothair a fheabhsú
- Torthaí níos fearr sa mhargadh saothair a chinntiú

## 83 gealltanas, an méid seo a leanas ina measc

- Acmhainn riar cásanna na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí a fhairsingiú tríd an líon Cásoifigeach a mhéadú 50%.
- Infheistiú sa tSeirbhís Fostaíochta Poiblí a dhigitiú chun aimsiú agus éifeachtúlachtaí an tsoláthair sheirbhíse cumaisc a uasmhéadú.
- Cásoifigeach tiomnaithe a shannadh do gach duine dífhostaithe chun cabhrú leo an t-aistriú siar chuig an obair a dhéanamh.
- Fóirdheontas €7,500 a íoc le fostóirí - €10,000 nuair a earcaíonn siad cuardaitheoir poist dífhostaithe.
- 1.6 milliún idirchaidreamh idir Cásoifigigh agus cuardaitheoirí poist a sholáthar gach 12 mhí.
- 150 Imeacht um Chur chun Cinn Post a chur ar siúl gach bliain.
- Clár nua Socrúcháin Taithí Oibre íoctha a sheoladh a rachaidh chun sochair 10,000 cuardaitheoir poist.
- Straitéis nua Caidrimh le Fostóirí a fhorbairt.
- 10,000 deis printíseachta a sholáthar gach bliain faoin mbliain 2025.
- Tograí a fhorbairt maidir le ráthaíocht bhunioncaim a sholáthar.
- Líon na n-áiteanna atá ar fáil ar Scéimeanna Fostaíochta Stáit a mhéadú.
- Tograí a fhorbairt d'íocaíocht chuardaitheora poist nua phá-choibhneasa ghearrfhaid.
- 50,000 deis áit bhreisoideachais agus oiliúna a chur ar fáil.
- Áiteanna a chur in áirithe ar chlár fostaíochta poiblí do dhaoine óga agus daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus mionlaigh.



# Brollach an Taoisigh

**Bhain éifeachtaí na paindéime siar as Éirinn, mar a chéile le gach sochaí ar fud an domhain. Ba mhó a tugadh seo faoi deara sa tionchar gan choinne a imríodh ar phoist agus fostaíocht.**

Bhí freagairt an Rialtais ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh cheana féin, tar éis gur sholáthair sé tacaíochtaí ríthábhachtacha ioncaim agus fostaíochta, cosúil le hÍocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta chun an tionchar seo ar oibrithe agus gnólachtaí a mhaolú.

Tá orainn a mhacasamhail d'fhreagairt nár tharla riamh roimhe seo do chabhrú do dhaoine filleadh ar an obair a dhéanamh anuas ar an bhfreagairt as cuimse seo a rinneadh maidir le tacaíochtaí ioncaim.

Agus amhlaidh á dhéanamh, teastaíonn uainn ní hamháin ár ngeilleagar agus ár sochaí a atógáil, ach atógáil níos fearr agus níos cothroime a dhéanamh.

Faoi mar a leagtar amach sa Phlean Téarnaimh Gheilleagraigh, leagtar amach sa straitéis uaillmhianach seo a fhéachann chun cinn, *Bealaí chun Oibre*, samhail nua do sheirbhísí fostaíochta poiblí na hÉireann. Cuireann sé de cheangal ar an Stát 83 gníomh ar leith a dhéanamh chun cabhrú le daoine tabhairt faoi scileanna nua a fhoghlaim, faoi athoiliúint agus, thar aon ní eile, poist nua a aimsiú agus a choimeád.

Geallann sé freisin do shamhlacha nua íocaíochtaí leasa a fhorbairt – íocaíochtaí atá níos cothroime, ní hamháin, ach ar fusa ar féidir leo oiriúnú do chineál athraitheach na hoibre.

Is léir dom an cur isteach a rinneadh ar shaol agus slite maireachtála daoine óga mar thoradh ar an bpaindéim, iad siúd ina measc a thosaigh ag oibriú sa lucht saothair den chéad uair i ndiaidh dóibh oideachas lánaimseartha a chríochnú. Sin an fáth go ndéanfaidh an Rialtas infheistíocht mhór faoi *Bealaí chun Oibre* i dtacaíochtaí fostaíochta do dhaoine óga, trí áiteanna ar chláir socrúchán oibre a thabhairt isteach agus a imfhálú, tríd an bhfáil ar phrintíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus áiteanna oideachais a mhéadú agus trí fhóirdheontais mhealltacha a chur ar tairiscint d'fhostóirí nuair a earcaíonn siad daoine óga dífhostaithe.

Ní bhaineann *Bealaí chun Oibre* díreach leo siúd a chaill a bpost i rith na paindéime, baineann sé freisin le cabhrú leo siúd a bhí thíos le míbhuntáiste sa mhargadh saothair fiú sa tréimhse roimh COVID. Baineann ríthábhacht le fostaíocht maidir le folláine aonair ní hamháin ó thaobh airgeadais ach i dtaobh sláinte shóisialta, fhisiciúil agus meabhairshláinte. Sin an fáth go n-áirítear leis an straitéis seo freisin gealltanais ar leith chun feabhas a chur ar thorthaí an mhargaidh shaothair do dhaoine a bhfuil bacainní níos airde rompu ó thaobh fostaíochta, daoine san áireamh ó phobail mhionlaigh, daoine faoi mhíchumas, daoine breacaosta agus daoine, tuismitheoirí aonair san áireamh, a bhfuil freagrachtaí breise cúraim orthu.

Tá an Rialtas tiomanta do théarnamh geilleagrach atá faoi stiúir post a chur chun cinn, chun atógáil níos fearr a dhéanamh, agus chun atógáil níos cothroime a dhéanamh.

Cuid ríthábhachtach dár n-uaillmhian chun na spriocanna seo a bhaint amach é *Bealaí chun Oibre*.

**Mícheál Martin, TD**
An Taoiseach

De réir mar a athosclaíonn ár sochaí agus ár ngeilleagar, dírímid anois ar thacú le daoine an fhostaíocht a bhaint amach arís.



# Brollach an Aire



**Léirigh COVID-19 an tábhacht a bhaineann le córas coimirce sóisialaí láidir a sholáthar dár saoránaigh níos mó ná mar a léiríodh riamh roimhe seo. Ó thosach na paindéime, d'fhreagair an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ár bhfoireann fud fad na tíre go tapa agus go cinniúnach chun tacú leis na céadta míle oibrí a chaill a bpost thar oíche gan an locht a bheith orthu féin.**

De réir mar a athosclaítear ár sochaí agus ár ngeilleagar, dírímid anois ar thacú le daoine an fhostaíocht a bhaint amach arís dóibh féin. Ar ámharaí an tsaoil, tá go leor gnólachtaí á gcur ar bun agus ag feidhmiú arís agus tá níos mó daoine ag filleadh ar an obair gach seachtain. Cé go bhfuil seo an-dearfach, tá dúshláin romhainn go fóill.

Ní hionann a bheidh an t-aistear chun filleadh ar an bhfostaíocht i measc gach duine. Ar an drochuair, beidh roinnt poist caillte go buan mar gheall ar thionchar na paindéime. Is mian linn cabhair agus tacaíocht a thabhairt do na daoine siúd filleadh ar an lucht saothair trí *Bealaí chun Oibre*, straitéis uaillmhianach nua fostaíochta an Rialtais.

Dírítear go mór sa straitéis seo ar dhífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú agus a chosc agus ar thacú le daoine óga, ach go háirithe, trí na scileanna agus an oiliúint a theastaíonn uathu chun post a aimsiú a thabhairt dóibh.

Tacaíonn 83 gealltanas, ar an iomlán, leis ar fud an Rialtais, agus leagtar amach ann ár bpleananna chun breis agus 1.6 milliún idirchaidreamh le cuardaitheoirí poist a sholáthar gach bliain, chun 50,000 áit nua oideachais agus oiliúna a sholáthar, chun 10,000 deis nua socrúchán oibre a sholáthar agus chun 10,000 printíseacht a sholáthar gach bliain idir an t-am i láthair agus an bhliain 2025.

Agus sinn ag féachaint chun cinn, tá sé tábhachtach go gcuirimid leis an taithí a fuarthas i rith na paindéime. Sin an fáth gur gheallaimid freisin tograí mionsonraithe a thabhairt chun cinn chun íocaíocht chuardaitheora poist nua phá-choibhneasa agus ráthaíocht bhunioncaim a fhorbairt.

Beidh sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na gealltanais a leagtar amach in *Bealaí chun Oibre* maidir le próiseas téarnaimh na hÉireann, ar an iomlán, de réir mar a lorgaímid sochaí níos ionchuimsithí agus níos athléimní a thógáil do chách.

**Heather Humphreys, T.D.**
An tAire Coimirce Sóisialaí

# Achoimre Feidhmiúcháin agus Bunspriocanna Inghnóthaithe

## An Dúshlán

**Baineadh siar as an margadh saothair sa tír seo le sé mhí dhéag anuas nár tharla a leithéid riamh roimhe seo.**

Leagadh go leor daoine as obair go sealadach mar thoradh ar COVID-19 Tá go leor de na daoine seo fillte ar an obair, nó fillfidh siad go gairid amach anseo. Ach chaill roinnt daoine a seanphoist go buan. Beidh siad i dteannta daoine eile a bhí thíos le caillteanas poist agus dífhostaíocht roimh an bpaindéim, anuas ar dhaoine eile, agus cé nach measfaí go traidisiúnta go bhfuil siad dífhostaithe (mar shampla, daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu nó daoine faoi mhíchumas), níl siad fostaithe ach ba mhaith leo tacaíocht a fháil post a fháil.

Cabhróidh an straitéis seo leis na daoine go léir seo ullmhú don fhostaíocht agus é a bhaint amach.

Leagtar amach ann conas a sholáthróidh an Stát tacaíocht ríthábhachtach fostaíochta do dhaoine dífhostaithe. Áirítear leis seo comhairle agus treoir fostaíochta, poist a mheaitseáil, cláir socrúcháin fostaíochta, agus deiseanna uasoiliúna.

Cuirfear deiseanna ar fáil faoin straitéis seo taithí oibre íoctha a fháil, glacadh le háiteanna breisoideachais agus oiliúna agus tabhairt faoi fhéinfhostaíocht. Cuirfidh an straitéis seo tacaíochtaí airgeadais ar fáil d'fhóirdheontais earcaíochta chun cabhrú le fostóirí oibrithe nua a fhostú agus a n-earcaíocht a dhíriú i dtreo daoine dífhostaithe, agus i dtreo cuardaitheoirí poist óga ach go háirithe.

Oibreoidh ***Intreo***, ár Seirbhís Fostaíochta Poiblí, lena gcomhpháirtithe san earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna, fostóirí agus an earnáil phobail agus dheonach lena chinntiú go mbíonn an deis ag gach duine dífhostaithe, acu siúd ar imir an phaindéim tionchar orthu agus iad siúd a chaill fostaíocht roimh an bpaindéim, chun fostaíocht a fháil agus a choimeád. Cuirfidh seo ar chumas na ndaoine seo a dtodhchaí agus todhchaí a dteaghlach agus a bpobal a dhaingniú.

# Ár nUaillmhian


**Is furasta na rudaí seo a rá, ach tá is i bhfad níos deacra a bhíonn sé, i gcleachtas, aghaidh a thabhairt ar ráitis cheannasacha.**

Lena chinntiú go ndírítear ar sholáthar agus le tiomantas an Rialtais do chinntiú go mbaineann gach duine torthaí níos fearr amach sa mhargadh saothair, gealltar do 83 gníomh ar leith a dhéanamh sa straitéis seo.

Trí aghaidh a thabhairt ar na 83 gníomh seo, is é ár n-uaillmhian dífhostaíocht a laghdú anuas go dtí a leibhéil roimh an bpaindéim in 2019, nuair a bhí lánfhostaíocht, a bheag nó a mhór, bainte amach ag an ngeilleagar. Tá de chuspóir againn an méid a leanas a dhéanamh go sonrach:

- Dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú. 75,000 duine atá dífhostaithe go fadtéarmach a aistriú isteach i bhfostaíocht faoi Iúil 2023.
- An chomhréir de chuardaitheoirí poist atá dífhostaithe go fadtéarmach a laghdú anuas go dtí 2.5% den lucht saothair in 2025.
- An Ráta Dífhostaíochta Óige a laghdú anuas go dtí 12.5% de mheanráta 2019, nó faoina bhun, faoin mbliain 2023 [1].
- Feabhas a chur ar rátaí fostaíochta daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste nó mionlaigh. Áireofar leis seo díriú ar mhéadú ar rátaí fostaíochta tuismitheoirí aonair aníos ó 63% go dtí an meánráta 74% san AE agus aníos ó 22% go dtí 33% i measc daoine faoi mhíchumas.
- Faid dífhostaíochta a laghdú tríd an ráta a laghdú ar a n-aistríonn daoine a dífhostaíodh le déanaí isteach i ndífhostaíocht fhadtéarmach ar ais anuas go dtí a leibhéal 16% roimh an bpaindéim, nó faoina bhun, faoin mbliain 2023.

[1] Tomhaistear dífhostaíocht óige mar an líon iomlán daoine óga faoi 25 bliain d'aois a rangaítear amhail bheith dífhostaithe sa Suirbhé ar an Lucht Saothair, mar chéatadán den líon iomlán daoine faoi 25 bliain d'aois sa mhargadh saothair.



# Ár bPlean Gníomhaíochta agus agus ár nGealltanais

Tá mar chuspóir ag pleananna gníomhaíochta agus straitéisí eile an Rialtais, *an Plean um Théarnamh Eacnamaíoch* san áireamh, deiseanna infheistíochta gnó agus fostaíochta a mhéadú.
Go bunúsach, is é sprioc *Bealaí chun Oibre 2021-2025* a chinntiú go dtapaíonn daoine atá dífhostaithe a mhéid de na deiseanna seo agus is féidir. Áirítear leis seo gach duine dífhostaithe, iad siúd a chaill a bpoist mar gheall ar COVID-19, iad siúd a bhí ar an mBeochlár cheana féin roimh an bpaindéim agus iad siúd sa tsochaí a bhfuil dúshláin ar leith rompu fostaíocht a aimsiú agus a choimeád.

Bíonn líonraí láidre sóisialta agus teaghlaigh ag roinnt cuardaitheoirí poist a thacaíonn leo teacht ar dheiseanna fostaíochta, agus ní bhíonn na líonraí seo ag cuardaitheoirí poist eile. Is é ról ***Intreo***, an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí, oibriú ar son gach duine agus a chinntiú go dtugtar an tacaíocht agus an chabhair do gach duine a theastaíonn uathu chun a n-ionchais fostaíochta a fheabhsú.

Lorgaíonn ***Bealaí chun Oibre*** a chinntiú go bhfuil ar shárchumas lucht saothair na hÉireann freagairt do dhúshláin gheilleagracha, shochaíocha agus timpeallachta.

Leis na spriocanna seo a bhaint amach agus le haghaidh a thabhairt ar ár spriocuaillmhianta, leagtar amach sa straitéis 83 gealltanas faoi chúig 'Snáithe Gnímh'.


1. **Oibriú do Chuardaitheoirí Poist**
2. **Oibriú d'Fhostóirí**
3. **Oibriú don Obair**
4. **Oibriú do Chách - Duine ar Bith a Fhágáil as an Áireamh**
5. **Oibriú le Fianaise**

# 1 Oibriú do Chuardaitheoirí Poist

**Cabhrú le cuardaitheoirí poist ullmhú don fhostaíocht agus é a aimsiú a thapúla agus is féidir.**

- **Gníomhóidh *Intreo* mar an ionad ilfhreastail d'atreoruithe chuig gach tacaíocht agus seirbhís fostaíochta agus oibreoidh sé iontráil oscailte do gach cuardaitheoir poist.**
- **100,000 cuardaitheoir poist a chur le hacmhainn riar cásanna na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí agus an líon Cásoifigeach sa Roinn Coimirce Sóisialaí a mhéadú 50%.**
- **An acmhainn seo a úsáid chun Cásoifigeach tiomnaithe a shannadh** do gach duine dífhostaithe.
- **1.6 milliún idirchaidreamh le Cásoifigigh** le cuardaitheoirí poist a sholáthar gach 12 mhí.
- **Clár Socrúcháin Taithí Oibre íoctha nua ardchaighdeáin a sholáthar**, ar chostas iomlán €95 milliún, an deis a sholáthar do 10,000 duine dífhostaithe cur leis an taithí ar an láthair oibre faoi dheireadh na bliana 2022.
- **An líon clárúcháin nua phrintíseach a mhéadú aníos go dtí 10,000 sa bhliain faoin mbliain 2025.**
- **3,000 áit sa bhreis a sholáthar ar Scéimeanna Fostaíochta Stáit** ar chostas breise €50 milliún, a mhéadóidh costas iomlán scéimeanna fostaíochta sa bhliain aníos go dtí €475 milliún, chun tacú le daoine, go háirithe iad siúd a bhfuil na bacainní is mó rompu, filleadh ar an obair.
- **50,000 áit bhreise bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar** chun cabhrú le níos mó daoine an deis a bheith acu tabhairt faoi uasoiliúint agus scileanna nua a fhoghlaim.
- **An teacht a fheabhsú ar dheiseanna breisoideachais agus féinfhostaíochta** trí chistiú méadaithe do na scéimeanna um Fhilleadh ar Oideachas agus Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, agus cistiú breise €10 milliún sa bhliain atá ar fáil i measc an dá scéime.
- **Luach uasta an Deontais Tacaíochta Oiliúna a mhéadú atá ar fáil trí *Intreo* aníos ó €500 go €1,000,** ar chostas iomlán €11 milliún sa bhliain.

  Cabhróidh seo le breis agus 12,500 cuardaitheoir poist sa bhliain teacht ar chláir ábhartha agus chreidiúnaithe oiliúna lasmuigh den chóras foirmiúil breisoideachais agus ardoideachais a sholáthraíonn an stát.
- **Aistriú go digiteach** trí theacht i dtír ar acmhainní seirbhíse cianda agus ar líne chun an t-aimsiú agus na héifeachtúlachtaí i soláthar seirbhíse a shíneadh.



## ❷ Oibriú do Chuardaitheoirí Poist

**É a dhéanamh éasca ar fhostóirí oibrithe a earcú agus an earcaíocht sin a dhíriú i dtreo cuardaitheoirí poist dífhostaithe, daoine óga san áireamh.**

- **Fóirdheontais earcaíochta €7,500-€10,000 a íoc le fostóirí a rachaidh chun sochair 8,000 cuardaitheoir poist** ar chostas €28 milliún gach bliain, agus díriú ar leith ar dhaoine dífhostaithe óga agus ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.
- **150 imeacht um chur chun cinn post a chur ar siúl** gach bliain fud fad na tíre chun cabhrú le fostóirí a nascadh le hoibrithe ina bhfuil meascán idir cur chuige ar líne agus i bpearsan.
- **Mar chuid den obair seo, roinnt imeachtaí um chur chun cinn post a chur ar siúl chun deiseanna cianoibrithe a aimsiú do chuardaitheoirí poist.**
- **25 speisialtóir breise idirchaidrimh le fostóirí a earcú** chun acmhainn earcaíochta i measc fostóirí a fhairsingiú laistigh de ***Intreo***.
- **Straitéis nua caidrimh le fostóirí a sholáthar, le Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair,** chun naisc le fostóirí a neartú níos mó, chun an glacadh le seirbhísí agus tacaíochtaí fostaíochta i measc fostóirí a mhéadú.
- **Feachtas promóisin a fhorbairt agus a sheoladh atá dírithe ar fhostóirí** chun feasacht ar agus glacadh le tacaíochtaí fostaíochta a mhéadú

## ❸ Ag Oibriú don Obair

**A chinntiú go dtacaíonn an córas leasa le daoine an t-aistriú isteach go fostaíocht a dhéanamh agus go ndéanann sé éasca é orthu.**
**Soláthar an mhéid seo a leanas, go sonrach, a chur chun cinn:**

- **Ráthaíocht bhunioncaim** atá bunaithe ar an íocaíocht teaghlaigh oibre lena chinntiú go dtacaíonn an córas íocaíochtaí leasa le daoine, daoine san áireamh a bhfuil íocaíochtaí nach íocaíochtaí cuardaitheora poist iad, chun an t-aistriú go hobair a dhéanamh.

- **Íocaíocht chuardaitheora poist ghearrfhaid phá-choibhneasa nua**, a chuireann le heispéireas Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime chun turraing ioncaim a laghdú i ndiaidh go gcailltear fostaíocht.

- **Scéim tacaíochta oibre gearrama nua** a chuirfeadh ar chumas fostóirí a bhfoireann a choimeád ar a bpárolla i gcás go mbaintear turraing shealadach dá ngnólacht.

- **Scéim pá breoiteachta reachtúil nua** chun cumhdach a sholáthar agus ioncam oibrithe a chosaint nuair a bhíonn siad breoite.



# Oibriú do Dhaoine Óga

Gan aird ar inscne, aois nó cúlra, bíonn gach duine a dhéantar dífhostaithe thíos leis an turraing agus an bhraistint chéanna díchreidimh. Bíonn gach duine a mbíonn streachailt orthu post a aimsiú thíos leis an gcaillteanas céanna muiníne agus dóchais.

Is tábhachtach, ar an ábhar sin, go ndéanann an straitéis seo dícheall oibriú do gach duine – tá an ceart ag gach duine atá dífhostaithe súil a bheith acu le tacaíocht ón Stát agus an tacaíocht sin a fháil.

Go ginearálta, is minic gur daoine óga is túisce a leagtar as, ach is minic gurb iad is athléimní freisin agus is minic gurb iad is túisce a aimsíonn obair nua.
É sin ráite, tá orainn a aithint freisin gur féidir le tréimhse fhada dhífhostaíochta ag aois óg éifeacht bhuan a bheith aige.

Ar an gcúis seo, deartar na gealltanais agus na gníomhartha a leagtar amach sa straitéis seo, cé go mbeartaítear go ndíríonn siad ar gach duine, chun cabhrú le daoine óga, ach go háirithe.

Anuas air sin, mar chuid de **Ráthaíocht d'Aos Óg** neartaithe, déanfaimid áiteanna ar leith ar phríomhchláir a chur ar leataobh agus a choimeád do dhaoine óga dífhostaithe.

I measc na mbeart ar leith a chabhróidh le daoine óga, tá:

- **An Clár Socrúcháin Taithí Oibre** – ina bhfuil ar a laghad 4,000 áit imfhálaithe do dhaoine óga.
- **Fóirdheontas Earcaíochta JobsPlus** – ina bhfuil fóirdheontas idir €7,500 agus €10,000 ar fáil, níos luaithe ná mar is gnách, d'fhostóirí nuair a earcaíonn siad daoine óga.
- **An Chairt Fostaíochta Óige** a athsheoladh agus a fhairsingiú le fostóirí chun earcaíocht daoine óga dífhostaithe a chur chun cinn trí ***Intreo***.
- An líon iomlán clárúcháin nua phrintíseach a mhéadú aníos go dtí 10,000, ar a laghad, sa bhliain faoin mbliain 2025.
- **50,000 áit bhreisoideachais agus oiliúna** a chur ar fáil.
- **Ar a laghad 1,000 de na 3,000** áit bhreise Fostaíochta Pobail agus Tús a imfhálú do dhaoine óga.

Cuirtear sonraí breise orthu seo agus tionscnaimh eile ar fáil mar chuid de **Shnáithe 4 – Oibriú do Chách**.

Is é ár sprioc, leis na tionscnaimh seo, dífhostaíocht óige a laghdú aníos arís go dtí a leibhéil 2019 roimh an bpaindéim, nó faoina bhun.

## 4 Oibriú do Chách - Duine ar Bith a Fhágáil as an Áireamh

**Spriocthacaíochtaí fostaíochta a shíneadh do ghrúpaí a bhfuil dúshláin bhreise rompu, cosúil le daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair agus grúpaí mionlaigh, daoine ó phobail an Lucht Siúil agus Romach san áireamh.**

- **5,000 áit ar chlár fostaíochta poiblí a imfhálú do dhaoine óga**, 4,000 áit, ar a laghad, ar an gClár Socrúcháin Taithí Oibre agus ar a laghad 1,000 áit ar Scéimeanna Fostaíochta Stáit san áireamh.
- **An Treochlár Luath-Idirchaidrimh a chur i bhfeidhm do chuardaitheoirí poist faoi mhíchumas.**
- **Imeachtaí tiomnaithe earcaíochta a sholáthar d'oibrithe agus 'oibrithe atá ag filleadh'** chun cabhrú leo idirchaidreamh a dhéanamh le fostóirí agus a n-earcaíocht a spreagadh.
- **1,000 áit ar chláir fostaíochta poiblí a imfhálú do dhaoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus mionlaigh**, iad siúd ina measc ó phobail an Lucht Siúil agus Romach, chun cabhrú le daoine ó na cúlraí seo taithí oibre a fháil agus bacainní roimh fhostaíocht a shárú.
- **Plean Oiliúna, Fostaíochta agus Fiontraíochta don Lucht Siúil agus Romaigh a fhorbairt.**
- **Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ó phobail an Lucht Siúil agus Romach** chun comhairle a sholáthar ar thacaíochtaí seirbhíse fostaíochta ar leith don Lucht Siúil agus do Romaigh a fhorbairt.
- **Na deiseanna a shaothrú a chuir an t-eispéireas deiseanna maidir le cianoibriú ar fáil i rith na paindéime chun tacaíocht bhreise a thabhairt do theacht ar fhostaíocht i measc gach duine**, iad siúd ina measc a bhfuil dúshláin rompu teacht ar fhostaíocht.

## 5 Oibriú le Fianaise

**Seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar atá curtha ar an eolas ag fianaise agus ar cruthaíodh go n-éiríonn leo.**

Leag eispéireas COVID-19 béim bhreise air go dteastaíonn sainchomhairle atá bunaithe ar fhianaise dhaingean chun eolas a chur ar fáil do chinntí beartais. Beartaítear cur leis seo tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- **Tabhairt faoi mheastóireacht fhoirmiúil fostaíochta ar chláir thacaíochta fostaíochta atá bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta** chun measúnú a dhéanamh ar a dtionchair agus eolas a chur ar fáil do dhearadh amach anseo chun go soláthraíonn siad torthaí feabhsaithe fostaíochta do rannpháirtithe.
- **Sonraí feidhmíochta agus meastóireachta a fhoilsiú** ar bhonn ráithiúil agus bliantúil chun gur féidir dul chun cinn a rianú agus chun go bhfuil na tosca a imríonn tionchar ar cheapadh beartas trédhearcach.
- **Tabhairt faoi athbhreithniú meántéarma** ar an straitéis seo in 2023 le tacaíocht ó Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair.

Déanfar monatóireacht ar spriocanna ardleibhéil agus príomhghealltanais a sholáthar i gcaitheamh thréimhse na straitéise trí thuarascálacha ar dhul chun cinn bliantúil, atá bunaithe ar thorthaí a dhéanann príomhshonraí feidhmíochta agus anailís cháilíochtúil a thomhas.



# 01

## **Réamhrá**
## An tSeirbhís Phoiblí agus Bóthar an Bhisigh

# Comhthéacs

Is é ***'Bealaí chun Oibre'*** straitéis seirbhísí fostaíochta náisiúnta na hÉireann; creat beartais an Rialtais chun cabhrú le daoine atá dífhostaithe ullmhú d'fhostaíocht, fostaíocht a fháil agus é a choimeád.

Is é bunsprioc ***Bealaí chun Oibre 2021-2025*** cabhrú lena chinntiú go ndéantar na poist go léir siúd a chruthófar nó a bheidh folamh sna blianta amach romhainn a thabhairt, nó go dtabharfar a mhéid díobh agus is féidir, do dhaoine ar an mBeochlár nó do dhaoine eile atá dífhostaithe, ach ar mhaith leo oibriú ach go bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste i dtaobh fostaíocht a aimsiú [2].

Tugtar aghaidh air seo a dhéanamh in aghaidh chúlra phaindéim COVID-19 – imeacht a bhain staonadh mór as margadh saothair na hÉireann, ar tháinig laghdú mór ar ghníomhaíocht ghnó agus leibhéil fostaíochta dá bharr.

Cé go bhfuil ár gcosa á dtabhairt againn de réir a chéile as na tionchair siúd anois, is dóchúil go leanfaidh COVID-19 le tionchar a imirt ar an tírdhreach geilleagrach agus margadh saothair go ceann tamall fada amach romhainn.

Ní cinnte scála agus scóip 'na hiarmharta' seo, ach is soiléir go bhfuil roinnt athruithe ar iompar tomhaltóirí a cuireadh dlús leo i rith na paindéime leabaithe anois mar 'norm nua' agus go leanfaidh siad a bheith i gceist i ndiaidh na paindéime.

Ar an gcuma chéanna, tá athruithe ar conas a eagraíonn fostóirí táirgeadh – úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach agus as cianoibriú san áireamh – leabaithe go maith agus leanfaidh siad a bheith i gceist.

Cé go rachaidh go leor de hathruithe seo, a mhéadaíonn táirgiúlacht, chun sochair ár ngeilleagair agus ár ndaoine i ndeireadh na dála, beidh impleachtaí acu ní hamháin i dtaobh chineál na hoibre, idir an gearrthéarma agus an meántéarma, maidir le leibhéil fostaíochta i ngach mór gach earnáil den gheilleagar.

Ciallaíonn seo nach bhfillfidh roinnt daoine a leagadh as i rith na paindéime ar an bhfostaíocht a bhí acu roimhe seo. Teastóidh tacaíocht ó na daoine seo chun poist nua a aimsiú, in earnálacha éagsúla in go leor cásanna, agus beidh scileanna nua ag teastáil uaidh seo.

Seo an comhthéacs nár tugadh a leithéid faoi deara riamh roimhe seo agus atá ag teacht chun cinn ina bhfuil an straitéis seirbhísí fostaíochta seo bunaithe.

Ní hí an phaindéim an t-aon chúlra leis an straitéis seo. Tá orainn aird a thabhairt ar na dúshláin a bhí ann cheana féin, rátaí ísle rannpháirtíochta agus fostaíochta i measc roinnt grúpaí agus roinnt forbairtí eile bunaithe agus atá ag teacht chun cinn san áireamh, cosúil le Brexit, digitiú agus an t-aistriú chuig geilleagar glas.

Teastaíonn freagairt lúfar beartais ag an Stát ón gcás casta seo atá ag teacht chun cinn. Ar an gcúis sin, déanfar athbhreithniú meántéarma in 2023 ar an straitéis seo ***Bealaí chun Oibre*** , cé gur forbraíodh é agus tréimhse ama cúig bliana aige.

[2] Gníomhóidh *Bealaí chun Oibre* 2021-2025 mar an straitéis a thiocfaidh in ionad an Phlean Gníomhaíochta do Theaghlaigh gan Phoist (2017-2020).

# *Bealaí chun Oibre:* Creat Straitéiseach Níos Fairsinge

Léirítear i bhFíor 1 thíos an comhthéacs beartais straitéisigh níos fairsinge maidir leis an margadh saothair agus scileanna inar cruthaíodh an straitéiseach seo ***Bealaí chun Oibre***. Baineann tábhacht ar leith le trí cháipéis:

- Leagtar amach sa **Phlean um Théarnamh Geilleagrach** uaillmhian an Rialtais téarnamh geilleagrach faoi stiúir post a bheith ann, agus treochlár chun an uaillmhian sin a bhaint amach.
  Tá baint lárnach ag ***Bealaí chun Oibre 2021-2025*** leis an bplean seo agus leagtar amach ann an straitéis a bhfuil ar Seirbhís Fostaíochta Poiblí náisiúnta na hÉireann cloí léi nuair a bhítear ag tabhairt faoin misean seo sna blianta amach romhainn.
- Leagtar amach in **Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann – Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025** conas a thacófar le pobail timpeall na tíre chun a sciar de dheiseanna gnó agus fostaíochta a bhaint chun cabhrú lena bpobail forbairt agus an rath a bhaint amach.
- Tá **an Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025** dírithe ar a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí cearta ag ár lucht saothair leis na deiseanna seo a chumasú agus leas a bhaint astu.

**Fíor 1:** **Creat Beartais Phoiblí do Théarnamh Geilleagrach agus Margadh Saothair**



*"Díríonn an cháipéis seo – Bealaí chun Oibre – ar a chinntiú go gcuirtear a mhéid deiseanna fostaíochta agus oiliúna agus is féidir ar fáil, trí Sheirbhís Fostaíochta Poiblí Intreo, do dhaoine atá dífhostaithe agus go dtacaítear leo chun ullmhú do agus dul san iomaíocht do na deiseanna seo chun fostaíocht a fháil agus a choimeád."*

Ina theannta sin, tá an straitéis seo mar chuid d'fhreagairt an Rialtais d'fhorbairtí agus gealltanais bheartais idirnáisiúnta agus AE, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA san áireamh. Tá an straitéis seo ar aon dul freisin le ***Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta***[3] agus Moladh Choimisiún an AE do ***Thacaíocht Ghníomhach Éifeachtach don Fhostaíocht*** (TGÉF), ina leagtar amach cur chuige ar fud an AE i leith bearta tacaíochta agus gníomhachtaithe fostaíochta, de réir mar a aistríonn geilleagair ó thacaíochtaí éigeandála COVID-19[4].

[3] Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (2021) [4] Moladh Choimisiún an AE do Thacaíocht Ghníomhach Éifeachtach don Fhostaíocht (TGÉF)



# Seirbhís Fostaíochta Poiblí Ardchaighdeáin a Sholáthar

Cuireann fostaíocht bealach ar fáil as an mbochtaineacht agus eisiamh sóisialta agus spreagann sé rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí. Is ionann ***Intreo*** a fhorbairt agus a thabhairt isteach le deich mbliana anuas, ina gcuimsítear tacaíochtaí cothabhála ioncaim agus fostaíochta in 'ionad ilfhreastail', agus ceann de na hathchóirithe is forleithne ar bheartas seirbhísí fostaíochta. Thug an t-athchóiriú seo Éire ar aon dul le cleachtais bhunaithe in áiteanna eile san Eoraip[5].

Díol suntais é, mar thoradh ar na hathruithe seo go pointe áirithe, gurbh an-éagsúil téarnamh fostaíochta ó ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2008-2012 agus ón téarnamh a rinneadh i gcúluithe eacnamaíochta roimhe sin. Rinne an laghdú ar an líon daoine dífhostaithe borradh geilleagrach a stiúradh, seachas é a leanúint. Ar a bharr sin, ba mhó an laghdú ar an líon daoine a bhí thíos le dífhostaíocht fhadtéarmach ná an laghdú a tháinig ar dhífhostaíocht go ginearálta.

Tagann seo salach ar an méid a tharla sna 1990idí nuair a ghlac sé roinnt blianta de bhorradh geilleagrach sular thit na líonta daoine dífhostaithe agus ghlac sé borradh geilleagrach sé bliana sular tháinig laghdú ar dhífhostaíocht fhadtéarmach. I gcomparáid leis sin, léiríonn an téarnamh seo ón ngéarchéim airgeadais an méid is féidir a bhaint amach trí iarracht thiomanta agus cúis mhór dóchais é.

Cruthaíonn tionchair mhargadh saothair a eascraíonn as COVID-19, iarmhairtí Brexit, anuas ar na bunathruithe ar chineál na hoibre dúshláin nua. Is tráthúil, ar an ábhar sin, breithniú a dhéanamh ar conas ba cheart don tSeirbhís Fostaíochta Poiblí – ***Intreo*** – freagairt chun dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn anois agus a chinntiú go bhfuil an tseirbhís a sholáthraíonn sé oiriúnach don fheidhm agus go dtacaíonn sé i gcónaí le sprioc an téarnaimh geilleagraigh náisiúnta.


[5] An RCPA: Cás-Staidéar ar ***Intreo***: An t-ionad ilfhreastail do chuardaitheoirí poist in Éirinn (Iúil 2017).




Cuireann fostaíocht bealach ar fáil as an mbochtaineacht agus eisiamh sóisialta agus spreagann sé rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí.

## Fíor 2: Téarnamh Geilleagrach (Treochtaí an Bheochláir vs Olltáirgeacht Náisiúnta)

### Téarnamh i ndiaidh Chliseadh Domhanda 2008-2012 – Téarnamh faoi Stiúir Post




### Cúlú Eacnamaíochta go déanach sna 1980idí/1990idí – Téarnamh Moillithe Post




**Foinse na Sonraí:** An POS agus sonraí riaracháin an RCS.

# An Timpeallacht Sheachtrach: Turraing agus 'Iarmhairt' COVID-19

Tháinig athrú ó bhonn ar dhúshláin gheilleagracha agus shochaíocha na dífhostaíochta le sé mhí dhéag anuas. Nuair a thosaigh an Rialtas leis an straitéis seo a dhréachtú go luath in 2020, i ndiaidh próiseas comhairliúcháin forleathan in 2019, rinne sé amhlaidh agus lánfhostaíocht bainte amach, nach mór, cé gurbh eol go gcruthódh Brexit bagairt agus gur chruthaigh digitiú agus dícharbónú dúshláin leanúnacha.

Tá athrú tagtha anois ar an tírdhreach ar bhealach, agus a mhéid sin, nach bhféadfaí súil ar bith a bheith leis. Tháinig meath ar dhálaí sa mhargadh saothair nár tugadh a leithéid faoi deara riamh roimhe seo mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19.

Bhíodh íocaíochtaí cuardaitheora poist á bhfáil ag beagán faoi bhun 200,000 duine ag deireadh 2019, agus bhain an líon daoine a raibh tacaíochtaí leasa Stáit á bhfáil acu – íocaíochtaí cuardaitheora poist, fóirdheontais phá nó Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime (ÍDP) – 1.2 milliún amach i mBealtaine 2020 agus is ionann anois é agus thart ar 700,000 duine.

Cé go mbeidh roinnt den mhéadú seo sealadach agus go bhfeabhsóidh fostaíocht in go leor earnálacha de réir mar a thugtar vacsaíní COVID-19 isteach, agus mar a úsáideann daoine coigilteas a rinne siad a charnadh i rith thréimhse na paindéime chun airgead a chaitheamh nár chaith siad roimhe seo, d'fhéadfadh scála na turrainge i dtaobh leithead na n-earnálacha ar imríodh tionchar orthu agus fad an tionchair éifeacht mharthanach a bheith aige – 'iarmhairt' – a mbeidh ar a laghad trí thoise aige.

## Trí Thoise 'na hIarmharta':

1. **Athruithe ar iompar ídithe** Tá a n-iompar athraithe ag gnó agus tomhaltóirí. D'fhéadfadh roinnt athruithe a bheith buan, ar an iomlán, nó go páirteach. Dá thoradh sin, b'fhéidir nach mbainfidh éileamh ar roinnt táirgí agus seirbhísí na leibhéil amach arís a baineadh amach roimhe seo (mar shampla, miondíol mórshráide nó seirbhísí oifige).

Ar an taobh eile den phingin, b'fhéidir go leanfaidh éileamh in earnálacha eile ar tháinig méadú orthu i rith na paindéime, mar shampla, seirbhísí soláthair, le leibhéil a bhaint amach atá i bhfad níos airde ná na gnáthleibhéil roimh COVID-19.

2. **Srianta idir Gearrthéarmach agus Meántéarmach ar acmhainn** Tá moill ar infheistíochtaí beartaithe ar acmhainn i roinnt earnálacha, mar shampla, taisteal agus iompar idirnáisiúnta, srianta soláthair a bhaineann le srianta sláinte poiblí a chur i bhfeidhm ar scála domhanda agus an t-ardleibhéal éiginnteachta i dtaca le toradh na paindéime. Fiú fad a théann tionchar láithreach COVID-19 i laghad, d'fhéadfadh leibhéal níos airde de dhrogall roimh riosca agus atosú níos moille ar ghníomhaíocht infheistíochta ná mar a bheadh i gceist ina mhalairt scéil mar gheall ar eispéireas na paindéime.

Ciallaíonn seo go bhféadfadh cumas gnóthas sna hearnálacha seo táirgeadh a fhairsingiú idir an gearrthéarma agus an meántéarma os cionn leibhéil 2019 a bheith níos teoranta ná mar a raibh coinne leis.

D'fhéadfadh seo baint den éileamh ar shaothar.


### 3. Gnóthachain Táirgiúlachta a Léiriú

Beidh a bpróisis ghnó atheagraithe ag roinnt fostóirí lena chur ar a gcumas leanúint ag trádáil trí bhearta cosúil le cianoibriú/scaradh sóisialta agus úsáid níos mó a bhaint as roghanna seirbhíse ar líne i rith na paindéime. Bheadh costais laghdaithe arna n-eascairt as na hathruithe seo, i gcásanna áirithe, agus bheadh éifeachtúlachtaí tugtha isteach acu in ainneoin sruthanna laghdaithe ioncaim. Bheadh gnóthachain táirgiúlachta bainte amach ag na bearta coigiltis costais seo as a mbainfidh na fostóirí atá i gceist tairbhe anois.

Cé go bhfeabhsóidh seo iomaíochas agus go dtacóidh sé le leibhéil níos airde d'fhostaíocht amach anseo, déanfaidh sé éileamh ar shaothar a laghdú nó a athrú níos mó, i roinnt earnálacha, ar a laghad, idir an gearrthéarma agus an meántéarma.

I gcás *Intreo*, ciallaíonn seo gur gá dóibh anois béim a aistriú agus a acmhainn a mhéadú go suntasach chun tacú le cuardaitheoirí poist agus fostóirí chun dul in oiriúint d'iarmhairt COVID-19 agus é a shárú. Chun cabhrú le cuardaitheoirí poist nach bhfuil a n-iarphoist ar fáil dóibh a thuilleadh chun leanúint ar aghaidh agus poist nua a fháil, agus chun cabhrú le fostóirí in earnálacha a bhfuil borradh ag teacht orthu, agus in earnálacha ina bhféadfadh sé roinnt ama a ghlacadh orthu téarnamh a bhaint amach, chun an úsáid a uasmhéadú a bhaintear as saothar trína éascú daoine a earcú lena laghad riosca, agus lena chostas fostaithe is ísle, agus is féidir agus an earcaíocht sin a dhíriú i dtreo daoine ar an mBeochlár.

**Fíor 3: Peirspictíocht Straitéiseach idir an Gearrthéarma agus an Meántéarma agus an Fadtéarma**



Cé gur léir gurb é tionchar COVID-19 an dúshlán atá á chur faoi láthair roimh fhostaíocht, beidh dúshláin eile romhainn go gairid amach anseo agus sa mheántéarma nach mór dóibh eolas a chur ar fáil d'aon straitéis seirbhísí fostaíochta.

Áirítear leo seo, ó thaobh cúrsaí éilimh, tionchar leanúnach Brexit, athrú aeráide/ dícharbónú, domhan athraithe na hoibre, digitiú agus dul chun cinn leanúnach teicneolaíochta.

I dtaobh ghné sholáthair an mhargaidh shaothair, tá dúshláin ann go fóill maidir le híseal-leibhéil de rannpháirtíocht sa mhargadh saothair i measc daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair agus grúpaí eile is faide ón margadh saothair, iad siúd ina measc ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus mionlaigh.

D'fhéadfá a rá, i bhfírinne, gurbh éard a rinne tionchar COVID-19 dlús a chur le go leor de thionchair mheántéarmacha/níos fadtéarmaí ghné an éilimh a bhí tuartha cheana féin agus, i gcomhthráth, dúshláin rannpháirtíochta ghné an tsoláthair a dhéanamh níos measa.

Mar shampla, i dtaobh éilimh, rinne an tionchar a d'imir oibriú digiteach, róbataic, intleacht shaorga agus dícharbónú táirgiúlacht a mhéadú agus riachtanais saothair aonaid a laghdú cheana féin i ngairmeacha beatha riaracháin, déantúsaíochta, agus táirgthe bia, i measc gairmeacha beatha eile.

Déanann an treocht seo, ar chuir COVID-19 dlús léi, na deiseanna a laghdú ar a uain sin, ar a laghad go pointe áirithe, a d'fhéadfadh daoine neamh-rannpháirteacha a mhealladh isteach sa mhargadh saothair agus méadaíonn sé iomaíochas do na poist atá ar fáil ó dhaoine a bhí gníomhach cheana féin.

Dá réir, cé gur gá dúinn díriú ar an dúshlán soiléir agus atá ann faoi láthair a chruthaíonn 'turraing agus iarmhairt' COVID-19, ní féidir linn an príomhchuspóir eile a ligean i ndearmad a raibh súil leis i dtosach go ndíreodh ***Bealaí chun Oibre*** air.

Is é sin rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú i measc grúpaí neamhghníomhacha agus, ach go háirithe, daoine a ndéantar tearcionadaíocht dóibh sa lucht saothair a spreagadh – mar shampla, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil tuistiú leo féin á dhéanamh acu, daoine ó mhionlaigh eitneacha, agus daoine ina measc a d'fhéadfadh a ghlac am saor ón lucht saothair chun cúram a thabhairt do leanaí – chun glacadh le deiseanna oiliúna agus fostaíochta.



Cé gur léir gurb é tionchar COVID-19 an dúshlán atá á chur faoi láthair roimh fhostaíocht, tá dúshláin eile romhainn go gairid amach anseo agus sa mheántéarma nach mór dóibh eolas a chur ar fáil d'aon straitéis seirbhísí fostaíochta.

# Dúshláin agus Gníomhartha

Cé gur sa timpeallacht sheachtrach a chruthaítear an dúshlán, beidh ról tábhachtach ag an mbealach a oiriúnaíonn an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo i dtaobh cinneadh a dhéanamh faoin rath, nó a mhalairt, a bheidh ar fhreagairt an Stáit.

Cuirfear sraith ar leith dúshláin eagraíochta sa tréimhse amach romhainn roimh Sheirbhís Fostaíochta Poiblí na hÉireann, go háirithe ***Intreo***, agus an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna. Is féidir iad seo a lua mar seo a leanas.

- **Ar an gcéad dul síos, dúshlán scála a bheidh ann.** Eascraíonn seo as an éileamh a bheidh ag na fíorlíonta díobh siúd a díláithríodh as an obair le míonna beaga anuas ar acmhainn ***Intreo*** agus na hearnála breisoideachais.
  Beidh orainn acmhainn ár seirbhísí fostaíochta a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo agus a chinntiú gur féidir le cuardaitheoirí poist teacht ar thacaíochtaí fostaíochta agus oiliúna.
  Teastóidh acmhainní agus cláir bhreise uaidh seo i measc an réimse iomláin tacaíochtaí fostaíochta agus oiliúna agus go mbainfear úsáid níos éifeachtúla as na hacmhainní agus na cláir siúd.

- **Ar an dara dul síos, tá an dúshlán a bhaineann le glacadh le soláthar seirbhíse digiteach.** Beidh ar an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí a samhail soláthair seirbhíse a oiriúnú chun leas a bhaint as acmhainní digiteacha agus freagairt do roghanna cliaint.
  Teastóidh nuálaíocht uaidh seo i dtaobh samhail soláthair seirbhíse a fhorbairt a chuirfidh le agus a mhéadóidh an tsamhail thraidisiúnta soláthair seirbhíse 'aghaidh ar aghaidh'.
  Cabhróidh an cur chuige seo freisin le hacmhainn na seirbhíse freagairt don dúshlán scála.

- **Ar an tríú dul síos, tá an dúshlán a bhaineann le solúbthacht/inoiriúnaitheacht nuair a fhreagraítear do phróifílí athraitheacha cliaint.** B'fhéidir nach ndearna go leor de na daoine a gcuirfear an tseirbhís ar fáil dóibh sna míonna agus blianta amach romhainn ach idirghníomhú teoranta roimh ré leis an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí agus in go leor cásanna, bheadh seo ar a gcéad eispéireas dífhostaíochta.
  Is éagsúil a bheidh próifíl na ndaoine a thagann i láthair ón bhfostaíocht i dtaobh taithí, cáilíochtaí, litearthacht dhigiteach, agus cumais chun 'féinfhreastal' ó phróifíl daoine a bhí dífhostaithe ar feadh roinnt ama agus atá níos faide amach ón margadh saothair.
  Ar an gcuma chéanna, nuair a lorgaímid iarracht oibriú le grúpaí neamhghníomhacha chun rannpháirtíocht a mhéadú, is dóchúil go dtiocfaimid ar dhaoine a raibh taithí theoranta san ionad oibre acu le déanaí, fiú cé go bhfuil siad an-chumasach, agus a dteastóidh tacaíocht níos déine agus phearsantaithe uathu chun scileanna agus muinín ábhartha san ionad oibre a fhorbairt.

- Cuirfidh an phróifíl fhairsing chliant seo dúshlán roimh an tSeirbhís agus beidh air a bheith inoiriúnaithe i dtaobh a chur chuige a chur in oiriúint do phróifíl chliant aonair dá bharr.

- **Ar an gceathrú dul síos, tá an dúshlán a bhaineann le hatreorú réidh chuig na deiseanna ábhartha uasoiliúna a chinntiú.** Teastóidh tacaíochtaí diana cuardaigh poist agus athoiliúna ó go leor de na cuardaitheoirí poist a lorgóidh tacaíocht, go háirithe iad siúd a d'oibrigh roimhe seo in earnálacha ar imir an phaindéim an tionchar ba mhó orthu, (nó go deimhin Brexit, digitiú nó dícharbónú), chun a n-aistriú a éascú isteach i bhfostaíocht in earnálacha (nó gairmeacha beatha nua) de bhun an éilimh shrianta ar shaothar sna hearnálacha siúd inar oibrigh siad roimhe seo.

- **Ar an gcúigiú dul síos, tá an dúshlán a bhaineann le fostóirí a chomhaistriú isteach in oibriú leis an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí.** Príomhghné den rath a bhíonn ar aon Seirbhís Fostaíochta Poiblí é neart na nasc a thógann sé le fostóirí.
  Baineann ríthábhacht leis seo i dtaobh coinne a bheith le forbairtí ar an margadh saothair amach anseo, cláir oiliúna ábhartha a fhorbairt agus, ach go háirithe, a chinntiú go mbíonn fostóirí sásta deiseanna fostaíochta a chur ar tairiscint do chliaint na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí.
  Tá sé ríthábhachtach go n-oibríonn leis an tseirbhís a chuireann ***Intreo*** ar fáil do chuardaitheoirí poist, ach go n-oibríonn sé freisin d'fhostóirí. I bhfírinne, mura n-oibríonn sé d'fhostóirí, ní féidir leis an tseirbhís oibriú in aon chor.

- **Ar an séú dul síos, tá an dúshlán a bhaineann lena chinntiú "go n-oibríonn an córas leasa don obair".** Nuair a chuirtear na hathruithe san áireamh a tháinig ar chineál na hoibre, agus ar an margadh saothair trí chéile, beidh an bealach a idirghníomhaíonn an córas leasa leis an margadh saothair i dtaobh leordhóthanacht ioncaim a dhearbhú, (cibé acu i bhfostaíocht nó i ndífhostaíocht), agus aistriú réidh a chinntiú ón leas go dtí an obair, le cur san áireamh.

- **Ar an seachtú dul síos, tá an dúshlán a bhaineann lena chinntiú go gcloímid leis an bhfianaise chun tús áite a thabhairt do chláir a bhaineann torthaí dearfacha cliaint amach.** Is féidir leis an réimse fairsing seirbhísí agus uirlisí atá ar fáil chun tacú le haon chuardaitheoir poist dífhostaithe teannas inmheánach agus seachtrach a chruthú.

  De réir taithí, a luaithe a chruthaítear scéim nó clár, tuigtear gur féidir leis a bheatha agus a chuspóir féin a chruthú, agus tarlaíonn go mbíonn sé deacair acmhainní a athdháileadh amach ó scéim bhunaithe chuig scéimeanna eile, a mb'fhéidir go bhfuil siad níos éifeachtaí. Ar an gcúis seo, is tábhachtach go nglacann an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí le cur chuige fianaisebhunaithe i leith eolas a sholáthar don bhealach a thugtar tús áite d'acmhainní ganna an Stáit ar bhealach lúfar agus atá dírithe i dtreo scéimeanna agus idirghabháil ar léiríodh go n-éiríonn leo.

- **Ar an ochtú dul síos, tá an dúshlán a bhaineann le hathoiliúint a chur ar dhíriú straitéiseach meántéarmach/fadtéarmach.** Nuair a fhreagraítear do riachtanais daoine a ndearna COVID-19 agus/nó aon cheann de na trí dhúshlán eile iad a dhíláithriú – Brexit, dícharbónú agus digitiú – caithfimid leanúint freisin ag cabhrú le daoine a bhí ag streachailt cheana féin fostaíocht a aimsiú fiú nuair a bhí lánfhostaíocht bainte amach, nach mór, ag an ngeilleagar. Caithfimid bheith dírithe i gcónaí freisin ar an sprioc mheántéarmach-fhadtéarmach lena mbaineann rannpháirtíocht ghníomhach an lucht saothair agus rátaí fostaíochta daoine is mó atá i mbaol bochtaineachta agus iad siúd ó ghrúpaí mionlaigh agus faoi mhíbhuntáiste a mhéadú.

Mar fhreagairt do na hocht ndúshlán seo, leagtar cúig shnáithe gnímh amach sa straitéis seo *Bealaí chun Oibre*:

### Fíor 4: Cúig Shnáithe Gnímh Straitéis *Bhealaí chun Oibre (2021-2025)*

**1 Oibriú do Chuardaitheoirí Poist**
Cabhrú le cuardaitheoirí poist ullmhú don fhostaíocht agus é a aimsiú a thapúla agus is féidir.

**2 Oibriú d'Fhostóirí**
É a dhéanamh éasca ar fhostóirí oibrithe a earcú agus an earcaíocht sin a dhíriú i dtreo cuardaitheoirí poist dífhostaithe, daoine óga san áireamh.

**3 Oibriú don Obair**
A chinntiú go dtacaíonn an córas leasa le daoine an t-aistriú isteach go fostaíocht a dhéanamh agus go ndéanann sé éasca é orthu.

**4 Oibriú do Chách - Duine ar Bith a Fhágáil as an Áireamh**
Spriocthacaíochtaí fostaíochta a shíneadh do ghrúpaí a bhfuil dúshláin bhreise rompu, cosúil le daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair agus grúpaí mionlaigh, an Lucht Siúil san áireamh.

**5 Oibriú le Fianaise**
Seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar atá curtha ar an eolas ag fianaise agus ar cruthaíodh go n-éiríonn leo.

# Spriocanna agus Cuspóirí: Ionchur, Aschur agus Torthaí

Leagtar amach sa chuid eile den straitéis seo conas a bheartaíonn an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí freagairt do na dúshláin sheachtracha agus inmheánacha a leagtar amach thuas.
Leagtar amach ann sraith gníomhartha/gealltanas a dheartar, go príomha, lena chinntiú go maireann eispéireas na dífhostaíochta d'aon duine tréimhse chomh gearr agus is féidir agus gur féidir le haon duine ar mian leo teacht ar thacaíocht glacadh le fostaíocht nua – cibé acu má bhíonn siad dífhostaithe, fostaithe nó neamhghníomhach, amhlaidh a dhéanamh.

Mar chuid d'fhorbairt na straitéise seo, agus lena chinntiú go bhfuil sé éifeachtach, sainaithníodh sraith spriocanna.



Tá iad seo are i bhfoirm:

**Ionchur:**
**Na gníomhartha a bheartaítear tabhairt fúthu, e.g. an líon Cásoifigigh fostaíochta a mhéadú.**

**Aschur:**
**An méid seirbhísí a sholáthraítear mar thoradh ar an ionchur seo, e.g. an méid cruinnithe comhairleacha duine ar dhuine a thionóltar idir Cásoifigigh agus cliaint.**

**Torthaí:**
**Tionchar an ionchuir/na dtorthaí ar phríomh-mhéadracht fostaíochta/mhargadh saothair, e.g. laghdú ar an ráta ar a ndéantar daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach de dhaoine a dífhostaíodh le déanaí.**

Ar an iomlán, leagtar amach sa straitéis seo 83 ionchur i bhfoirm gealltanas sonrach faoi gach ceann de na cúig shnáithe gnímh. Liostaítear an tsraith iomlán gealltanas san Aguisín anuas ar an spriocdháta le haghaidh soláthair agus an Roinn/ghníomhaireacht cheannais atá freagrach as a sholáthar.

Anuas air sin, leagtar amach i dTábla 1 lastall roinnt Príomhtháscairí Feidhmíochta a roghnaíodh – ionchur, aschur agus bearta toraidh – a ndéanfar feidhmíocht na straitéise a mheasúnú ina n-aghaidh.

**Is í an sprioc fhoriomlán, i dtaobh torthaí, go mbainfidh na príomhbhearta seo d'oibriú an mhargaidh shaothair a leibhéil 2019 roimh an bpaindéim amach arís – nuair a bhí lánfhostaíocht, nach mór, bainte amach ag an ngeilleagar.**

Déanfaidh Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair monatóireacht ar dhul chun cinn in aghaidh na mbeart seo, agus ar an liosta iomlán gealltanas agus déanfar iad a thuairisciú go ráithiúil don Rialtas.

## Tábla 1: Príomhtháscairí Feidhmíochta Roghnaithe

| | Beart | Cuspóir |
|---|---|---|
| Ionchur | An líon Cásoifigeach ar fud na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí a mhéadú | Acmhainn Cásoifigeach na Roinne Coimirce Sóisialaí6 a mhéadú faoi **150 ball foirne (nó faoi 50%)**.<br><br>Aimsiú acmhainn na seirbhísí fostaíochta réigiúnaí a leathnú chun go gcumhdaíonn sé an Stát iomlán faoi dheireadh 2021. |
| Ionchur | Líon na n-áiteanna clár oiliúna a mhéadú | **50,000** áit bhreise a chistiú i mbreisoideachas agus ardoideachas faoi dheireadh 2021. |
| Ionchur | An méid áiteanna socrúcháin oibre agus fóirdheontas a mhéadú | Clár Socrúcháin Taithí Oibre nua a bhunú ina bhfuil **10,000 áit**.<br>An méid áiteanna ar Scéimeanna Fostaíochta Stáit faoi **3,000**7.<br>Cistiú a mhéadú d'fhóirdheontas earcaíochta JobsPlus aníos go dtí €28.3 milliún (a mhéadóidh aníos go dtí **8,000** áit é). |
| Ionchur | Feachtais amach le fostóirí a mhéadú | • **150** Imeacht um Chur chun Cinn Post a chur ar siúl (fíorúil nó i bpearsan) gach bliain, imeachtaí saincheaptha do chuardaitheoirí poist óga san áireamh.<br>• **2** sheachtain náisiúnta oibre agus scileanna a chur ar siúl gach bliain. |
| Aschur | An líon idirchaidrimh duine ar dhuine le Cásoifigeach | Tabhairt faoi **1,600,000** cruinniú duine ar dhuine idir Cásoifigeach/cuardaitheoir poist sa bhliain. |
| Aschur | Tosú Breisoideachais agus Oiliúna | Tacú le **50,000** duine atá dífhostaithe go fadtéarmach tús a chur le soláthar Breisoideachais agus Oiliúna faoin mbliain 2025. |
| Aschur | Socrúcháin agus fóirdheontais poist Scéim Fostaíochta Oibre / Stáit | Tús le cur ag **10,000** duine i socrúcháin Taithí Oibre faoi dheireadh 2022.<br>Tús le cur ag **14,000** duine le socrúcháin Scéimeanna Fostaíochta Stáit (Fostaíocht Pobail/Tús).<br>Tairbhe le baint ag **8,000** duine as fóirdheontas JobsPlus faoi dheireadh 2022. |
| Aschur | Feasacht ar dheiseanna fostaíochta | **60,000** cuardaitheoir poist agus **5,000** fostóir a aimsiú trí 150 Imeacht um Chur chun Cinn Post agus imeachtaí eile tacaíochta fostaíochta sa bhliain. |

6 Tugtar le fios go n-áirítear le tagairtí do 'Cásoifigeach/Cásoifigigh' Cóitseálaithe agus Idirghabhálaithe Poist agus comhairleoirí caidrimh fostaíochta, mura luaitear a mhalairt.
7 Ó bhonnlíne 2020.

### Tábla 1: Príomhtháscairí Feidhmíochta Roghnaithe (ar leanúint)

| | Beart | Cuspóir |
|---|---|---|
| Torthaí | Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (trí úsáid a bhaint as an mBeochlár) | · An chomhréir de chuardaitheoirí poist atá dífhostaithe go fadtéarmach a laghdú, anuas ó 3% den lucht saothair in 2019, go dtí 2.8% in 2023 agus 2.5% in 2025[8]. |
| | Dul chun cinn ó Dhífhostaíocht Fhadtéarmach | · **75,000** duine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus a bhfuil tacaíochtaí cuardaitheora poist á bhfáil acu amhail an 01/07/2021 isteach i bhfostaíocht faoin 01/07/2023. |
| | Aistriú sa Mhargadh Saothar a Fheabhsú | · An ráta a laghdú ar a ndéantar daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach de dhaoine a dífhostaíodh le déanaí anuas go dtí a leibhéal 16% roimh an bpaindéim, nó faoina bhun, faoin mbliain 2023[9]. |
| | Ráta Dífhostaíochta Óige | · An ráta dífhostaíochta óige a laghdú anuas go dtí faoi bhun mheánráta 2019 12.5% faoin mbliain 2023[10]. |
| | Torthaí a fheabhsú do na daoine is faide ón margadh saothair, tuismitheoirí aonair agus daoine faoi mhíchumas san áireamh | · Rátaí fostaíochta tuismitheoirí aonair agus daoine faoi mhíchumas a mhéadú aníos ó 63% go dtí 74% faoin mbliain 2025 agus aníos ó 22% go dtí 33%, faoi seach. |

[8] Faighteoirí ÍDP nó LCP/SCP iad cuardaitheoirí poist atá ar an mbeochlár, gan éilimh ócáideacha a áireamh. Meánchéatadáin iad na céatadáin bhliantúla a ghlactar i gcaitheamh 4 ráithe, agus maidir le gach ráithe, ríomhtar iomlán na gcuardaitheoirí poist ag deireadh na ráithe mar chéatadán de mhéid an lucht saothair (gach duine 15 bliana d'aois agus níos sine) sa ráithe sin.
[9] Is é an ráta seo céatadán na ndaoine aonair go léir a bhfuil éilimh nua ar an mBeochlár acu i dtréimhse, gan éilimh ócáideacha a áireamh, a bhí ar an mBeochlár i gcónaí mar éilitheoirí neamhócáideacha ar feadh 12 mhí i ndiaidh a chéile i ndiaidh dóibh éileamh a thosú. Tá an sprioc 16% bunaithe ar an ráta dóibh siúd a dífhostaíodh le déanaí idir Márta 2018 agus Feabhra 2019 (i.e. 12 mhí roimh an bpaindéim). Is airde an céatadán seo daoine aonair ná an céatadán éileamh a ndéantar éilimh fhadtéarmacha díobh.
[10] Meán 2019 bunaithe ar shonraí an tSuirbhé ráithiúil ar an Lucht Saothair (SLS).

# Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair - Beartas Fianaisebhunaithe

Bunaíodh Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair in 2019 chun comhairle a chur ar an Rialtas faoi shaincheisteanna fostaíochta agus margadh saothair. Tugann ballraíocht na Comhairle ionadaithe agus saineolaithe ón tionscal, an saol acadúil, gnó, ceardchumainn agus an tsochaí shibhialta le chéile.

Faoina Téarmaí Tagartha, cuid de shainchúram na Comhairle is ea ionchur agus comhairle ar ***Bealaí chun Oibre*** a fhorbairt a sholáthar don Aire Coimirce Sóisialaí agus an Rialtas, anuas ar mhonatóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn. Chuathas i gcomhairle leis an gComhairle fad a bhí an straitéis seo á cur le chéile agus chuir sí a breathnóireacht ar fáil don Aire. Chabhraigh an bhreathnóireacht seo go mór fad a bhí an straitéis seo á tabhairt chun críche.

Faoin straitéis seo, agus mar chuid den sainchúram seo, tá dualgas ar Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair cabhrú le trí cheist ar leith.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair monatóireacht agus athbhreithniú neamhspleách ar dhul chun cinn faoin straitéis ***Bealaí chun Oibre.***

Beidh dualgas ar an gComhairle, go sonrach, tabhairt faoi athbhreithnithe bliantúla ar dhul chun cinn agus iad a chur faoi bhráid an Aire agus cur le hathbhreithniú agus leasú meántéarma ar an straitéis in 2023. Éascóidh na hathbhreithnithe seo meastóireacht a dhéanamh ar sholáthar agus tionchar na ngníomhartha faoina dtugtar agus cumasóidh siad athmheasúnú a dhéanamh ar riachtanais agus tosaíochtaí fad a thosaíonn margadh saothair na hÉireann le tairbhe a bhaint as an téarnamh geilleagrach níos fairsinge.

**Gníomhartha a Chur ar an Eolas le Fianaise** Tá 'sraith straitéisí' chaighdeánach ar fáil go hidirnáisiúnta chun tacú le cuardaitheoirí poist dífhostaithe a sholáthraíonn idir chomhairle agus chúnamh maidir le cuardach poist trí shocrúcháin oibre, athoiliúint agus scileanna nua a fhoghlaim, fóirdheontais/dreasachtaí earcaíochta, oideachas níos fadtéarmaí agus Scéimeanna Fostaíochta Stáit (Tús/Fostaíocht Pobail, etc.). Bunaítear cur chun feidhme straitéisí on tsraith straitéisí seo, de ghnáth, ar mheasúnú a dhéanamh ar riachtanais gach duine aonair agus ar fhianaise i leith an mhéid a n-éiríonn leis i gcásanna éagsúla.

Tá méid suntasach fianaise ar fáil in Éirinn agus ó áiteanna thar lear chun eolas a chur ar fáil don bhealach ba cheart don tseirbhís freagairt do chabhrú le daoine a dteastaíonn tacaíocht uathu fostaíocht a aimsiú agus a choimeád.

Caithfear an fhianaise seo a athnuachan, a choimeád cothrom le dáta agus caithfidh léargas ag saineolaithe cur leis chun cabhrú lena léirthuiscint agus lena cur i bhfeidhm. Tá dualgas á leagan ar Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair, ar an ábhar sin, tacú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí trí ionchur a sholáthar don anailís ábhartha fhoirmiúil ar thionchar an chláir a shonrú agus a chríochnú.

**Naisc le Fostóirí a Fhorbairt agus a Fheabhsú** Nuair a chuirtear an ionadaíocht fhairsing a dhéantar di, tá dualgas á leagan ar Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair comhairle a chur ar an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi conas is féidir le ***Intreo*** a chur chuige a neartú níos mó i leith idirchaidreamh a dhéanamh le fostóirí agus feasacht a fhorbairt ina measc[11]. Táthar ag iarraidh ar an gComhairle freisin fostóirí a spreagadh oibriú le ***Intreo*** lena chinntiú go gcuirtear deiseanna fostaíochta ar fáil do chuardaitheoirí poist dífhostaithe agus, nuair a bhíonn amhlaidh á dhéanamh, cabhrú lena chinntiú go ndéantar na tacaíochtaí atá ar fáil agus na hatreoruithe go hoideachas agus oiliúint a mheaitseáil le deiseanna fostaíochta réigiúnacha agus limistéir a bhfuil borradh ag teacht orthu.

[11] Bunaíodh foghrúpa Idirchaidrimh le Fostóirí chun cabhrú leis an obair seo.




# 02

# Intreo
## Oibriú do Chuardaitheoirí Poist

# Misean na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí

Go simplí, is é sprioc nó misean ***Intreo***, nó aon Seirbhíse Fostaíochta Poiblí, cabhrú le daoine atá dífhostaithe fostaíocht a aimsiú agus a choimeád. Déanann sé é seo trí oibriú le cuardaitheoirí poist agus le fostóirí.

I gcás cuardaitheoirí poist, is é an cur chuige cabhrú leo forbairt agus cloí le plean dul chun cinn pearsanta ina bhfuil céimeanna chun deiseanna fostaíochta oiriúnacha a shainaithint agus dul san iomaíocht dóibh, glacadh le taithí oibre ábhartha, tabhairt faoi chláir uasoiliúna agus oiliúna, a ngnólacht féin a bhunú, filleadh ar oideachas lánaimseartha, agus páirt a ghlacadh i gcláir fostaíochta pobail/Stáit.

Agus seo á dhéanamh, cuireann ***Intreo*** tacaíocht agus comhairle ar fáil ar féidir leo cabhrú le cuardaitheoirí poist bacainní a shárú atá roimh fhostaíocht agus cúiteamh a sholáthar, ar a laghad go páirteach, do dhifríochtaí sa chaipiteal/sna líonraí sóisialta agus pearsanta ar minic gurb ionann iad agus an difríocht idir fostaíocht a aimsiú nó leanúint de bheith dífhostaithe.

### An fhianaise ar an méid is fearr a n-éiríonn leis

Go ginearálta, tá rogha chaighdeánach 'sraith straitéisí' gníomhartha atá ar fáil do sholáthraithe Seirbhíse Fostaíochta chun cabhrú le cuardaitheoirí poist an margadh saothair a bhaint amach. Cé gurb éagsúil do thuairimí, tugann an fhianaise a fuarthas i ndiaidh an-chuid taighde a dhéanamh go hidirnáisiúnta, a léirítear i staidéar i margadh saothair na hÉireann le blianta beaga anuas freisin, le fios gurb iad na cláir agus na gníomhaíochtaí siúd a bhfuil an ceangal is dlúithe acu leis 'an margadh saothair oscailte' is éifeachtaí ag cabhrú le daoine fostaíocht a fháil agus a choimeád .

Cé go mbíonn torthaí ar staidéar a rinneadh ag amanna éagsúla agus i ndlínsí éagsúla measctha, amanna, tugann siad rangú garbh le fios, ar an iomlán, ar na cuir chuige atá ar fáil, mar seo a leanas:

- Comhairle agus monatóireacht cuardaigh poist
- Socrúcháin oibre/cláir thaithí
- Cláir scileanna sonracha ghearrfhaid
- Dreasachtaí earcaíochta
- Cláir oiliúna/oideachais níos faide
- Scéimeanna Fostaíochta Stáit[12].

Léirítear i staidéar ar éifeachtacht chláir in Éirinn an t-ordú rangaithe garbh seo tar éis gur léiríodh gurb iad socrúchán oibre, comhairle/cúnamh faoi phoist agus fóirdheontais earcaíochta a bhaineann na torthaí is dearfaí amach i dtaobh dul chun cinn go dtí fostaíocht, agus léirítear nach bhfuil cláir oideachais níos fadtéarmaí chomh héifeachtach céanna, ar a laghad idir an gearrthéarma agus an meántéarma[13].

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go léirítear *meántorthaí* sna torthaí seo i measc an chohóirt iomláin chuardaitheoirí poist. Ar an ábhar sin, cé gur cheart go gcuirfidís eolas ar fáil don chur chuige i leith dearadh seirbhíse, tá orainn an cur chuige a shaincheapadh do riachtanais an duine aonair freisin gan a ligean i ndearmad nach n-éireoidh leis sin, a n-éiríonn leis i measc gach duine, i measc an ghnáthchuardaitheora poist nó an chuardaitheora poist thipiciúil.

Mar sin, is iad atreorú chuig Scéimeanna Fostaíochta oideachais agus Stáit, mar shampla, na cuir chuige is cuí le cloí leo i measc roinnt cuardaitheoirí poist, agus is amhlaidh a bheidh siad i gcónaí, díreach faoi mar is rannpháirtíocht i dtaithí oibre nó i gclár gearr oiliúna an cur chuige is fearr le glacadh i measc cuardaitheoirí poist eile.

12 Mar shampla, Scéim Fostaíochta Pobail nó Tús.
13 Measúnuithe cláir na Roinne Coimirce Sóisialaí: https://www.gov.ie/en/organisation-information/5683a-labour-market-


Ar an ábhar sin, tá ar an Stát a chinntiú go bhfuil an tsraith iomlán straitéisí de roghanna ar fáil agus go n-úsáidtear é chun an éifeacht is fearr a bhaint amach. Ar an gcúis seo, baineann ríthábhacht le hacmhainn na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí, agus na próisis a úsáideann an tseirbhís sin, anuas ar eolas agus scileanna a hoibrithe cásanna lena chinntiú, a mhéid agus is féidir go réasúnta, go dtugtar treoir cheart do gach cuardaitheoir poist aonair.

I measc go leor daoine, is é ***Intreo*** an branda a úsáideann an Roinn Coimirce Sóisialaí dá líonra 64 ionad seirbhíse timpeall na tíre. Ach tá níos mó i gceist leis ná an méid sin.

Cuimsítear sa tseirbhís a chuireann ***Intreo*** ar fáil soláthraithe seirbhíse seachtracha ar conradh a sholáthraíonn seirbhísí i mbreis agus 150 láthair.

Áirítear leis cásobair agus seirbhísí comhairleacha pearsanta a chuireann thart ar 1,000 cásoifigeach ar fáil go díreach atá fostaithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí nó atá cistithe an Roinn trína soláthraithe seirbhíse seachtracha ar conradh. Cuimsíonn ***Intreo*** freisin áiteanna agus cláir fostaíochta a sholáthraíonn grúpaí pobail agus áirítear leis seirbhísí agus cláir a sholáthraítear le tacaíocht agus comhoibriú fostóirí agus a gcomhlachtaí ionadaíocha.

Fíor 5:An Líonra / an tÉiceachóras Seirbhíse Fostaíochta Poiblí



Áirítear leis freisin an réimse uirlisí agus seirbhísí a sholáthraítear tríd an líonra seo a sholáthraítear go díreach agus de sholáthraithe seachtracha, cláir shocrúchán oibre (cosúil leis an gClár Socrúcháin Taithí Oibre (an CSTO) nua, ina gcuimsítear an Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige), láithreáin phost ar líne agus seirbhísí meaitseála post (e.g. JobsIreland.ie), fóirdheontais earcaíochta (JobsPlus), cur chun cinn post agus imeachtaí earcaíochta, Deontais Tacaíochta Fiontraíochta, socrúcháin oiliúna agus deontais oiliúna, tacaíochtaí um fhilleadh ar an oideachas agus Scéimeanna Fiontraíochta Stáit san áireamh.

Cuimsítear ann freisin líonra dlúth comhoibrithe le Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna agus Seirbhísí Fiontar Áitiúil an Stáit agus le soláthraithe seirbhíse deonacha, a chomhdhéanann líonra nó éiceachóras Sheirbhís Fostaíochta Poiblí na hÉireann, anuas ar ***Intreo***, i dteannta a chéile.



Is é sprioc nó misean ***Intreo***, nó aon Seirbhíse Fostaíochta Poiblí, cabhrú le daoine atá dífhostaithe fostaíocht a aimsiú agus a choimeád. Déanann sé é seo trí oibriú le cuardaitheoirí poist agus le fostóirí.

Fíor 6: Gnáthshamhail Rannpháirtíochta *Intreo*

## Cuspóir Intreo:
Cabhrú le Daoine Fostaíocht a Aimsiú agus a Choimeád

Cáilítear an duine d'Íocaíocht Chuardaitheora Poist

Intreo

Teastaíonn ón duine an margadh saothair a iontráil/a athiontráil nó post a aimsiú

Arna phróifíliú go staitistiúil chun measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbainfear fostaíocht amach

Cásoifigeach Tiomnaithe a sholáthraíonn réimse tacaíochtaí agus seirbhísí saincheaptha

## TACAÍOCHTAÍ A CHUIRTEAR AR FÁIL

**Riosca Íseal i leith Dífhostaíocht Fhadtéarmach**

- ✓ Físeán Eolais nó Grúpsheisiún Eolais (GSE).
- ✓ Féinchabhair faoi threoir agus treoir maidir le cuardach poist.
- ✓ Má leanann duine aonair a bhfuil Riosca Íseal roimhe/roimpi de bheith dífhostaithe i ndiaidh 6 mhí, gheobhaidh siad na tacaíochtaí céanna a cuireadh ar tairiscint dóibh siúd a bhfuil Riosca Meánach i leith dífhostaíocht fhadtéarmach rompu.

**Riosca Meánach i leith Dífhostaíocht Fhadtéarmach**

Anuas ar thacaíochtaí bunleibhéil a chuirtear ar tairiscint do chohórt ísealriosca:

- ✓ Idirchaidreamh seirbhíse fostaíochta duine ar dhuine.
- ✓ Plean um Dhul chun Cinn Pearsanta.
- ✓ Treoir bhreise agus atreorú chuig tacaíochtaí fostaíochta agus oiliúna.

**Ardriosca i leith Dífhostaíocht Fhadtéarmach (nó níos óige ná 30 bl.)**

Anuas ar na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do na cohóirt ísealriosca agus riosca mheánaigh:

- ✓ Tacaíocht agus idirchaidreamh dian duine ar dhuine le seirbhísí fostaíochta.
- ✓ Is féidir daoine aonair a bhfuil riosca an-ard rompu a atreorú go díreach chuig soláthraithe seirbhíse ar conradh ainmnithe SFP chun tacaíochtaí saincheaptha a fháil a fhreastalaíonn ar a riachtanais ar leith.

**Daoine atá Dífhostaithe go Fadtéarmach**

Incháilithe lena roghnú nó lena n-atreorú chuig:

- ✓ Soláthraí Seirbhíse *Intreo* ar Conradh SFP.
- ✓ EmployAbility.
- ✓ Cláir Fostaíochta Poiblí (Fostaíocht Pobail, Tús).

## FOSTAÍOCHT
nó Atreorú chuig Breisoideachas agus Oiliúint
nó Atreorú chuig an gClár Socrúcháin Taithí Oibre

## FOSTAÍOCHT

Ó pheirspictíocht chuardaitheora poist aonair, léirítear an tseirbhís a sholáthraíonn ***Intreo*** agus a chomhpháirtithe i bhfoirm imlíne go léaráideach i bhFíor 6 ar an leathanach deireanach agus tugtar sonraí breise faoin bpróiseas do chuardaitheoir poist dífhostaithe i mBosca 1.

### Bosca 1: Príomhghnéithe Phróiseas *Intreo* do Dhuine a dhéantar Dífhostaithe

**Céim 1: Tacaíocht Ioncaim:**
Cuirtear tacaíochtaí ioncaim ar fáil do chuardaitheoirí poist trí seirbhís ***Intreo*** trí fhreastal pearsanta ar Ionad Intreo nó ar líne trí MyWelfare.ie.

**Céim 2: Próifíliú agus Measúnú:**
Déantar uirlis staitistiúil phróifílithe, a scrúdaíonn 24 saintréith de chuardaitheoir poist a dífhostaíodh le déanaí, nuair a chuireann duine isteach ar thacaíocht ioncaim agus úsáidtear é leis an dóchúlacht a thuar go n-aimseoidh siad laistigh de 12 mhí.
Forbraíodh an uirlis i gcomhar leis an ITES. Éascaíonn próifíliú an t-idirchaidreamh is déine a dheighilt agus a sholáthar dóibh siúd is faide ón margadh saothair.

**Céim 3: Grúpsheisiún Eolais:** Tugtar cuireadh do gach cuardaitheoir poist nua freastal ar ghrúpsheisiún eolais, de ghnáth laistigh de 1-2 sheachtain tar éis clárú leis an tseirbhís. Cuireann an seisiún eolas seo eolas ar fáil ar an réimse fairsing tacaíochtaí atá ar fáil agus ar an bpróiseas bainistíochta cáis.
Iarrtar ar chuardaitheoirí poist clárú le seirbhís meaitseála poist saor in aisce na Roinne (JobsIreland.ie).

Ceadaíonn an láithreán seo do chuardaitheoirí poist CV struchtúrach a líonadh agus a uaslódáil agus, anuas ar phoist a fhógairt, tá feidhmiúlacht mheaitseála poist ann a chuireann cuardaitheoirí poist ar an eolas nuair a chuirtear post a oireann dá scileanna agus taithí in airde ar an láithreán.

**Céim 4: Idirchaidrimh Cásoifigigh agus Cúnamh le Cuardach Poist:**
Tugtar cuireadh do chuardaitheoirí poist freastal ar chruinnithe duine le duine le Cásoifigigh: cibé acu le Cásoifigigh na Roinne nó, i ndiaidh bheith dífhostaithe ar feadh 12 mhí, le Cásoifigigh atá cistithe ag soláthraithe seirbhíse seachtracha.
Ag an idirchaidreamh seo, déantar Plean um Dhul chun Cinn Pearsanta, ina gcuirtear cúinsí an duine aonair san áireamh, a fhorbairt, a chomhaontú agus a nuashonrú. Tugann an Cásoifigeach cuntas freisin ar na deiseanna poist, cláir fostaíochta agus na deiseanna oiliúna atá ar fáil agus is féidir leo comhairle agus tacaíocht a sholáthar le hiarratais ar phost, CV a fhorbairt agus scileanna agallaimh nó is féidir leo an cliant a atreorú chuig soláthraí seirbhíse seachtrach ar mhaithe leis seo a dhéanamh.
Is féidir cúnamh airgeadais a sholáthar freisin le costais a bhíonn ar oiliúint scileanna gearrfhaid nó agallaimh.

**[Ní hé go bhfuil Céimeanna 5 go dtí 6 in ord, ach déantar iad a chur in oiriúint do riachtanais aonair]**

## Bosca 1:Príomhghnéithe Phróiseas *Intreo* do Dhuine a dhéantar Dífhostaithe

### Céim 5: Scéimeanna/Dreasachtaí Fostaíochta:

Cuirtear roinnt scéimeanna fostaíochta ar tairiscint. Áirítear leo seo scéimeanna a chuireann nasc díreach ar fáil le fostaíocht 'margadh saothair oscailte', *an Clár Socrúcháin Taithí Oibre* nua agus fóirdheontas earcaíochta *JobsPlus* san áireamh.

Is féidir tacaíocht a thabhairt do chuardaitheoirí poist freisin chun féinfhostaíocht a iontráil trí atreorú chuig *an gcóras Oifig Fiontair Áitiúil*, trí *Dheontas Tacaíochta Fiontraíochta* a sholáthar agus trí pháirt a ghlacadh i *Scéim an Liúntais Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair* a chuireann ar chumas oibrithe a n-íocaíocht chuardaitheora poist a choimeád ar feadh tréimhse dhá bhliain fad a bhíonn a ngnólacht féin á chur ar bun acu.

### Céim 6: Atreoruithe Oiliúna:

Mar chuid den idirghníomhú idir an Cásoifigeach agus an cuardaitheoir poist, sainaithneofar deiseanna do dhuine oiliúint agus cláir eile a thosú a chuireann *na Boird Oideachais agus Oiliúna, na Coláistí Teicneolaíochta agus na hOllscoileanna* ar fáil.

*Áirítear leo seo Scileanna chun Dul san Iomaíocht, Springboard agus Skillnet Ireland*.

Déanfaidh an Cásoifigeach an t-atreorú agus cuirfidh siad cúnamh ar fáil leis na foirmeacha iarratais riachtanacha a líonadh.

Cuirfear Deontais Tacaíochta Oiliúna ar fáil do Chuardaitheoirí Poist freisin ina sainaithnítear cláir ábhartha a sholáthraíonn soláthraithe oiliúna príobháideacha.

### Céim 7: Tacaíocht d'oideachas níos fadtéarmaí:

Tacaítear le duine a bhféadfadh filleadh ar oideachas lánaimseartha tríú nó dara leibhéal a bheith cuí dóibh tríd *an Scéim um Fhilleadh ar Oideachas* atá ar oscailt d'iarratasóirí atá dífhostaithe ar feadh naoi mí nó níos faide.

### Céim 8: Atreoruithe chuig Scéim Fostaíochta Stáit:

Is féidir le daoine a bhfuil bacainní níos mó rompu agus/nó a bhí dífhostaithe ar feadh roinnt ama a atreorú chuig Scéimeanna Fostaíochta Stáit, cosúil le *Fostaíocht Pobail agus Tús*.

Cuireann iad seo gníomhaíocht ghairm bheatha ar fáil a bhaineann tairbhí amach do phobail áitiúla agus is féidir leo tacú freisin le huasoiliúint agus oiliúint (e.g. i gcúram leanaí) ar féidir leo céim chun cinn a sholáthar a fhad le fostaíocht lánaimseartha.

Anuas ar na céimeanna seo, déantar cuardaitheoirí a mheaitseáil le folúntais phoist a chuireann fostóirí in iúl, is féidir leo foláirimh phoist agus chláir a fháil, (foláirimh san áireamh maidir le hoiliúint agus áiteanna ar Scéim Fostaíochta Stáit), agus tugtar cuireadh dóibh go tréimhsiúil freastal ar imeachtaí agus seimineáir um chur chun cinn post.

# Soláthar Seirbhíse i dTimpeallacht COVID-19 / Iar-COVID-19

Cur chuige a bhfuil bunús maith leis í an tsamhail soláthair seirbhíse a bhfuil cuntas tugtha uirthi thuas agus tá a mhacasamhail á húsáid i bhformhór na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí timpeall an domhain. Cur chuige é a d'oibrigh go héifeachtach mar fhreagairt don chúlú eacnamaíochta deireanach.

Cé gur mar an gcéanna a bheidh na croíghnéithe, nuair a chuirtear na dúshláin san áireamh a shainaithnítear i gCaibidil 1, beidh an cur chuige a ghlacann ***Intreo*** le cur in oiriúint ar sheacht mbealach, ar a laghad.

1. Chun freagairt don dúshlán acmhainne agus scála, méadófar acmhainn Chásoifigeach chun freastal ar mhéideanna méadaithe cliant agus méadófar an méid áiteanna scéime agus cláir fostaíochta freisin.

2. Leis an ngá atá le freagairt ar scála freisin, cisteofar áiteanna breise oiliúna, socrúchán oibre agus forbartha, ar Scéimeanna Fostaíochta Stáit san áireamh, agus déanfar na cláir féin a oiriúnú chun scála agus cineál an dúshláin fostaíochta a thabhairt san áireamh.

3. Chun freagairt do dhúshlán an tsoláthair sheirbhíse dhigitigh, déanfar an úsáid a bhaintear as roghanna ar líne agus eile idirchaidrimh a fhairsingiú. Freagróidh seo d'iompar agus roghanna athraitheacha, a eascraíonn as úsáid níos mó a bhaint as cainéil dhigiteacha soláthair seirbhíse i rith COVID-19, ar fud seirbhísí poiblí san áireamh.

4. Chun déileáil leis an dúshlán a bhaineann le seirbhís phearsantaithe a sholáthar agus solúbthacht/inoiriúnaitheacht a léiriú agus an gá á chur san áireamh atá leis an tseirbhís déileáil go héifeachtach le cliaint ó réimse cúlraí agus le réimse cumais, feabhsóidh sé próifíliú cliant chun an tseirbhís a phearsantú.

5. Chun oiriúnú don timpeallacht sheachtrach, chun leas a bhaint as soláthar digiteach agus seirbhís phearsantaithe a sholáthar ag an am céanna do chliaint, oiriúnóidh ***Intreo*** a struchtúr féin eagraíochta inmheánach, cuirfidh sé dlús breise leis an infheistíocht i mbainistíocht agus forbairt ghairmiúil an chaidre foireann Cásoifigeach agus feabhsóidh sé cur chun cinn a sheirbhíse do chuardaitheoirí poist.

6. Lena chinntiú gur féidir le cuardaitheoirí poist na scileanna riachtanacha ionad oibre a fhoghlaim, infheisteoidh ***Intreo*** in anailís a dhéanamh ar riachtanais mhargadh saothair, comhordóidh sé gníomhaíochtaí ar fud *Intreo* agus cinnteoidh sé go ndéanfar aistriú réidh eatarthu agus an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna.

7. Nuair a chuirtear an dúshlán san áireamh a bhaineann le fostóirí a chomhaistriú, beidh ar ***Intreo*** infheistiú breise a dhéanamh in **idirchaidreamh agus i gcur chun cinn seirbhísí le fostóirí**. (féach: Caibidil 3).

### Freagairt ar Scála - Acmhainn Chásoifigeach a Mhéadú

Tá beagán faoi bhun 1,000 Cásoifigeach fostaithe faoi láthair go díreach nó trí sholáthraithe seirbhíse seachtracha ar conradh, b'ionann an meánriar cásanna a bhí ag Cásoifigigh sa tréimhse roimh COVID-19 (an líon iomlán daoine ar an mBeochlár agus ar chláir roinnte faoin líon iomlán Cásoifigeach) 200 duine, nó thart air sin, in aghaidh an Chásoifigigh agus tháinig laghdú air ina dhiaidh sin.

Glactar leis go hidirnáisiúnta gurb ionann riar cásanna iomlán 150-200 cuardaitheoir poist in aghaidh an Chásoifigigh agus an líon ceart, a bheag nó a mhór, faoi réir teorainn riar cásanna gníomhach thart ar 100:1. Léiríonn an difríocht an chaoi go n-iontrálfaidh agus go bhfágfaidh go leor cuardaitheoirí poist an Beochlár gan ach idirchaidreamh íosta a bheith le déanamh le Cásoifigigh.

In Éirinn roimh COVID-19, ba é an meánriar cásanna 'gníomhach' thart ar 130,00014 agus bhí cóimheas idir 90:1 agus 130:1 i gceist dá bharr, agus tháinig laghdú air sin ina dhiaidh sin. Sa chomhthéacs sin, bhí breithniú á dhéanamh ar an leibhéal de thoilleadh acmhainne ar conradh a laghdú anuas.

Nuair a chuirtear an t-athrú suntasach san áireamh a tháinig ar leibhéil dífhostaíochta, tuartar go mbeidh riar cásanna de bhreis ar 300,000 ag an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí faoi dheireadh 2021 agus isteach in 2022, gan aistrithe féideartha a áireamh ón Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta.15, 16.
Sáraíonn an leibhéal seo riar cásanna leibhéal, a bhfuil súil leis nach mairfidh sé i bhfad, toilleadh reatha *Intreo* chun freagairt dó.
Ar an gcúis seo, geallann an Rialtas anois toilleadh *Intreo* a mhéadú trí oifigí *Intreo* agus seirbhísí ar conradh na Roinne Coimirce Sóisialaí:

#### Gealltanas 1:

- ✓ Acmhainn riar cásanna Sheirbhís Fostaíochta Poiblí *Intreo* (ar conradh agus intí) a mhéadú faoi 100,000 cuardaitheoir poist sa bhliain aníos go dtí breis agus 200,000 sa bhliain, trí 150 Cásoifigeach breise atá fostaithe go díreach a shannadh laistigh de *Intreo* an RCS17.

#### Gealltanas 2:

- ✓ Toilleadh acmhainne soláthair seirbhíse ar conradh a choimeád agus cistiú seirbhísí fostaíochta áitiúla/réigiúnacha a mhéadú chun cumhdach iomlán náisiúnta a sholáthar.

#### Gealltanas 3:

- ✓ Anuas ar ghlacadh le hatreoruithe cliant atá dífhostaithe go fadtéarmach, iarrfar ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha freisin oibriú leo siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste dár gcliaint atá dífhostaithe go gearrthéarmach (dífhostaithe ar feadh níos giorra ná bliain amháin).

#### Gealltanas 4:

- ✓ Oibriú le faighteoirí Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime i rith na céime idirthréimhsí mar gheall go ndéantar tacaíochtaí sealadacha Stáit COVID-19 a chiorrú de réir a chéile trí thacaíochtaí fostaíochta a sholáthar don chohórt seo daoine dífhostaithe chun cabhrú leo an fhostaíocht a bhaint amach arís de réir mar a bhaineann an geilleagar téarnamh amach.

14 Thart ar 90,000 duine dífhostaithe ar feadh breis agus 6 mhí agus 40,000 duine páirteach i gcláir sa mhargadh saothair gníomhach.
15 Bunaítear an meastachán seo ar threochtaí an Bheochláir agus ar anailís ar fhaighteoirí fadtéarmacha Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime ag tráth an scríofa. 16 Chun plé breise a dhéanamh ar na tuartha dífhostaíochta, féach an Páipéar Teicniúil ***Bealaí chun Oibre*** a scrúdaíonn an comhthéacs reatha geilleagrach le sonraí breise.
17 Ó bhonnlíne 2020.

Tacaíonn na moltaí a dhéantar in ***Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2020*** a d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta, leis na gealltanais ar an leathanach deireanach, a mholann toilleadh breise ***Intreo*** trí Chásoifigigh bhreise a sholáthar ar mhaithe le cuardach poist agus tacaíochtaí fostaíochta do chuardaitheoirí poist.

Tá siad ar aon dul, chomh maith, leis na moltaí a rinne Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair ina tuarascáil, ***'Ullmhú do Théarnamh Geilleagrach*** a foilsíodh i Meitheamh 2020, a aithníonn an gá atá le soláthar seirbhíse seachtrach ar conradh a shíneadh.

### Freagairt ar Scála - Acmhainn an Chláir a Mhéadú

Teastaíonn acmhainn Chásoifigeach a mhéadú ach freagairt neamhleor é, ann féin, don dúshlán scála. Ar an ábhar sin, cé gurb é chéad cuspóir aon idirchaidrimh le cuardaitheoir poist cabhrú leo filleadh ar an obair agus post a aimsiú a thapúla agus is féidir agus béim ar chomhairle faoi chuardach poist agus meaitseáil poist, ar an gcéad dul síos, beidh orainn acmhainn soláthair seirbhíse a mhéadú freisin i measc na gclár uile fostaíochta agus oiliúna.

Teastaíonn gníomh uaidh seo i roinnt limistéar:

- is gá an líon áiteanna oiliúna, cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí atá ar fáil a mhéadú,
- oibriú le fostóirí chun an Clár Socrúcháin Taithí Oibre nua a thabhairt isteach chun níos mó áiteanna taithí oibre a sholáthar, agus ní hamháin do dhaoine óga,
- cáilitheacht a fhairsingiú agus cistiú a mhéadú d'fhóirdheontais earcaíochta,
- an fháil a fhairsingiú atá ar áiteanna sa Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, agus
- acmhainn agus cistiú Scéimeanna Fostaíochta Stáit a mhéadú.



Bunaithe ar chomhairle ó Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair, sholáthair an Rialtas cistiú breise i measc na mbeart uile seo mar chuid de Spreagadh Post mhí Iúil.
Táthar ag cur leis na bearta seo agus táthar á síneadh anois mar seo a leanas:

**Gealltanas 5:**

- ✓ 50,000 áit bhreise a chistiú i mbreisoideachas agus ardoideachas, Scileanna chun Dul san Iomaíocht, Skillnet Ireland, Springboard+ agus an Tionscnamh Caipitil Daonna san áireamh.

**Gealltanas 6:**

- ✓ An líon iomlán sin de chlárúcháin phrintíseach nua a mhéadú aníos go dtí ar a laghad 10,000 clárúchán sa bhliain faoin mbliain 2025, ar aon dul le gealltanas sa Phlean Gníomhaíochta don Phrintíseacht 2021-2025.

**Gealltanas 7:**

- ✓ Líon na n-áiteanna i gCláir Thaithí Oibre a mhéadú faoi 10,000.

**Gealltanas 8:**

- ✓ Luach uasta agus cistiú an Deontais Tacaíochta Oiliúna a mhéadú aníos ó €500 go €1,000 in aghaidh an deontais a rachaidh chun sochair 12,500 cuardaitheoir poist sa bhliain.

**Gealltanas 9:**

- ✓ Rannpháirtíocht agus cistiú i gcláir um Fhilleadh ar Oideachas a mhéadú aníos go dtí 7,700 áit (faoi stiúir éilimh).

**Gealltanas 10:**

- ✓ Cistiú agus áiteanna a mhéadú do ghnólachtaí nuathionscanta fiontraíochta agus é ina sprioc tacú le 4,200 cuardaitheoir poist chun a ngnólacht féin a thosú (faoi stiúir éilimh)[18].

**Gealltanas 11:**

- ✓ Cistiú agus áiteanna ar Scéimeanna Fostaíochta Stáit a mhéadú, cosúil le Fostaíocht Pobail, chun tacú le 3,000 áit bhreise dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair.

[18] Tá seo anuas ar chláir a chistíonn agus a bhainistíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

## An tSeirbhís a Nuachóiriú - Glacadh le Soláthar Digiteach

Chun éifeachtacht a fheabhsú agus éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach, bainfidh ***Intreo*** úsáid níos fearr as an réimse cainéal digiteach atá ar fáil i gcaitheamh shaolré na straitéise lena chinntiú go ndéanann na tacaíochtaí agus seirbhísí a chuirtear ar tairiscint féidearthacht na teicneolaíochta agus ardán fíorúil a bharrfheabhsú (a chuirfidh le teagmháil a dhéantar i bpearsan). Ní hamháin go méadóidh seo acmhainn agus éifeachtúlacht na seirbhíse ach freagróidh sé freisin do roghanna cliaint atá ag teacht chun cinn i dtaobh idirghníomhú atá cumasaithe ó thaobh cúrsaí digiteacha de.

Tá dul chun cinn maith déanta cheana féin ag an Roinn Coimirce Sóisialaí i dtaobh go leor seirbhísí leasa a sholáthar ar líne, agus thosaigh sé leis an bpróiseas lena mbaineann roghanna ar líne a fhorbairt agus a sholáthar d'íocaíochtaí cuardaitheora poist agus do sheirbhísí fostaíochta.

Is é an rogha samhail soláthair seirbhíse fostaíochta aghaidh ar aghaidh, ach go háirithe i measc daoine a bhfuil na deacrachtaí is mó acu poist a aimsiú. Tugann an taithí thosaigh le fios i dtaobh seirbhísí fostaíochta a sholáthar i rith na paindéime go hidirnáisiúnta agus go hintíre araon gur féidir le soláthar seirbhíse ar líne a bheith éifeachtach freisin.

Mar shampla, ó tugadh isteach iad sa dlínse seo in 2020, cuireadh seisiún eolais ar líne ar fáil do roinnt grúpaí fostaithe a ndearna fógraí iomarcaíochta mórscála difear dóibh. Cuireadh roinnt Imeachtaí um Chur chun Cinn Post ar líne ar siúl freisin; agus fuair gach ceann aiseolas dearfach. Ba í an tseachtain Oibre agus Scileanna a cuireadh ar siúl in Aibreán 2021 an t-imeacht ba dhéanaí a reáchtáladh agus chláraigh breis agus 7,000 duine chun freastal air.

D'fhill cásoifigigh, i ndiaidh gur imlonnaíodh iad chun éilimh Dhífhostaíochta Paindéime a phróiseáil agus tacú leo nuair ba mheasa an phaindéim ar dhualgais chásoibre agus, cé go raibh siad ag cianoibriú, tá idirchaidreamh á dhéanamh acu athuair lena gcliaint trí chruinnithe guthánbhunaithe a úsáid. Ghlac cásoifigigh ag soláthraithe seirbhíse seachtracha lena mhacasamhail de chur chuige. Tá an rogha ag cuardaitheoirí poist atá cláraithe le MyWelfare.ie freisin chun a bPlean um Dhul chun Cinn Pearsanta a ullmhú agus a athbhreithniú ar líne. Anuas air sin, tá físeán ar líne Grúpa Eolais ar fáil anois do gach cuardaitheoir poist. D'fhorbair ***Intreo*** ar a dtugtar samhail 'idéaithe' nó 'coincheapa' freisin do shamhail soláthair seirbhíse a bheidh cumasaithe ó thaobh cúrsaí digiteacha de amach anseo, idirchaidreamh físeánbhunaithe agus roghanna atá bunaithe ar fhéinseirbhís san áireamh (Fíor 7 thall).

## Fíor 7: Idéú na samhla soláthair seirbhíse dhigitigh




**Iarratas a dhéanamh ar Íocaíocht Chuardaitheora Poist**
Déan iarratas ar MyWelfare





**Na chéad chéimeanna sa phróiseas**
Fógraí faoi na chéad chéimeanna




**Féach ar fhíseáin eolais**
Brabhsáil acmhainní um filleadh ar an obair




**Noid agus leideanna**
Noid chun ionduchtú chuig seirbhísí fostaíochta a chur chun cinn




**An chéad chruinniú sceidealaithe**
Bronnadh an chéad Iarratas sceidealaithe 1:1




**An chéad chruinniú 1:1**
Comhaontú ar Phlean um Dhul chun Cinn Pearsanta Teacht ar thacaíochtaí oiliúna agus oideachais




**Tacaíocht leanúnach**
Idirchaidreamh Leanúnach le Seirbhísí Fostaíochta




**Aimsíodh post**




**Cuir an RCS ar an eolas**
Dún éileamh agus críochnaigh an ceistneoir fágála




**An gá duit filleadh?**
Fill ar MyWelfare chun iarratas a dhéanamh arís

- Cruthaigh áit amháin ar MyWelfare ar féidir leis na custaiméirí go léir teacht air agus é a úsáid
- Ábhar a fheabhsú chun é a dhéanamh níos mealltaí agus dúbláil iontráil sonraí a laghdú sa chás gur féidir
- Tacú le níos mó idirghníomhú agus idirchaidrimh i measc oifigeach le custaiméirí chun tacaíocht bhreise a sholáthar don chustaiméir

Cuirfear dlús leis an obair seo faoin straitéis seo, fad a dhéanfar idirchaidreamh aghaidh ar aghaidh idir oibrithe cásanna agus cuardaitheoirí poist athuair. Is é an cuspóir seirbhís chumaiscthe a sholáthar ina bhfuil cruinnithe agus idirchaidreamh i bpearsan agus ar líne araon. Mar shampla, d'fhéadfadh cruinnithe tosaigh agus cruinnithe tréimhsiúla athbhreithnithe (e.g. gach ráithe) titim amach ar bhonn 'i bpearsan' idir cliant agus Cásoifigeach, agus tá cruinnithe idir an dá linn le cur ar siúl ar líne trí chainéil físchomhdhála ar líne.

Chun aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir seo, geallann an Rialtas don mhéid seo a leanas a dhéanamh:

**Gealltanas 12:**

- ✓ Idirchaidreamh aghaidh ar aghaidh a chur ar siúl arís idir Cásoifigigh agus cuardaitheoirí poist a luaithe agus is féidir ar bhealach sábháilte a chloíonn leis na treoirlínte sláinte poiblí go léir.

**Gealltanas 13:**

- ✓ Cur leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus meicníochtaí soláthair seirbhíse ar líne a fhorbairt níos mó trí JobsIreland.ie agus MyWelfare.ie.

**Gealltanas 14:**

- ✓ Próiseas cumaiscthe soláthair seirbhíse fostaíochta ar líne agus i bpearsan a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí ghealltanais 12 agus 13.

**Gealltanas 15:**

- ✓ Ionaid ***Intreo*** a athmhúnlú faoi mar is cuí chun acmhainn féinseirbhíse a chur san áireamh.

**Gealltanas 16:**

- ✓ Leanúint le seimineáir agus Imeachtaí um Chur chun Cinn Post ar líne a fhorbairt agus a sholáthar chun tacú le cuardaitheoirí poist agus fostóirí i rith an phróisis chuardaigh poist agus earcaíochta.



## Solúbthacht agus Inoiriúnaitheacht - Seirbhís Phearsantaithe a Sholáthar

Baineann an tseirbhís a sholáthraíonn ***Intreo***, na soláthraithe seirbhíse seachtracha san áireamh, toradh maith amach go comhsheasmhach sa taighde a dhéantar ar shásamh agus rianú custaiméirí. Is dearfach an rud é seo agus léiríonn sé acmhainn agus gairmiúlacht fhoireann na seirbhísí fostaíochta.

Níl an margadh saothair statach, áfach. Tá athrú síoraí ag teacht ar an réimse post, castacht an chaidrimh fostaíochta agus socruithe oibre, anuas ar phróifíl chuardaitheoirí poist. Ní raibh go leor de na róil agus na gairmeacha atá sa mhargadh saothair anois ann deich mbliana ó shin. Tá méadú suntasach tagtha ar an meánleibhéal de ghnóthachtáil oideachais chuardaitheoirí poist i rith na tréimhse sin, agus tá méadú an-tapa tagtha ar ionchais i dtaobh caighdeáin seirbhíse, agus an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht dhigiteach agus féinseirbhíse – anuas ar acmhainn agus ullmhacht go leor daoine chun féinfhreastal a dhéanamh ar líne.

## Eolas a sholáthar do phearsantú seirbhíse

Tá baint lárnach ann seo uile, agus is é príomhinniúlacht Choitseálaí Post/Chásoifigigh mhaith agus seirbhíse fostaíochta, i ndeireadh na dála, tairiscint na seirbhíse a chur in oiriúint (treoir, socrúchán, oiliúint, etc.) go bhfreastalóidh sé ar riachtanais chuardaitheoirí poist aonair. Eascraíonn seo as oiliúint agus taithí mhaith ach is féidir le modheolaíochtaí próifílithe agus uirlisí measúnaithe staitistiúla eolas a sholáthar dó freisin.

Ón mbliain 2012, tá úsáid á baint ag ***Intreo*** as uirlis phróifílithe a forbraíodh leis an ITES chun measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbainfidh cuardaitheoir poist dífhostaithe fostaíocht amach i rith na chéad 12 mhí eile (ar a dtugtar Dóchúlacht Fágála (PEX)). Éascaíonn próifíliú cliaint nua a dheighilt ar an gcéad leibhéal isteach iontu siúd a bhfuil dóchúlacht Íseal, Mheánach nó Ard acu go n-aimseoidh siad obair agus cuireann seo eolas ar fáil do mhinicíocht an idirchaidrimh thosaigh.

Cé go dtugann an t-eispéireas le fios go bhfuil seo an-chruinn i dtaobh torthaí a thuar, meastóireacht statach é atá bunaithe ar 24 saintréith (aois, inscne, cúinsí teaghlaigh, taithí oibre roimhe seo, cáilíochtaí oideachais etc.) agus cé go bhfuil sé áisiúil chun deighilt tosaigh a dhéanamh, is beag treoir a sholáthraíonn sé do Chásoifigeach maidir le buninniúlachtaí nó bunspéiseanna duine. Cuireann Seirbhísí Fostaíochta Poiblí i roinnt tíortha eile, agus roinnt de na soláthraithe seirbhíse seachtracha in Éirinn, le daoine a phróifíliú bunaithe ar shaintréithe inbhraite agus úsáidtear ceistneoir pearsanta struchtúrach chun na gnéithe 'níos boige' seo de phróifíl duine a mheasúnú.

Tá idirchaidreamh á dhéanamh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi láthair leis an ITES i dtaobh taighde a rinneadh chun samhail phróifílithe na Dóchúlachta Fágála (PEX) a athchalabrú chun ár n-eispéireas le hocht mbliana anuas a chur san áireamh.

Anuas air sin, beartaítear taighde a dhéanamh ar uirlis phróifílithe iomlánaíoch a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a úsáidfidh Cásoifigigh/Cóitseálaithe Poist chun comhsheasmhacht a chur chun cinn sa chur chuige i measc an chaidre Cásoifigeach/ Cóitseálaithe Poist agus cabhrú leo tuiscint a fhorbairt air sin ar fearr a n-éireodh leis i measc gach duine dá gcliaint.

Geallann an Rialtas an méid seo a leanas a dhéanamh, dá réir:

**Gealltanas 17:**

- ✓ Samhail deighilte reatha na Dóchúlachta Fágála (PEX) a athbhreithniú agus a nuashonrú.

**Gealltanas 18:**

- ✓ Uirlis iomlánaíoch dhiagnóiseach a fhiosrú agus, más cuí, a fhorbairt chun tacú le Cásoifigigh ***Intreo*** sa mheasúnú a dhéanann siad ar riachtanais chuardaitheora poist aonair.



### An eagraíocht a oiriúnú, infheistiú san fhoireann agus an tseirbhís a chur chun cinn

Cruthaíonn na forbairtí uile seo dúshláin do ***Intreo*** agus dá líonra comhpháirtithe. Rinneadh infheistíocht mhór laistigh de ***Intreo*** chun cláir oideachais ghairmiúla agus chreidiúnaithe a fhorbairt chun tacú le Cásoifigigh chun coimeád sna sála ar an leibhéal riachtanach eolais agus é a fhorbairt. Tá clár Leibhéal 7 naoi mí i bhfeidhm le Coláiste Náisiúnta na hÉireann; táthar ag tacú le Cásoifigigh chun an clár seo a chríochnú agus tá ar gach Cásoifigeach nua an clár seo a chríochnú. Díríonn sé ar an mbuneolas agus na bunscileanna a theastaíonn ó Chásoifigeach chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhealach dearfach leis an réimse fairsing cuardaitheoirí poist dífhostaithe a dtagann siad orthu: idir daoine breacaosta atá faoi mhíbhuntáiste trom sóisialta agallamh daoine breacaosta ardcháilithe ar deacair dóibh agallamh a fháil.

Níl ann seo ach an chéad chéim in aistriú i dtreo samhla d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a thabharfaidh Cásoifigigh cothrom le dáta agus a chur ar a gcumas coimeád sna sála ar chineál athraitheach an mhargaidh shaothair. Beidh feabhas le cur air trí chúrsaí forbartha gearrfhaid/pearsanta leanúnaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a sholáthraítear ar bhonn leanúnach a chuirtear in oiriúint bunaithe ar ábhair ar leith, cosúil le hearcaíocht ar líne agus iarratais poist agus teicnící nua-aimseartha CV agus agallaimh.

Geallann an Rialtas an méid seo a leanas a dhéanamh, dá réir:

**Gealltanas 19:**

- ✓ Infheistiú i bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus é a leabú mar chroíghné de Chásoifigigh laistigh de ***Intreo***.

**Gealltanas 20:**

- ✓ Cur leis an riachtanas chun creidiúnú Leibhéal 7, nó a chomhionann, a bhaint amach le haghaidh cásoibre i measc sholáthraithe seirbhíse seachtracha na Roinne.

### Atheagrú chun tacaíocht a chur in oiriúint agus an díriú a neartú

Mar chuid den chur chuige ina soláthraítear seirbhís shaincheaptha, agus freagairt don dúshlán scála, is gá an tsamhail seirbhíse féin a athrú chun an t-ualach iomlán a bhaint a chruthaíonn déileáil le gach cuardaitheoir poist de na Cásoifigigh an-taithíocha agus an-oilte chun gur féidir leo a gcuid ama agus a gcumas a dhíriú ar na daoine siúd is mó a dteastaíonn a gcabhair leo. Is éard a bhainfidh leis seo aistriú chuig samhail 'Cásoifigeach/Cóitseálaí Poist' ina sanntar roinnt dualgas do Chásoifigigh agus ina sanntar tascanna eile do Chóitseálaithe Poist.

Faoin tsamhail seo, tabharfaidh Cásoifigigh faoi dhiagnóisic thosaigh fhormhór na gcuardaitheoirí poist a thagann i láthair na seirbhíse agus cabhróidh sé leo a bPlean um Dhul chun Cinn Pearsanta a fhorbairt. A luaithe a dhéantar é seo, cuirfidh Cóitseálaithe Poist an tseirbhís leanúnach forbartha agus treorach gairm bheatha ar fáil ansin do chuardaitheoirí poist a meastar go bhfuil dóchúlacht níos airde ann go n-aimseoidh siad fostaíocht agus é mar sprioc dheiridh fostaíocht a bhaint amach trí oibriú leo a bPlean um Dhul chun Cinn Pearsanta a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air.

I rith agallaimh aghaidh ar aghaidh, fiosróidh Cóitseálaithe Poist réimse roghanna agus tacaíochtaí fostaíochta leis an gcuardaitheoir poist agus cuirfidh siad comhairle orthu ar roghnú agus úsáid roghanna. Déanfaidh cóitseálaithe cuardaitheoirí poist a atreorú freisin chun tabhairt faoi idirghabháil eile – ar nós oideachais/oiliúna – sa chás gur cuí. Leanfaidh cásoifigigh a bheith bainteach, iompróidh siad líon a gcás féin (a dhíríonn ar na daoine is faide ón margadh saothair) agus casfaidh siad le gach cuardaitheoir poist, agus leo siúd ach go háirithe a meastar go bhfuil ardleibhéal de riachtanas acu, ar bhonn tréimhsiúil.

Déanfaidh aistriú chuig samhail Chásoifigigh/Chóitseálaí Poist agus tús áite a thabhairt d'fhorbairt phearsanta Cásoifigeach agus Cóitseálaithe Poist díriú seirbhíse a neartú a bhfuil meas mór air cheana féin lena chinntiú go gcoimeádann sé sna sála ar fhorbairtí sa mhargadh saothair. Anuas air sin, lena chinntiú gur féidir le foirne bainistíochta ionaid ***Intreo*** a mhéid ama agus fuinnimh agus is féidir a chaitheamh ar sholáthar seirbhíse fostaíochta, beartaítear dlús a chur le roghanna ar líne a fhorbairt d'éilimh agus íocaíochtaí cuardaitheora poist, agus, i gcomhthráth, an méid ar a dtugtar samhail oibre 'oifig thosaigh/cúloifig' a thabhairt chun cinn níos mó. Mar gheall air seo, laghdófar an forchostas bainistíochta atá ar idirbhearta próiseála éileamh ardmhéid, agus cuirfidh sé ar chumas bainisteoirí áitiúla agus réigiúnacha níos mó ama agus fuinnimh a dhíriú isteach i seirbhísí fostaíochta a bhainistiú i rith na chéad 12/24 mí ríthábhachtach eile amach romhainn.

Ina thaobh seo, beartaítear trédhearcacht a thabhairt isteach i méadracht feidhmíochta a thuairisciú agus a fhoilsiú. Anuas ar a chumasú go ndéanfar measúnú ar na spriocanna náisiúnta i dtaobh aschuir agus torthaí ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, cinnteoidh sé freisin gur féidir éifeachtúlacht na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí a mheasúnú go neamhchlaonta agus go gcuirfidh sé le dearadh agus forbairt na seirbhíse amach anseo. Déantar é seo cheana féin i gcás seirbhísí áirithe ar conradh ach ní léirítear é i measc na ngnéithe uile de sholáthar seirbhíse.

Go hachomair, geallann an Rialtas an méid seo a leanas a dhéanamh anois:

**Gealltanas 21:**

- ✓ Samhail chásoibre Cásoifigigh / Cóitseálaí Poist a fhorbairt agus a thabhairt chun cinn laistigh de ***Intreo***.

**Gealltanas 22:**

- ✓ Dlús a chur le roghanna éilimh ar líne a fhorbairt agus an tsamhail oibre 'oifig thosaigh/chúloifige' a thabhairt chun cinn níos mó lena chur ar chumas ionaid **Intreo** aird níos mó a dhíriú ar sholáthar seirbhíse fostaíochta.

**Gealltanas 23:**

- ✓ Bearta réigiúnacha agus áitiúla a dhéanamh de spriocanna náisiúnta d'fheidhmíocht ***Intreo*** agus feidhmíocht a thuairisciú ar bhonn ráithiúil.

### Teagmháil a Dhéanamh – Úsáid na Seirbhíse a Chur chun Cinn agus a Spreagadh

Cé gur coinníoll riachtanach cáilitheach é idirchaidreamh le seirbhísí fostaíochta in Éirinn, faoi mar atá i dtíortha uile an ECFE, nach mór, chun íocaíocht chuardaitheora poist a fháil, oibríonn ***Intreo***, a mhéid agus is féidir, ar bhealach atá dírithe ar chustaiméirí.

A luaithe a dhéantar teagmháil i dtosach ag an tráth a dhéanann duine iarratas ar íocaíocht chuardaitheora poist, lorgaíonn ***Intreo*** freastal ar an gcliant, agus caidreamh comhoibritheach agus tacúil a fhorbairt leis an gcliant.
Ceaptar gur deis dhearfach é caidreamh ina gcaitear le hidirchaidreamh leis an tseirbhís, faoi mar ba cheart, chun teacht ar chabhair agus tacaíocht ghairmiúil agus é mar aidhm dheiridh post a aimsiú. Ní thugann sin le fios nach gcuirtear coinníollacht i bhfeidhm agus, sa líon an-bheag cásanna nach ndéanann cuardaitheoirí poist idirchaidreamh leis an tseirbhís agus nuair is soiléir nach bhfuil siad ag lorg obair a aimsiú ná feabhas a chur ar a n-ionchais chun obair a aimsiú, nach mbeidh teacht ar íocaíochtaí cuardaitheora poist srianta.

Ní hé seo éiteas ná cultúr uileghabhálach na seirbhíse, áfach, faoi mar a chuirtear i láthair amanna. Is tábhachtach, ar an ábhar sin, cultúr inmheánach "seirbhís do chustaiméirí" a neartú agus an cultúr seo a aithint go seachtrach trí sheirbhís ***Intreo*** a chur in iúl agus a chur chun cinn i gceart agus go héifeachtach.

Chun béim a leagan ar chineál dearfach agus comhoibritheach na seirbhíse agus teacht saoránach a chur chun cinn ar agus úsáid a bhaint as, an tseirbhís, geallann an Rialtas anois don mhéid seo a leanas:

**Gealltanas 24:**

- ✓ Na soláthraithe Seirbhíse Fostaíochta Poiblí go léir faoi bhranda ionad ilfhreastail ***Intreo*** a chomhcheangal chun feabhas a chur ar eispéireas an chustaiméara deiridh ar an réimse seirbhísí.

**Gealltanas 25:**

Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun seirbhísí ***Intreo*** a chur chun cinn, tríd an méid seo a leanas ina measc:

- ✓ Eolas spriocdhírithe a sholáthar, i measc ardáin dhigiteacha, ar an réimse tacaíochtaí ***Intreo*** atá ar fáil do chách.
- ✓ Forbairt bhreise a dhéanamh ar MyWelfare.ie agus ar ardáin reatha dhigiteacha chun teacht feabhsaithe ar líne a sholáthar ar thacaíochtaí gníomhachtaithe agus fostaíochta.
- ✓ An láithreán gréasáin Gov.ie (leas agus obair) a fhorbairt níos mó chun eolas soiléir agus inrochtana a sholáthar agus billeáil chothrom nó 'comhbhilleáil' a sholáthar do sheirbhísí fostaíochta agus leasa.
- ✓ Grúpaí páirtithe leasmhara agus abhcóideachta a chur ar an eolas agus tacú leo chun tairbhí na seirbhíse a chur in iúl agus a chur chun cinn.
- ✓ Úsáid níos mó a bhaint as nuachtáin náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha agus as seirbhísí meáin raidió chun an tseirbhís a chur chun cinn.

**Gealltanas 26:**

- ✓ Cuardaitheoirí poist a spreagadh agus tacú leo clárú le JobsIreland.ie.

## Infheistiú in, agus Atreorú Réidh a Chinntiú chuig, Oiliúint agus Oideachas Scileanna Oibre

Nuair a chuirtear scála an dúshláin san áireamh a bhíonn i gceist, is gá infheistiú sa líon deiseanna oiliúna agus oideachais agus iad a mhéadú chun cabhrú le daoine gan phoist agus iad siúd atá fostaithe chun tabhairt faoi athoiliúint agus scileanna nua a fhoghlaim.
Tá trí phríomhchuspóir ann leis seo a dhéanamh:

- Cabhrú le daoine atá dífhostaithe na scileanna riachtanacha a fháil chun obair nua a aimsiú, iad siúd ina measc a chaill poist mar thoradh ar COVID-19 agus iad siúd a bhí dífhostaithe roimh COVID.
- A chinntiú go bhfuil ár lucht saothair ardoilte agus inoiriúnaithe, chun tacú le hathléimneacht agus borradh geilleagrach.
- Tacú le hoibrithe agus cuardaitheoirí poist aonair chun leas a bhaint as forbairtí ar earnálacha glasa agus digiteacha chun a ngairmeacha beatha agus a slite maireachtála féin a chinntiú.

I dtaobh daoine atá dífhostaithe nó neamhghníomhach, tá tús áite á thabhairt ag an earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna (BOO) dóibh siúd nach féidir leo filleadh ar a n-iarfhostaíocht i ndiaidh COVID-19 chun tabhairt faoi athoiliúint agus scileanna nua a fhoghlaim. Tá seo á dhéanamh aige trí **Scileanna chun Dul san Iomaíocht**, tionscnamh faoi stiúir SOLAS, ina bhfuil trí shnáithe gníomhaíochta.

1. Tras-scileanna a fhorbairt chun cabhrú le hinfhostaitheacht.
2. An cumas digiteach a theastaíonn ó gach post, nach mór, a fhorbairt.
3. Cúrsaí ar leith ar Leibhéal 4-6 ar an CNC a dhíríonn ar earnálacha borrtha agus gairmeacha beatha.

Cuireann **Scileanna chun Dul san Iomaíocht**, i gcomhar leis an straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna, "BOO Amach Anseo: an Fhoghlaim a Chlaochlú" , freagairt láithreach agus chumhachtach 'gníomhachtaithe' margaidh saothair ar fáil do ghéarchéim COVID-19.
Cuireann na tionscnaimh seo – a bhaineann úsáid níos fearr as modhanna digiteacha soláthair – pacáiste d'oideachas agus oiliúint spriocdhírithe mhodúlach atá dírithe ar thacú leis an lucht saothair a athiontráil ina measc siúd a dhíláithrigh an phaindéim.

Tacóidh Seirbhís Eolais agus Treorach na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus Cásoifigigh agus Cóitseálaithe Poist ***Intreo*** leis na deiseanna uasoiliúna seo. Cuirfidh gach Bord Oideachais agus Oiliúna ionchur ó Ranna réigiúnacha ***Intreo*** i gcuntas agus déanfaidh siad a soláthar féin Scileanna chun Dul san Iomaíocht a oiriúnú lena chinntiú go bhfuil a seirbhísí freagrúil do riachtanais a bhaineann go sonrach le réigiún.

Cuireann ionchur ó naoi bhFóram Scileanna Réigiúnacha leis an idirchaidreamh déthaobhach seo ar leibhéal réigiúnach. Grúpaí ionadaíocha fostóirí, gníomhaireachtaí fiontraíochta, soláthraithe ardoideachais agus breisoideachais agus ***Intreo*** atá sna Fóraim seo agus casann siad go rialta i gcaitheamh na bliana.

Anuas air sin, tacóidh Skillnet Ireland freisin le straitéis ***Bealaí chun Oibre*** a chur i bhfeidhm trína réimse bearta infhostaitheachta. Áirítear leis seo iad siúd a chabhraíonn le grúpaí a ndéantar tearcionadaíocht dóibh sa lucht saothair agus trí oibrithe a ullmhú dul chun cinn a dhéanamh i bpoist na todhchaí.

Déanann SOLAS ionchur isteach sa leibhéal foriomlán soláthair a chomhordú ar leibhéal náisiúnta agus ionchur ón gComhairle Scileanna Náisiúnta agus ó Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair á gcur san áireamh. Tacaíonn Aonad Taighde ar Scileanna agus an Margadh Saothair (an ATSMS) leis an obair seo, go príomha, a oibríonn go dlúth leis an bhfeidhm Bheartas Gníomhachtaithe agus Fostaíochta sa Roinn Coimirce Sóisialaí, a chuireann go príomha le Seirbhís Mheastóireachta agus Eacnamaíochta Rialtas na hÉireann (SMERÉ).

Anuas air sin, éascaítear comhoibriú dlúth idir foireann túslíne ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach ní hamháin trí chruinnithe rialta/ghnáthchruinnithe ach trí sheimineáir thrípháirteacha idir ***Intreo***, Breisoideachas agus Oiliúint agus Gníomhaireachtaí Fiontraíochta (Oifigí Fiontair Áitiúil, Fiontraíocht Éireann agus ÚFT).

Ar leibhéal praiticiúil, déanann grúpa idir-rannach ardleibhéil maoirseacht ar chláir a sholáthar agus ar oibriú réidh an phróisis atreoruithe idir an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, SOLAS agus an tÚdarás um Ard-Oideachas (an ÚAO).

Déanfaidh ***Intreo*** bainistiú ar atreoruithe daoine dífhostaithe chuig na cláir/cúrsaí a roghnaítear, ar an gcéad dul síos, a oibreoidh go dlúth leis na Boird Oideachais agus Oiliúna lena chinntiú go sainaithnítear iarrthóirí oiriúnacha do gach cúrsa. Chuige sin, tá rochtain fíor-ama ag Cásoifigigh agus Cóitseálaithe Poist ***Intreo*** cheana féin, trí naisc idir córas bainistíochta cásanna na Roinne agus Córas Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeoirí (an CTCF) SOLAS, ar an gcatalóg chúrsaí a chuireann SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna ar fáil agus is féidir leo atreoruithe a dhéanamh go díreach leis na Boird Oideachais agus Oiliúna tríd an nasc seo.

Ina theannta sin, úsáidfidh ***Intreo*** a idirchaidreamh rialta idir Cásoifigigh agus cuardaitheoirí poist chun glacadh le cúrsaí a chur chun cinn agus cuirfidh sé an glacadh seo chun cinn freisin trí chumarsáid ar a ardáin ar líne MyWelfare.ie agus JobsIreland.ie.

Bealaí chun Oibre 2021-2025 | *Intreo* – Oibriú do Chuardaitheoirí

Geallann an Rialtas anois don chomhoibriú seo a choimeád agus a fheabhsú agus an méid seo a leanas a dhéanamh, ach go háirithe:

## Gealltanas 27:

- ✓ Tacú le 50,000 duine atá dífhostaithe go fadtéarmach chun tús a chur le soláthar Breisoideachais agus Oiliúna faoin mbliain 2025.

## Gealltanas 28:

- ✓ Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar bhonn ráithiúil ar an leibhéal soláthair Breisoideachais agus Oiliúna, ar atreoruithe ó ***Intreo*** agus ar rátaí glactha.

## Gealltanas 29:

- ✓ Leanúint ag tacú le hoibriú na Comhairle Scileanna Náisiúnta agus Fóraim Scileanna Réigiúnacha.

## Gealltanas 30:

- ✓ Acmhainní breise a infheistiú san anailís agus sa phleanáil a dhéantar ar fhorbairtí agus riachtanais scileanna an mhargaidh shaothair.





# 03

## Oibriú d’Fhostóirí



Braitheann an rath a bhíonn ar aon straitéis ***Bealaí chun Oibre*** go mór ar dhá ghné:

- an Stát, tríd an **mBealach** a bheith á sholáthar ag ***Intreo***, agus
- tríd an **Obair** a bheith á soláthar ag fostóirí.

Dá réir, braitheann éifeachtacht na ngealltanas sa straitéis seo ar chumas agus toilteanas fostóirí fostaíocht a sholáthar go ginearálta ach do dhaoine dífhostaithe atá ar an mBeochlár, ach go háirithe.

I dtráth ina bhfuil cúlú eacnamaíochta agus dúshlán geilleagrach ann, tarlaíonn go mbíonn cumas nó claonadh fostaithe glacadh le fostaithe nua teoranta. Nuair is éiginnte d'ioncaim, lorgaíonn fostóirí, faoi mar a thuigfí, táirgiúlacht a uasmhéadú agus bíonn drogall orthu, amanna, glacadh le costais nua agus le hoibrithe nua. Fiú nuair is mian leo fairsingiú agus fostaithe nua a earcú, d'fhéadfadh srianta airgeadais/cistithe a bheith ar fhostóirí agus amhlaidh á dhéanamh.

Ar an ábhar sin, ní mór do na seirbhísí a sholáthraíonn ***Intreo*** oibriú ní hamháin ar son cuardaitheoirí poist ach ar son fostóirí ina theannta sin. Caithfidh na seirbhísí meaitseála agus socrúcháin poist, na cláir thaithí oibre agus oiliúna, agus na fóirdheontais earcaíochta uile é a dhéanamh éasca ar fhostóirí earcaíocht a dhéanamh agus, nuair a bhíonn amhlaidh á dhéanamh acu, roinnt de bhaol na hearcaíochta a bhaint d'fhostóirí agus iarraimid, mar chúiteamh air sin, go mbíonn earcaíocht dírithe i dtreo na ndaoine a bhraitheann ar ***Intreo*** – an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí.

Réiteach é a bhfuil buntáiste ag gach taobh ann.

Chun an réiteach seo a bhfuil buntáiste ag gach taobh ann a bhaint amach, cuireann ***Intreo*** réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil cheana féin a sholáthraíonn tairbhe d'fhostóirí a earcaíonn cuardaitheoirí poist dífhostaithe. Áirítear leo seo:

### JobsPlus

- Fóirdheontas earcaíochta ar a bhfuil luach a mhéid le €10,000 a íoctar le fostóirí a earcaíonn duine atá dífhostaithe go fadtéarmach ón mBeochlár.

### An Clár Socrúcháin Taithí Oibre (an CSTO)

- Clár socrúcháin taithí oibre nua dóibh siúd nach raibh obair acu ar feadh ar a laghad sé mhí agus cistíonn an Stát costais iomlána an chláir.

### JobsIreland

- Is é JobsIreland.ie seirbhís fógraíochta post agus earcaíochta saor in aisce ar líne ***Intreo's*** d'fhostóirí agus cuardaitheoirí poist.



### EURES

- Is é seo an t-ardán folúntais phoist uile-Eorpach a thacaíonn le soghluaisteacht níos fairsinge fostaíochta ar fud an AE, oibrithe breise a mhealladh ina measc sin chuig lucht saothair na hÉireann.

### Meaitseáil poist

- Déanfaidh ***Intreo***, trína oifigí féin agus trí sholáthraithe seirbhíse SFP atá ar conradh de chuid ***Intreo*** próifílí iarrthóirí a mheaitseáil in aghaidh próifílí róil a sholáthraíonn fostóirí agus déanann siad na hiarrthóirí a meaitseáladh a atreorú chuig an bhfostóir nó déanann siad iarrthóirí a chur ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh.
  Is féidir le ***Intreo*** agus a chomhpháirtithe seirbhíse tabhairt faoi réamhagallamh de bhreis air sin.

### Imeachtaí um Chur chun Cinn Post

- Cuireann ***Intreo*** Imeachtaí um Chur chun Cinn Post saor in aisce ar siúl inar féidir le fostóirí casadh le hiarrthóirí féideartha a dtugtar cuireadh dóibh freastal bunaithe ar phróifílí a mheaitseáil in aghaidh riachtanais fostóra.

### Cúrsaí Oiliúna

- Oibríonn ***Intreo*** leis na Boird Oideachais agus Oiliúna chun cláir oiliúna a eagrú atá saincheaptha do riachtanais ar leith fostóirí/ghrúpaí fostóirí a bhfuil riachtanas deimhnithe earcaíochta acu.

### Foireann Thiomnaithe Caidrimh idir Fostóirí

- Fostaíonn ***Intreo*** agus a chomhpháirtithe seirbhíse foireann atá tiomnaithe d'oibriú le fostóirí chun cabhrú leo riachtanais a róil a fhorbairt agus foireann a earcú. Chríochnaigh go leor d'fhoireann caidrimh idir fostóirí ***Intreo*** clár creidiúnaithe na Cónaidhme Náisiúnta Earcaíochta go ndeimhneofar iad ina saineolaithe earcaíochta.

Tagann an réimse seirbhísí seo go maith leis na seirbhísí atá ar fáil ó aon seirbhís fostaíochta poiblí nó príobháidí. Príomhchuspóir den straitéis seo is ea leanúint le hinfheistiú a dhéanamh i gcaidreamh a fhorbairt le fostóirí agus feasacht/glacadh leis na seirbhísí seo a mhéadú.

Geallann an Rialtas, dá réir, an méid seo a leanas a dhéanamh anois:

### Gealltanas 31:

- ✓ Méadú 25 ball a dhéanamh ar an líon foireann thiomnaithe caidrimh idir fostóirí a mhéadú laistigh d'oifigí féin *Intreo*.

### Gealltanas 32:

- ✓ Straitéis nua caidrimh le fostóirí a fhorbairt le tacaíocht ó fhoghrúpa um chaidreamh idir fostóirí Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair.

### Gealltanas 33:

- ✓ Feachtas promóisin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht ar agus glacadh leis na tacaíochtaí fostaíochta atá ar fáil a mhéadú i measc fostóirí.

### Gealltanas 34:

- ✓ Sraith seónna bóthair fostóirí a chur ar siúl timpeall na tíre le samplaí a thaispeáint de conas is féidir le fostóirí tairbhe a bhaint as na tacaíochtaí fostaíochta atá ar fáil agus conas a rinne siad amhlaidh.

### Gealltanas 35:

- ✓ 150 Imeacht um Chur chun Cinn Post a chur ar siúl (fíorúil nó i bpearsan) gach bliain, chun deiseanna fostaíochta a thaispeáint agus lena éascú fostóirí agus cuardaitheoirí poist a chur in aithne a chéile.

### Gealltanas 36:

- ✓ Dhá Sheachtain Oibre agus Scileanna náisiúnta ***Intreo*** a chur ar siúl gach bliain (ceann amháin fíorúil agus ceann eile i bpearsan), ina gcuirfear seachtain d'Imeachtaí um Chur chun Cinn Post atá dírithe go mór ar phoist agus de sheimineáir ar siúl i ngach ceann díobh.

### Gealltanas 37:

- ✓ Dualgas a leagan ar fhostóirí a bhfuil tacaíochtaí fostaíochta stáit á bhfáil acu clárú a dheimhniú le tairseach phost ar líne an Stáit – JobsIreland.ie.

Lena chinntiú go ndéantar na tacaíochtaí atá i bhfeidhm a athbhreithniú agus a fheabhsú go leanúnach, leanfaidh ***Intreo*** agus an earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna ag oibriú le fostóirí ag oibriú a gcomhlachtaí ionadaíocha trí Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair agus tríd an gComhairle Scileanna Náisiúnta agus Fóraim Scileanna Réigiúnacha le hionchur a lorg isteach i ndearadh agus forbairt a dtairiscintí seirbhíse. Cuirfear leis an gcur chuige seo trí thabhairt faoi shuirbhé rialta fostóra chun ár n-eolas ar thuairimí agus riachtanais fostóra ar bhealach córasach a bhunú.

Geallann an Rialtas an méid seo a leanas a dhéanamh, go hachomair:

### Gealltanas 38:

✓ Tabhairt faoi shuirbhéanna rialta ar an measúnú a dhéanann fostóirí ar sheirbhísí fostaíochta poiblí agus breisoideachais agus oiliúna chun cabhrú le riachtanais/tuairimí fostóirí a shainaithint agus a sásamh leis an tseirbhís a rianú.

### Gealltanas 39:

✓ Leanúint ag infheistiú in agus ag tacú le hobair na Comhairle Scileanna Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair.

Is maith a thuigeann an Rialtas, ina theannta sin, go mbraitheann go leor fostóirí ar sholáthraithe seirbhíse gairmiúla chun a riachtanais acmhainní daonna, earcaíocht san áireamh, a bhainistiú.
Tá éileamh á thabhairt faoi deara ag ***Intreo***, agus téarnamh geilleagrach ar bun, ar sheirbhís cuardaigh poist agus treorach; is féidir le comhoibriú le gnóthais/gníomhaireachtaí gairmiúla earcaíochta cabhrú le freastal ar an éileamh seo. Tugann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (an EIS), mar shampla, faoi deara go gcuireann comhoibriú le soláthraithe seirbhíse fostaíochta príobháidí deiseanna ar fáil chun an teacht a mhéadú atá ar fhostaíocht i measc grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus éagsúla sa mhargadh saothair.

Cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn sa spás seo, déanfar deiseanna chun idirchaidreamh níos fairsinge a dhéanamh le gnóthais earcaíochta príobháidí chun an méid seo a leanas a fhiosrú:

- eolas a chur le chéile agus comhthéarmaíocht a úsáid chun trédhearcacht fheidhmiú an mhargaidh shaothair a fheabhsú,
- folúntais phoist a mhalartú/a roinnt,
- tacaíochtaí fostaíochta Stáit a chur chun cinn,
- feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil chun freastal ar riachtanais saothair atá ag teacht chun cinn.

Trí na deiseanna seo a thapú, is féidir aimsiú líonra ***Intreo*** a fhairsingiú. Baineann tábhacht ar leith leis seo sa timpeallacht i ndiaidh COVID, mar gheall go bhféadfadh an margadh fostaíochta éirí níos iomaíche i gcónaí mar gheall go mbeidh níos mó daoine ag cur isteach ar níos lú folúntais phoist.

Geallann an Rialtas, ar an ábhar sin, an méid seo a leanas a dhéanamh anois:


### Gealltanas 40:

✓ Comhoibriú le sainghnóthais earcaíochta a mhéadú lena chinntiú go mbaineann ***Intreo*** agus an earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna úsáid as na cainéil go léir atá ar fáil chun teagmháil a dhéanamh le fostóirí chun deiseanna fostaíochta a uasmhéadú do chuardaitheoirí poist.

### **Bosca 2:** Cás-Staidéar 1: Nuálú a dhéanamh chun soláthar a dhéanamh ar Líne - Seachtain Oibre agus Scileanna 2021 *Intreo*

D'eascair cur chuige nua i leith ár seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí as an bpaindéim. Ba ghnách go gcuirfeadh an Roinn Seachtain Phost ***Intreo*** ar siúl gach bliain, ach glacadh le cur chuige nua in 2021 agus cuireadh an chéad imeacht fíorúil de chuid Sheachtain Oibre agus Scileanna *Intreo*, a bhí ar siúl ó Dé Luain, an 19 Aibreán go dtí an 22 Aibreán 2021. Thit an feachtas a mhair seachtain amach ar líne, agus dáileadh an t-eolas céanna áisiúil ar na rannpháirtithe ach go raibh siad slán sábháilte sa bhaile. Mar chuid den imeacht, chuir fostóirí agus cuardaitheoirí poist a d'úsáid seirbhísí ***Intreo*** promóisin earcaíochta, cuir i láthair agus teistiméireachtaí ar siúl. Anuas air sin, bhí béim mhór ar fhorbairt agus tacaíochtaí scileanna do chuardaitheoirí poist faoi mhíchumas.

Cuireadh an t-imeacht ar siúl an tráth sin a beartaíodh an geilleagar á athoscailt de réir a chéile agus chuir seo an t-eolas ar fáil d'fhostóirí, cuardaitheoirí poist agus iad siúd ar spéis leo tabhairt faoi uasoiliúint nó athoiliúint a theastaigh uathu chun cabhrú leo ar a n-aistear gairm bheatha nó chun a ngnólacht a atosú. D'éirigh go han-gheal leis an imeacht i dtaobh freastal foriomlán, agus baineadh breis agus 7,600 amharc amach i gcaitheamh na gceithre lá agus bhí nach mór 4,200 úsáideoir gníomhach sa bhosca comhrá. Tá taifeadtaí ar na cuir i láthair éagsúla ar fáil le hamharc orthu ag JobsIreland.ie





# 04

## An Córas Leasa -
Oibriú don Obair

Cuirtear an t-idirghníomhú, agus na gaolmhaireachtaí, ach go háirithe, idir tuilleamh margaidh agus sochair leasa i láthair amanna mar phríomhthoisc i dtaobh tionchar a imirt ar chinntí aonair maidir le rannpháirtíocht i bhfostaíocht.

Baineann seo leis an gcothromaíocht is gá a bhaint amach idir leordhóthanacht ioncaim agus dínit a dhearbhú do dhaoine, ar thaobh amháin den phingin, agus a dhearbhú, ar an taobh eile den phingin, go bhfuil dreasacht gheilleagrach ann do dhaoine a ghlacann le hobair ar rátaí cothroma pá, agus á aithint gur praghasghlacadóirí iad formhór na bhfostóirí, i ngeilleagar beag oscailte.

Tháinig córas leasa na hÉireann, a ghabhann siar a fhad leis an mbliain 1838, chun cinn go mór le himeacht na mblianta. Mhéadaigh sé rátaí sochair le 20 bliain anuas agus, ina theannta sin, thug sé solúbthacht isteach chun cothromaíocht a bhaint amach idir na méaduithe seo ar rátaí íocaíochta le sraith mhéadaitheach díolúintí/ neamhairde chun an dreasacht chun oibre a chothú.


Mar gheall ar chineál aon chórais atá bunaithe ar ioncam nó ar thairseacha/ scoithphointí laethanta oibre, d'fhéadfadh an cuardaitheoir poist a bheith thíos le laghdú tobann tuillimh agus d'fhéadfaí a mheas go bhfuil torthaí na hoibre imeallach, d'ainneoin an fháil atá ar dhíolúintí/ neamhaird.

Is amhlaidh an cás go háirithe nuair a bhíonn na lamhálacha i gceist, agus nuair is cinnte go mbeidh ioncam leasa á fháil, ach ní féidir uaireanta oibre ná tuilleamh fostaíochta a chinntiú. Nuair a chuirtear a chasta a bhíonn sé an tsraith sochair 'inoibre' a thuiscint (e.g. neamhaird ar bhuntuilleamh, íocaíochtaí cuardaitheora poist ócáideacha, an scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha, an Íocaíocht Teaghlaigh Oibre, an Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair, an Scéim Oibre Gearr-Ama) san áireamh, is furasta an fáth a thuiscint go bhféadfaí a mheas nach dtugann an córas leasa an mhéid tacaíochta le hobair faoi láthair agus a d'fhéadfadh sé.

Ní gá go mbíonn seo i gceist. For example, bunaítear an cur chuige reatha i leith tástáil mhaoine ar bhandaí ioncaim agus tairseacha a shocrú bunaithe ar 'laethanta oibre' i rith tréimhse nach raibh eolas fíor-ama faoi thuilleamh ar fáil inti agus, fiú dá mbeadh sé, ní fhéadfaí é a chuimsiú gan stró nuair a bhíonn rátaí íocaíochta á ríomh.

Ní bacainn é seo a thuilleadh nach féidir a shárú. Chruthaigh nuachóiriú ÍMAT a chur i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim ardán ar féidir é a úsáid chun nasc díreach a dhéanamh idir íocaíochtaí leasa agus tuilleamh a ghiorra le fíor-am a léiríonn gur féidir droim láimhe a thabhairt do chur chuige 'iomlán nó faic' bunaithe ar thairseacha 'laethanta oibre'.

Chuir nuachóiriú córais TF sa Roinn Coimirce Sóisialaí an acmhainn ar fáil freisin chun úsáid a bhaint as an eolas seo chun rátaí íocaíochta saincheaptha aonair a ríomh agus a shocrú.



Is fearr is féidir leis an Stát anois breithniú a dhéanamh ar fhoirm de ráthaíocht bhunioncaim a fhorbairt.

Cuireann sé an fhéidearthacht ar fáil freisin aistriú chuig íocaíocht a bhaineann le hioncam, faoi mar a rinneadh i gcás Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime, bunaithe ar na sonraí is déanaí faoi thuilleamh, ar feadh tréimhse ghearr (e.g. 6 mhí) do dhaoine a chailleann a bpost, a dhéanann an turraing ioncaim a fhuascailt a bhaineann le fostaíocht a chailleadh go tobann.

Mar gheall ar an meascán de na forbairtí seo freisin gur fearr is féidir leis an Stát anois breithniú a dhéanamh ar fhoirm de ráthaíocht bhunioncaim a fhorbairt. I bhfriotal eile, gealltanas go ndearbhaítear go mbeidh bunioncam íosta ag daoine, bíodh leas á fháil acu, bíodh siad fostaithe nó meascán den dá rud, agus go mbainfidh duine atá fostaithe luach saothair níos mó i gcónaí ná mar a gheobhaidís dá mbraithfidís ar leas agus é sin amháin.

Tá foirm den saghas seo socrú i bhfeidhm cheana féin maidir leis an Íocaíocht Teaghlaigh Oibre, faoina ndéantar íocaíochtaí le teaghlaigh le leanaí a bhfuil ioncaim ísle acu a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus a choigeartú i dtaobh athruithe ar thuilleamh.

Beartaítear triail phíolótach a bhaint as ráthaíocht íocaíocht/bhunioncaim aois oibre san earnáil ealaíon sna míonna amach romhainn. Tá íocaíocht leasa shóisialaigh ar nós na hÍocaíochta Teaghlaigh Oibre ar cheann de na roghanna atá á mbreithniú faoi láthair don clár píolótach ealaíon. Ag eascairt as seo, ullmhófar páipéar oibre le haghaidh comhairliúcháin ar conas a d'fhéadfaí a bheith in ann ráthaíocht bhunioncaim trí leas a bhaint as cumas córais TF nua-aimseartha lena éascú sonraí an chórais leasa agus chánach a mhalartú ar bhonn fíorama nó ar bhonn ama atá gar dó.



Geallann an Rialtas, dá réir, an méid seo a leanas a dhéanamh anois:

### Gealltanas 41:

- ✓ Trí úsáid a bhaint as an eispéireas ó Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime chun eolas a chur ar fáil d'aon íocaíocht chuardaitheora poist ghearrthéarmach atá bunaithe ar árachas sóisialach pá-choibhneasa a dhearadh a d'fhéadfaí a fhorbairt, faoi mar a bhforáiltear dó i gClár an Rialtais.

### Gealltanas 42:

- ✓ Triail phíolótach a bhaint as ráthaíocht san earnáil ealaíon i rith 2022.

### Gealltanas 43:

- ✓ Páipéar a ullmhú ar roghanna chun an íocaíocht chúnaimh cuardaitheora poist níos fadtéarmaí a mhionathrú trí úsáid a bhaint as sonraí fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim chun leibhéil íocaíochta a choigeartú ar aon dul le tuilleamh seachtainiúil duine, chun íosráta bunioncaim a chinntiú agus lena chinntiú go dtéann ioncam duine i méid nuair a oibríonn siad.

### Gealltanas 44:

- ✓ Trína chur leis an SFPF/an SFSP agus trí leas a bhaint as samhlacha idirnáisiúnta, an fhéidearthacht a fhiosrú go dtabharfar scéim Tacaíochta Oibre Gearr-Ama isteach lena chur ar chumas fostóirí daoine a choimeád ar a bpárolla mar fhreagairt do thurraingí gearrfhaid a bhaintear den fhostaíocht[19].


### Gealltanas 45:

- ✓ Scéim pá breoiteachta reachtúil a thabhairt isteach, ar bhonn céimnithe.

### Gealltanas 46:

- ✓ Cinnteoidh an Roinn Coimirce Sóisialaí, sa ghearrthéarma, ar feitheamh na bhforbairtí seo, go gcuirtear teacht ar fáil do gach cuardaitheoir poist nua ar ráiteas Sochair Oibre trí úsáid a bhaint as áireamhán Sochair Oibre ar líne na Roinne.

[19] Breithniú a dhéanamh ar réimse scéimeanna tacaíochta oibre gearr-ama, cosúil leis 'Kurzarbeit' na Gearmáine agus 'Chômage partiel / activité partielle' na Frainc



# 05

## **Oibriú do Chách -**
## Duine ar Bith a Fhágáil as an Áireamh

Sular cuireadh tús le géarchéim COVID-19, beartaíodh go ndíreodh an ráiteas straitéise seo go príomha ar bhealaí le rátaí fostaíochta a mhéadú i measc grúpaí a raibh íseal-leibhéil rannpháirtíochta sa mhargadh saothair ina measc, na daoine seo a leanas san áireamh:

- Tuismitheoirí aonair,
- Daoine faoi mhíchumas,
- Duine fásta cáilithe (cleithiúnaithe fásta leo siúd a bhfuil íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil acu),
- Daoine ó ghrúpaí mionlaigh.

Bhí an díriú a beartaíodh bunaithe ar an gcaoi go léirítear go mbíonn ráta níos airde bochtaineachta agus díothachta i measc na ngrúpaí seo a bhaineann le rátaí níos ísle de rannpháirtíocht agus d'fhostaíocht i gcomparáid leis an daonra foriomlán agus lena mhacasamhail de ghrúpaí i bpiarthíortha (féach páipéar teicniúil ***Bealaí chun Oibre*** i dtaca le comhthéacs an mhargaidh shaothair reatha).

Mar gheall ar a mhacasamhail de chúiseanna, beartaíodh freisin iarracht ar leith a dhéanamh rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú i measc daoine óga nach bhfuil fostaithe, in oideachas nó faoi oiliúint (NEETanna). Léirítear sa díriú seo an chaoi go dtarlaíonn go mbíonn daoine óga nach ndéanann aistriú rathúil ón oideachas go dtí an fhostaíocht nó an breisoideachas thíos le drogall fadtéarmach agus go mbíonn baol níos airde ann go leanfaidh siad de bheith dífhostaithe go fadtéarmach.

Ar deireadh, beartaíodh freisin cláir ar leith a fhorbairt le daoine breacaosta neamhghníomhacha a spreagadh, mar shampla daoine a d'fhág an fhostaíocht chun glacadh le dualgais chúraim leanaí nó chúraim eile, chun filleadh ar an lucht saothair.

D'athraigh COVID-19 an t-ábhar. Ní féidir linn faillí a dhéanamh inár bhfreagracht as na daoine siúd laistigh dár bpobal a raibh bacainní móra margadh saothair rompu cheana féin roimh COVID-19. Dá réir, dírímid ár gcur chuige anois ar Sheirbhís Fostaíochta Poiblí a sholáthar, i rith shaolré na straitéise seo, a oibríonn do chách.

# Ag Oibriú do Thuismitheoirí Aonair

Tá Éire ar cheann den bheagán tíortha ina ndéantar íocaíocht tacaíochta ioncaim ar leith do thuismitheoirí aonair nach n-áirítear leis aon riachtanas chun obair a lorg go gníomhach.

Bhí, agus tá an intinn bheartais a bhaineann leis an gcur chuige seo, dearfach, agus cuireann sé neamhspleáchas airgeadais ar fáil do thuismitheoir aonair agus aithníonn sé na tairbhí a bhaineann le ham a thabhairt do thuismitheoir chun cúram a thabhairt do leanaí óga.

Iarmhairt neamhbheartaithe amháin den chur chuige seo, áfach, cé go n-aithníonn sé freagrachtaí breise cúraim daoine a dhéanann tuistiú leo féin, tá an baol ann go neartaíonn sé dearcadh ina leith siúd a dhéanann tuistiú leo féin amhail bheith 'lasmuigh' den lucht saothair.

Cás é seo ar gá dul i ngleic leis.
Ba cheart tuismitheoirí aonair a spreagadh caitheamh leo féin mar oibrithe féideartha agus ba cheart tacú leo chun ullmhú don fhostaíocht, é a aimsiú agus é a choimeád. Ar an ábhar sin, baineann ríthábhacht leis an gcothromaíocht riachtanach a bhaint amach idir freagrachtaí cúraim tuismitheoirí, agus an tionchar dearfach a imríonn fostaíocht tuismitheora ar theaghlach ar an tuismitheoir/na tuismitheoirí agus ar an leanbh/na leanaí chun rannpháirtíocht tuismitheoirí aonair sa mhargadh saothair a mhéadú.

Baineann ríthábhacht le tacaíochtaí stáit do thuismitheoirí aonair chun teacht ar chúram leanaí ardchaighdeáin maidir lena rannpháirtíocht sa mhargadh saothair. Gheall an Rialtas leanúint ag infheistiú sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (an SNCL), a bhfuil mar chuspóir aige tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun cabhrú le tuismitheoirí íoc as costais chúraim leanaí agus an soláthar a mhéadú agus díriú, i gcomhthráth, ar ionchuimsiú, agus tacaíochtaí breise a chur ar fáil do leanaí agus teaghlaigh a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Glacadh go suntasach leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ó bunaíodh í in 2019, agus thacaigh an infheistíocht seo in agus an teacht seo ar sholáthar cúraim leanaí go díreach le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair i measc tuismitheoirí, tuismitheoirí aonair san áireamh.

Trí thacú le tuismitheoirí aonair, athdhearbhaíonn an Rialtas a ghealltanas freisin don bhochtaineacht a laghdú i measc leanaí, faoi mar a leagtar amach faoin Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta, 2020-2025.

Is tábhachtach nach mór d'aon athruithe ar an gcur chuige reatha a chinntiú nach neartaítear na steiréitíopaí, agus go ndéantar cineál athraitheach struchtúir theaghlaigh a bhreithniú.

Is é cur chuige an Rialtais, ar an ábhar sin, dul sa tóir ar an bhfostaíocht a chur chun cinn – mar rogha, seachas mar oibleagáid, agus tacú le tuismitheoirí a théann sa tóir ar an rogha seo.

Baineann trí ghné leis an gcur chuige seo:

1. A chinntiú, faoi mar a phléitear sa chaibidil dheireanach, go n-oibríonn an córas leasa nó tacaíochta ioncaim don obair. Rachfar i ngleic leis seo i samhail Íocaíochta Aois Oibre/Ráthaíochta Bunioncaim a bheartaítear a mheasúnú agus a fhorbairt.

2. Cur chuige seirbhísí fostaíochta a fhorbairt a spreagann spéis agus tiomantas tuismitheoirí aonair agus a thaispeánann bealach a fhad le fostaíocht dóibh.

3. Na tacaíochtaí 'timfhillteacha' a sholáthar i dtaobh tithíochta, cúram sláinte, cúram leanaí agus oideachas luath-óige. Cé go bhfuil iad seo lasmuigh de shainchúram na straitéis seo, go mór mór, tá beartais eile Rialtais i bhfeidhm lena chinntiú go bhfeabhsaítear na tacaíochtaí seo sna blianta amach romhainn. Tuairisceofar ar na príomhghníomhartha ó na beartais seo mar chuid den Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta (a foilsíodh in Eanáir 2020) a chur i bhfeidhm.

Geallann an Rialtas, dá réir, an méid seo a leanas a dhéanamh anois:

**Gealltanas 47:**


✓ A chinntiú go mbreithnítear cúinsí ar leith tuismitheoirí aonair nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar Íocaíocht Aois Oibre/Ráthaíocht Bhunioncaim.

**Gealltanas 48:**

✓ An méid leanaí a mhéadú a bhfuil tacaíochtaí Stáit á bhfáil acu a sholáthraítear faoi Chláir Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile.

**Gealltanas 49:**

✓ A chinntiú go ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn ar chúram sláinte, tithíocht agus cúram leanaí agus go ndéantar tuairisciú air mar chuid den Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta.



# Oibriú do Dhaoine faoi Mhíchumas

Leagtar cur chuige an Rialtais i leith rátaí fostaíochta a mhéadú do dhaoine faoi mhíchumas amach sa ***Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (2015-2024)*** agus sa ***Phlean Gníomhaíochta 'Luach Saothair a Bhaint as an Obair'*** a bhaineann leis an straitéis sin.

Trí na gníomhartha a leagtar amach sna cáipéisí straitéise siúd, beartaíonn an Rialtas aghaidh a thabhairt ar an sprioc, a leagtar amach sa Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta, lena mbaineann ráta fostaíocht daoine faoi mhíchumas a mhéadú aníos ó 22.3% in 2016 go 33% trí 2026 agus, nuair a bhíonn amhlaidh á dhéanamh, cur le fíorú an chirt a chuirtear in iúl in Airteagal 27 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, a aithníonn:

> "an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas oibriú, ar bhonn cothrom le daoine eile; áirítear leis seo an ceart i leith na deise slí mhaireachtála a bhaint amach tríd an obair a roghnaítear nó a ghlactar go saorálach i margadh saothair agus i dtimpeallacht oibre atá ar oscailt, ionchuimsitheach agus inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Déanfaidh páirtithe Stáit fíorú an chirt chun oibre a chosaint agus a chur chun cinn, ina measc siúd freisin a dtagann míchumas orthu i rith fostaíochta." (Aistriúchán neamhoifigiúil)

Baineadh amach go leor de na gníomhartha a gealladh faoi na pleananna siúd cheana féin.

Mar shampla, baineadh an riachtanas gur gá go mbíonn obair de chineál athshlánúcháin chun go mbaineann duine faoi mhíchumas tairbhe as neamhaird ar thuilleamh nuair a bhíonn teacht á fháil acu ar na scéimeanna liúntas míchumais. Méadaíodh an neamhaird ar thuilleamh do dhaoine faoi mhíchumas chun teacht ar an gcárta leighis agus, tugadh próiseas aischuir mhear isteach do dhaoine a dhúnann a n-éileamh ar Liúntas Míchumais/bPinsean Easláine chun filleadh ar an obair.
Anuas air sin, forbraíodh Ríomhán ar líne lena ligean do dhaoine faoi mhíchumas measúnú a dhéanamh ar an tairbhe airgeadais a bhaineann le glacadh le hobair agus soláthraíodh cistiú breise faoi Chlár Ability chun 27 próiseas athghníomhachtaithe tástála tionscadal a chistiú le daoine óga faoi mhíchumas.

Cuirfidh an straitéis seo leis an obair seo.

Arís eile, cosúil leis an gcás maidir le tuismitheoirí aonair, baineann trí ghné leis an dúshlán a bhaineann le rátaí rannpháirtíochta agus fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú.

- A chinntiú 'go n-oibríonn an córas leasa do dhaoine faoi mhíchumas don obair'.
- A chinntiú gur féidir le ***Intreo*** idirchaidreamh a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas ar bhealach éifeachtach a thugann aird ar na dúshláin ar leith atá roimh dhaoine atá faoi mhíchumas agus a léiríonn bá dóibh.
- A chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí timfhillteacha i bhfeidhm le rannpháirtíocht agus fostaíocht daoine faoi mhíchumas a éascú.

Chuathas i ngleic go páirteach leis an tsaincheist lena mbaineann córas leasa 'a oibríonn don obair', i gcás daoine faoi mhíchumas, sa phlean '***Luach Saothair a bhaint as an Obair***'. Is féidir dul chun cinn breise a dhéanamh, áfach.


Faoi mar atá sé struchtúrtha faoi láthair, caitheann an córas leasa le daoine atá faoi mhíchumas, go mór mór, ar bhealach dénártha – tá siad faoi mhíchumas agus ní féidir leo obair a dhéanamh (de mhéid suntasach ar bith), ar an ábhar sin nó níl siad faoi mhíchumas. Go ginearálta, ní aithníonn sé go bhfuil cantanam cumais/míchumais ann. Ar a bharr sin, sa mhéid go gcuirtear daoine ar féidir leo oibriú san áireamh go pointe áirithe, tá an cur chuige a ghlactar neamh-chomhsheasmhach. Tá dhá scéim íocaíochta míchumais fhadtéarmacha ar leith ann, agus baineann coinníollacht beagán éagsúil leo; agus déantar rátaí íocaíochta éagsúla nach mbaineann le cineál an bhunmhíchumais. Go mór mór, glacann an dá scéim éagsúil íocaíochta le cuir chuige atá an-éagsúil óna chéile i leith daoine faoi mhíchumas a éascú ioncam fostaíochta a thuilleamh.

Mar chuid den straitéis seo ***Bealaí chun Oibre***, beartaíonn an Rialtas tabhairt faoi athbhreithniú ar na scéimeanna seo ag féachaint le:

- Coinníollacht agus rátaí íocaíochta an dá scéim a chomhtháthú, nó a chaighdeánú, ar a laghad; agus
- Rátaí íocaíochta agus tacaíochtaí fostaíochta a choigeartú chun na dúshláin éagsúla a aithint go soiléir atá roimh dhaoine ag pointí éagsúla den chantanam míchumais.

Agus amhlaidh á dhéanamh, cuirfidh an Rialtas an tuarascáil san áireamh a chuir Indecon i dtoll a chéile ar na costais bhreise a thabhaíonn daoine faoi mhíchumas.

Is gá soláthar seirbhísí fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a shaincheapadh go n-oibreoidh sé do dhaoine a bhféadfadh dúshláin fhisiciúla, chumarsáide nó chognaíocha a bheith rompu.
Déanann ***Intreo*** é seo faoi láthair trí thabhairt faoi na rudaí seo a leanas;



- Cásoifigeach ar cuireadh sainoiliúint air/uirthi a shannadh i ngach ceann dá ionaid ***Intreo***, nó do ghrúpa Ionaid ***Intreo*** (i gcás oifigí níos lú), chun oibriú le daoine faoi mhíchumas.
- Oibriú lena chonraitheoirí faoi mheirgí chlár EmployAbility agus Ability chun sain-Chásoifigigh a sholáthar chun oibriú le daoine faoi mhíchumas agus chun cabhrú leo teacht ar thacaíochtaí, oiliúint agus deiseanna fostaíochta.
- Dreasachtaí agus tacaíochtaí ardluacha airgeadais a chur ar fáil d'fhostóirí a fhostaíonn daoine faoi mhíchumas, tríd an scéim Fóirdheontais Pá agus scéim an Chiste um Fhreastal Réasúnta.
- Oibriú le páirtithe leasmhara agus fostóirí chun cláir fostaíochta shaincheaptha a urrú do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá an obair seo frithghníomhach, go ginearálta. Cé go gcuirtear tacaíochtaí in iúl do dhaoine faoi mhíchumas, is gnách go mbíonn seo éighníomhach i dtaobh cineáil agus go mbíonn for-rochtain theoranta réamhghníomhach i gceist.

Ag eascairt dá réir as an tuarascáil ***Luach Saothair a Bhaint as an Obair*** agus mar chuid de Phlean Gníomhaíochta na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta leasaithe (Céim a Dó), a d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt i mí na Nollag 2019, gheall an Roinn Coimirce Sóisialaí, faoi réir próiseas comhairliúcháin, do chur chuige 'Luath-Rannpháirtíochta' a chur i bhfeidhm do chuardaitheoirí poist faoi mhíchumas.

Tá Treochlár nua á thabhairt chun críche ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun an tseirbhís fostaíochta luath-rannpháirtíochta seo a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas. Ar aon dul leis an gcur chuige a leagtar amach sa Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta, cloífidh an próiseas luath-rannpháirtíochta le roinnt prionsabal:

### Beidh rannpháirtíocht deonach

- Is féidir le duine a roghnú gan an tseirbhís a úsáid má cheapann siad nach bhfuil sé i gceart dóibh. Ní dhéanfadh seo difear dá dteidlíocht d'íocaíocht.

### Spreagfaidh rannpháirtíocht faighteoirí nua íocaíochtaí tacaíochta ioncaim míchumais seirbhís agus tacaíochtaí *Intreo* a úsáid

- Má bhronntar íocaíocht tacaíochta ioncaim míchumais ar dhuine den chéad uair, tabharfar cuireadh dóibh freastal ar ionad áitiúil ***Intreo*** (is féidir le conraitheoir ar nós EmployAbility é seo a sholáthar). Beidh siad in ann plé a dhéanamh anseo ar a n-uaillmhianta oibre agus na tacaíochtaí agus na seirbhísí a d'fhéadfadh bheith ag teastáil uathu chun iad a bhaint amach.

### Díreoidh rannpháirtíocht ar riachtanais an duine

- Caithfidh an próiseas súil ar conas is fearr tacú le riachtanais oideachais, oiliúna agus ionchuimsithe shóisialta an duine agus aird ar chineál agus ar thionchar a míchumais. Cabhróidh comhairleoir seirbhíse ***Intreo*** leis an duine Plean um Dhul chun Cinn Pearsanta a fhorbairt de réir a gcumais. D'fhéadfaí a áireamh leis an bplean cabhair le CV a fhorbairt, socrúcháin oibre, oideachas nó oiliúint, nó d'fhéadfaí súil a chaitheamh ann ar bhealaí eile chun feabhas a chur ar ionchais oibre an duine san fhadtéarma.

### Cuirfear acmhainní ar fáil go héifeachtach do rannpháirtíocht

- Cuirfear oiliúint ar fhoireann agus eagraíochtaí tacaíochta ***Intreo*** ar fheasacht ar mhíchumas agus beidh teacht acu ar eolas faoi sheirbhísí agus tacaíochtaí oiriúnacha chun cabhrú leis an duine fostaíocht oiriúnach a aimsiú. Déanfar athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna fostaíochta an duine.

### Déanfar rannpháirtíocht a chomhcheangal

- Bainfear comhaontuithe amach idir ***Intreo*** agus soláthraithe seirbhíse eile, mar shampla, do na Boird Oideachais agus Oiliúna san áireamh, lena chinntiú go mbíonn an rannpháirtíocht chomh saoráideach agus is féidir.

### Rachaidh rannpháirtíocht i ngleic le bacainní roimh obair a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas

- D'fhéadfadh bacainní a bheith i gceist leo seo laistigh den chóras leasa féin nó san ionad oibre agus sa tsochaí níos fairsinge (e.g. bacainní fisiciúla san ionad oibre). Trí scéimeanna ar nós an Chiste um Fhreastal Réasúnta agus na Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta, oibreoidh seirbhísí ***Intreo*** le habhcóidí pearsanta agus soláthraithe seirbhíse eile chun cabhrú le duine faoi mhíchumas na bacainní seo a shárú.

Roinnfear an Treochlár seo um Luath-Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara grúpa míchumais agus le grúpaí abhcóideachta míchumais mar chuid de phróiseas comhairliúcháin sula dtabharfar chun críche é.

A fhad agus a thabharfar an próiseas sin chun críche, beartaítear triail phíolótach a bhaint as próiseas réamhghníomhach de luath-rannpháirtíocht chun cuireadh a thabhairt do dhaoine óga idir 18 agus 22 bliain d'aois páirt a ghlacadh i gclár seirbhísí fostaíochta ina bhforbrófar agus ina gcríochnófar Plean um Dhul chun Cinn Pearsanta chun cabhrú le daoine óga a n-uaillmhianta fostaíochta agus gairm bheatha a bhaint amach.

Geallann an Rialtas an méid seo a leanas a dhéanamh, go hachomair:

#### Gealltanas 50:

✓ Athbhreithniú a dhéanamh ar na scéimeanna reatha fadtéarmacha íocaíochta míchumais ag féachaint le neamh-chomhsheasmhacht/aimhrialtachtaí a bhaint agus a chinntiú go n-aithníonn siad an cantanam míchumais agus go dtacaíonn siad le fostaíocht.

#### Gealltanas 51:

✓ An comhairliúchán maidir leis an Treochlár Luath-Idirchaidrimh a chur i gcrích do dhaoine óga faoi mhíchumas agus an cur chuige a chur i bhfeidhm ag tosú in 2021.

#### Gealltanas 52:

✓ A chinntiú go ndéanann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn ar dhul i ngleic le saincheisteanna eile 'timfhillteacha' a sainaithníodh sa Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas.

# Oibriú d'Oibrithe Breacaosta agus 'Oibrithe atá ag Filleadh'

Mar gheall go mairimid saol níos faide agus níos sláintiúla, b'fhéidir gur mian le go leor daoine leanúint ag oibriú a fhad le haois níos sine agus leanúint le rannchuidiú dearfach a thabhairt dár sochaí trí fhostaíocht. Tugann taighde le fios go gcuireann oibrithe breacaosta saibhreas taithí agus éagsúlacht chognaíoch ar fáil don ionad oibre [20].

Ó thrí chúlra fhairsinge a thagann oibrithe breacaosta.

1. Oibrithe atá fostaithe cheana féin a dhéanann an fhostaíocht sin a shíneadh
2. Daoine a fhilleann ar an lucht saothair i ndiaidh tréimhse ina bhféadfaidís an lucht saothair a fhágáil chun tabhairt faoi dhualgais chúraim.
3. Daoine atá sa lucht saothair ach atá dífhostaithe agus a lorgaíonn fostaíocht a fháil arís.

Tháinig méadú suntasach ar rátaí fostaíochta oibrithe breacaosta in Éirinn, agus i bhformhór thíortha eile an ECFE, i gcaitheamh na tréimhse a fhad le paindéim COVID-19 mar thoradh ar bhorradh geilleagrach domhanda. Léiríodh seo go mór mór, áfach, nuair a chinn oibrithe breacaosta a bhfostaíocht a shíneadh lena n-áit oibre reatha seachas méadú ar rátaí fostaithe oibrithe breacaosta [21].

Tá an dul chun cinn seo fiú faoi bhagairt anois, áfach.

De réir an cháis go dtí seo, is minic go mbíonn oibrithe breacaosta thíos le bacainní agus idirdhealú agus iarracht á déanamh acu an margadh saothair a iontráil, go háirithe i ndiaidh dóibh bheith dífhostaithe ar feadh tréimhsí fada. Ábhar ar leith buartha é seo i ndiaidh cúlú eacnamaíochta nó turraing fostaíochta, cosúil le COVID-19. Cé go dtugtar tionchar tosaigh na dturraingí siúd faoi deara níos mó i measc daoine óga (a bhaineann leis na hearnálacha agus na gairmeacha beatha fostaíochta daoine óga agus leis an gcur chuige 'an té is déanaí isteach is túisce amach' a ghlacann fostóirí nuair a bhíonn foireann á leagan as acu), tugtar an tionchar níos fadtéarmaí faoi deara i measc oibrithe breacaosta a dhífhostaítear.

I bhfriotal eile, nuair is gnách go mbíonn daoine óga a bhfuil stair fostaíochta, níos lú gealltanas agus oideachas agus oiliúint níos cothroime le dáta acu níos athléimní i ndiaidh turraing gheilleagrach, bíonn oibrithe breacaosta ag coraíocht lena mbonn a athaimsiú arís i bhfostaíocht.

20 Harvard Business Review: The case for hiring older workers (2019)
21 IZA Discussion Paper 2018 (John Martin): Live Longer, Work Longer: The Changing Nature of the Labour Market for Older Workers in OECD Countries.



Tá an Rialtas meáite, dá réir, ar dhul i mbun gníomhartha chun cabhrú le daoine breacaosta na bacainní a shárú atá roimh rannpháirtíocht, trí na bearta seo a leanas san áireamh:

**Gealltanas 53:**

- ✓ Tabhairt faoi idirchaidreamh dírithe le fostóirí le hiad a spreagadh oibrithe breacaosta a earcú, agus fóirdheontas earcaíochta JobsPlus a chur chun cinn freisin.

**Gealltanas 54:**

- ✓ Imeachtaí saincheaptha um chur chun cinn post agus áitiúla earcaíochta a chur in oiriúint d'oibrithe breacaosta ina dtabharfar cuntas ar roghanna athoiliúna agus uasoiliúna don Bhord Oideachais agus Oiliúna, faoi mar is cuí.

**Gealltanas 55:**

- ✓ Cláir 'Oibrithe atá ag Filleadh' a fhorbairt agus a oibriú le daoine a spreagadh agus tacú leo a d'fhág an lucht saothair agus nach raibh páirteach ann ar feadh roinnt ama chun glacadh le fostaíocht.

**Gealltanas 56:**

- ✓ Athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha cáilitheachta chun teacht ar shocrúchán oibre agus scéimeanna fóirdheontais earcaíochta a bhreithníonn, mar shampla, ar cheart fóirdheontais earcaíochta níos airde a chur ar fáil chun oibrithe breacaosta dífhostaithe a earcú.

# Oibriú do Dhaoine Óga atá faoi Mhíbhuntáiste

Tuigtear go maith go mbíonn na daoine óga nach ndéanann an t-aistriú isteach i bhfostaíocht i mbaol 'drogall' buan a bheith orthu.
I bhfriotal eile, is féidir le tréimhse fhada dhífhostaíochta difear buan a dhéanamh dá dtorthaí saoil níos fadtéarmaí – tuilleamh, oideachas, sláinte agus tithíocht.

Ábhar mór buartha é tionchar COVID-19 ar dhaoine óga a fhostú agus a n-ionchais saoil dá bharr, go háirithe mar gheall gur soiléir gur ghéire a bhí éifeachtaí na paindéime ar dhaoine óga a fhostú ná i measc grúpaí eile. Léiríonn seo an chaoi gur leochailí do thurraingí fostaíochta iad na hearnálacha ina n-oibríonn daoine óga, agus na gairmeacha beatha ina mbíonn siad fostaithe.

Léiríonn sé freisin an cleachtas coiteann ina n-oibríonn fostóirí beartas 'an té is déanaí isteach is túisce amach' nuair a bhíonn oibrithe á leagan as.

Caithfear a aithint freisin, áfach, murab ionann agus formhór na dtíortha eile, go n-áirítear leis na sonraí faoi chaillteanais fostaíochta d'Éirinn daoine óga arb é a bpríomhstádas geilleagrach ná mac léinn (féindearbhaíonn beagán faoi bhun 30% de dhaoine faoi 25 bliain d'aois a bhfuil ÍDP á éileamh acu gur mic léinn lánaimseartha iad). Anuas air sin, tá orainn a aithint freisin gur mó cumas atá ag daoine óga a bhfuil leibhéil mhaithe oideachais bainte amach acu agus a bhfuil stair fostaíochta acu i gcomparáid le grúpaí eile.

**Bosca 3: Cás-Staidéar 2: An tImeacht Conairí Gairme d'Oibrithe atá ag Filleadh - Márta 2020**




**Chuir *Intreo* an chéad Imeacht Conairí Gairme d'Oibrithe atá ag Filleadh ar siúl in Tangent i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Dé hAoine, an 6 Márta 2020.**

Chuir an t-imeacht eolas ar fáil don lucht freastail ar shocrúcháin oibre, cuireadh deiseanna ar fáil tabhairt faoi uasoiliúint nó athoiliúint agus cuireadh an deis ar fáil dóibh an chéad chéim eile ina ngairmeacha beatha a chur díobh. Labhair na cainteoirí le breis agus 150 fear agus bean a d'fhreastail agus pléadh ábhair, spreagadh agus d'fhéidearthacht aonair a bhaint amach ina measc. Cuireadh teistiméireachtaí agus scéalta pearsanta daoine i láthair a thug faoina ngairmeacha beatha arís eile agus faoi na tacaíochtaí ar bhain siad leas astu chun amhlaidh a dhéanamh.
Bhí an deis ag an lucht freastail casadh agus labhairt le fostóirí, a raibh Tionscnaimh d'Oibrithe atá ag Filleadh ag roinnt díobh. D'éascaigh an t-imeacht freisin líonra agus plé idir piaraí. Is é an cuspóir cur leis an tionscnamh seo trí chabhrú le hoibrithe a d'fhéadfadh bheith ag filleadh scóip agus scála na ndeiseanna a thabhairt faoi deara atá ar fáil dóibh chun gur féidir leo a mbealach ar ais go dtí an obair a leagan amach isteach i róil a fhreastalaíonn ar a riachtanais, a n-ábhair spéise agus a bhféidearthacht phearsanta.

Tá an t-ádh ar Éirinn gur fearr leibhéal gnóthachtála oideachais a daoine óga, ar an iomlán, ná leibhéal sin ár bpiarthíortha agus go leanfaidh ár lucht saothair óg ar cuireadh oideachas maith orthu le hinfheistíocht gnó a mhealladh sna blianta amach romhainn.

Ina ainneoin sin, tá an baol ann go fóill go ngearrfar an ceangal leis an lucht saothair, go háirithe i measc na ndaoine siúd a fhágann an scoil go luath, a bhain leibhéil ísle oideachais nó nach bhfuil fostaithe, ag tabhairt faoi oideachas nó oiliúint (na 'NFOOanna', faoi mar a dtugtar orthu). Seo an cohórt daoine óga ar baineadh a gcearta díobh roimh COVID-19 nó a mbainfí iad díobh fiú i ngeilleagar faoi bhorradh. Áireofar leis freisin roinnt de na daoine óga siúd a dhíláithrigh turraing COVID-19 iad i ndiaidh dóibh fostaíocht a aimsiú nó ar baineadh an deis a bhí acu an t-aistriú ó oideachas go fostaíocht a dhéanamh mar gheall ar COVID-19.

Díreoidh an straitéis seo ar chabhrú leis na cohóirt seo daoine óga.

Déanfaidh ***Intreo*** an méid seo a leanas, ar an ábhar sin:

- Próiseas dian-idirchaidrimh le cuardaitheoirí poist óga na Ráthaíochta Treisithe don Aos Óg nua a chur i bhfeidhm agus a oibriú. Cuirtear an Ráthaíocht threisithe leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó Ráthaíocht don Aos Óg 2013 a chur i bhfeidhm agus déanann sé an tírdhreach athraitheach margadh saothair agus na haistrithe glasa agus digiteacha a chomhtháthú. Lorgaíonn an clár nua uaillmhianach seo leis an sprioc-chohórt a fhairsingiú leo siúd idir 24 agus 29 bliain d'aois a chur san áireamh.
  Agus seo á chur i bhfeidhm, cinnteoidh ***Intreo*** go gcasfaidh na daoine óga siúd a bpróifílítear go bhfuil baol ard rompu i leith dífhostaíocht fhadtéarmach, nó atá dífhostaithe cheana féin ar feadh 3 mhí nó níos faide, le Cásoifigeach /Cóitseálaí Poist ar a laghad uair amháin gach mí chun treoir phearsantaithe a fháil agus chun bealaí dul chun cinn a fhiosrú chuig tacaíochtaí cuí breisoideachais, oiliúna agus fostaíochta.

- Luathrochtain ar fhóirdheontas earcaíochta JobsPlus a chur ar fáil do dhaoine óga (iad siúd faoi 30 bliain d'aois) agus glacadh i measc daoine óga a chur chun cinn go gníomhach leis na 10,000 áit ar an gClár Socrúcháin Taithí Oibre. Léirítear sa chlár seo, ach go háirithe, fianaise idirnáisiúnta gur féidir le socrúcháin obairbhunaithe cabhrú leis an gcóras 'obair ar bith, taithí ar bith' agus 'taithí ar bith, obair ar bith' a shárú ar minic go gcuireann sé baol roimh dhaoine óga go mbeidh siad dífhostaithe go fadtéarmach.

- Dul i gcomhpháirtíocht le fostóirí, chun an Chairt Fostaíochta Óige Fostóra a athsheoladh, ina ngeallfaidh gnóthais deiseanna socrúcháin oibre agus cúrsa oiliúna a sholáthar do dhaoine óga a atreoraíonn ***Intreo***. Oibreoidh an Oifig Printíseachta Náisiúnta nua le ***Intreo*** freisin chun feabhas a chur ar naisc le, agus rochtain ar, phoist phrintíseachta.

- Ar a laghad 1,000 áit do dhaoine óga a chur ar leataobh ar chlár fairsingithe Tús/Fostaíochta Pobail.

- Imeachtaí um chur chun cinn post agus earcaíochta a eagrú atá dírithe go sonrach ar dhaoine faoi 30 bliain d'aois.

- Clár rathúil 'Scileanna don Saol' de chuid na bhFórsaí Cosanta a fhorbairt agus a chur ar bun arís eile chun oiliúint agus taithí oibre a chur ar tairiscint do dhaoine óga laistigh de na Fórsaí Cosanta.

  Mar chuid den chairt, leanfaidh an Earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna, Ionaid Oiliúna Pobail san áireamh, le cláir a sholáthar agus a fhairsingiú (faoi mar a theastaíonn) atá ceaptha an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cabhrú le daoine óga faoi mhíbhuntáiste na scileanna ginearálta oibre agus na 'tras-scileanna' a fhorbairt atá riachtanach chun fostaíocht a choimeád.

- Scileanna sonracha a thabhairt do dhaoine óga a theastaíonn ó fhostóirí.

- Cabhrú le daoine óga teacht ar an réimse fairsingithe printíseachtaí agus cúrsaí

- Mar chuid den chur chuige seo, déanfaidh an earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna an Scéim Dreasachta Printíseachta a fhairsingiú freisin a chuireann íocaíocht dreasachta €3,000 ar fáil d'fhostóirí chun glacadh le printísigh nua.

Ar deireadh, leanfaidh daoine óga a sainítear iad amhail bheith imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó leochaileach sa Straitéis Óige Náisiúnta le tairbhe a bhaint as seirbhísí atá ar fáil faoi UBU D'Áit Do Spás, tionscnamh atá cistithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óig, a sholáthraíonn tacaíochtaí lasmuigh den scoil do dhaoine óga ina bpobail áitiúla chun a dtorthaí pearsanta agus sóisialta a fheabhsú, chun tacú leo feabhas a chur ar a n-infhostaitheacht agus páirt a ghlacadh le tacaíochtaí fostaíochta príomhshrutha.

Go hachomair, geallann an Rialtas an méid seo a leanas a dhéanamh anois:

## Gealltanas 57:

- ✓ Diansamhail idirchaidrimh le daoine óga a chur i bhfeidhm a bpróifílítear iad amhail bheith i mbaol dífhostaíocht fhadtéarmach.

## Gealltanas 58:

- ✓ Luathrochtain a sholáthar ar fhóirdheontas earcaíochta JobsPlus do dhaoine dífhostaithe faoi 30 bliain d'aois.

## Gealltanas 59:

- ✓ An sprioc a leagan amach go nglacfaidh daoine óga le 4,000 de na 10,000 áit, ar a laghad, ar an gClár Socrúcháin Taithí Oibre.

## Gealltanas 60:

- ✓ Ar a laghad 1,000 áit de na 3,000 áit bhreise ar an Scéim Fostaíochta Stáit a chur in áirithe do dhaoine óga i gclár Tús/Fostaíochta Pobail.

## Gealltanas 61:

- ✓ Imeachtaí saincheaptha um chur chun cinn post agus áitiúla earcaíochta a chur in oiriúint do chuardaitheoirí poist óga ina dtabharfar cuntas ar roghanna athoiliúna agus uasoiliúna do na Boird Oideachais agus Oiliúna.

## Gealltanas 62:

- ✓ An Chairt Fostaíochta Óige Fostóra a athsheoladh agus a chur chun cinn agus é ina sprioc 300 fostóir a chlárú.

## Gealltanas 63:

- ✓ Cláir oibre agus thras-scileanna 'Ullmhaigh don Obair' a fhorbairt a sholáthrófar tríd an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna.

## Gealltanas 64:

- ✓ An Scéim Dreasachta Printíseachta a shíneadh go dtí Nollaig 2021.

## Gealltanas 65:

- ✓ Clár rathúil oiliúna agus taithí Scileanna don Saol de chuid na bhFórsaí Cosanta a chur ar siúl arís eile do dhaoine dífhostaithe óga.



# Oibriú do Ghrúpaí Mionlaigh atá faoi Mhíbhuntáiste

Ceann de na cothromaíochtaí atá le baint amach in eagraíocht seirbhíse ar bith is ea, ar thaobh amháin den phingin, réadúlacht na ndeacrachtaí breise a aithint a bhíonn ag cliaint ó chúlra a ndéanann an tsochaí iad a dheighilt amhail bheith éagsúil ar bhealach éigin – bíodh eitneacht, creideamh, dath craicinn, andúil, nó fiú an áit a gcónaíonn siad i gceist leis sin
– agus, ar an taobh eile den phingin, gan iad a shainiú agus gan tagairt a dhéanamh ach don chúlra sin.

Ba cheart go mbeadh an deis chothrom ag daoine ó gach cúlra teacht ar sheirbhísí agus tacaíochtaí agus tairbhe a bhaint as na seirbhísí agus tacaíochtaí siúd faoi na téarmaí agus coinníollacha céanna le gach duine eile tairbhe.
Chun tabhairt faoi seo a dhéanamh, bíonn níos mó ná 'rochtain chothrom' a sholáthar i gceist leis seo, i gcásanna áirithe, go mbíonn an deis chothrom sin acu.
Ciallaíonn sé nach mór don eagraíocht seirbhíse dul i mbun 'gníomh dearfach' chun dul i ngleic leis na dúshláin bhreise a bhíonn roimh dhaoine a bhíonn thíos le claonadh nó idirdhealú agus é sin a chúiteamh. Ar a bharr sin, caithfidh sé dícheall a dhéanamh seo a dhéanamh ar bhealach nach ndéanann institiúidiú ar an gclaonadh nó an t-idirdhealú sin.
Tá ***Intreo*** mar an gcéanna.

Bíonn bacainní ar leith roimh bhaill de phobal an Lucht Siúil agus den phobal Romach, imircigh, iarrthóirí tearmainn, daoine a bhfuil stair andúile acu, agus iad siúd a ciontaíodh i gcion coiriúil chun obair a fháil, agus léirítear seo ina leibhéil fostaíochta agus dífhostaíochta. Déanfaidh ***Intreo*** agus a eagraíochtaí comhpháirtíochta, bearta tacaíochta spriocdhírithe a fhorbairt agus a sholáthar, laistigh de shaolré na straitéise seo, a bhaineann go sonrach le riachtanais aonair na ngrúpaí seo.

Áireofar leis na bearta seo:

- Ranganna Béarla agus imeasctha a sholáthar,
- Teacht méadaithe ar dheiseanna breisoideachais agus oiliúna trí na Boird Oideachais agus Oiliúna,
- Teacht ar intéirneachtaí oibre agus printíseachtaí íoctha, sa tseirbhís phoiblí ina measc,
- Áiteanna atá curtha in áirithe ar Scéimeanna Fostaíochta Stáit, cosúil le Fostaíocht Pobail agus Tús,
- An leibhéal níos airde d'fhóirdheontas JobsPlus a shíneadh a fhad le fostóirí a earcaíonn daoine ó ghrúpaí mionlaigh atá faoi mhíbhuntáiste,

**Bosca 4: Cás-Staidéar 3: Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána - Oibriú chun Foghlaim**

**Tionscadal taithí oibre atá bunaithe ar Thionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (an GYDP) é an Clár Oibriú chun Foghlaim do dhaoine óga, a d'fhorbair 'Óige Osraí' ('Ossory Youth') i gCill Chainnigh i dtosach in 2015 agus tacaíonn 'State Street' leis.**

Tá dhá spriocghrúpa ag an gclár, rannpháirtithe sa GYDP agus an pobal i gcoitinne, an pobal gnó, ach go háirithe, ar minic go ndíríonn ógchoireacht agus iompar frithshóisialta orthu.
Nochtann an clár rannpháirtithe do dhomhan na hoibre agus na scileanna a theastaíonn chun oibriú go héifeachtach ann, trí phróiseas struchtúrach agus a dtugtar tacaíocht dó ina mbaineann ullmhú, socrúchán agus machnamh.

Cuireann an clár dúshlán roimh an duine óg atá páirteach chun tabhairt faoi phost páirtaimseartha íoctha; a sholáthraíonn croíshraith scileanna bunúsacha oibre, tuiscint ar an timpeallacht "fhíor" oibre, féinmheas níos fearr agus dearcadh níos dearfaí dóibh i dtreo a dtodhchaí.

- Fiontraíocht agus féinfhostaíocht a chur chun cinn mar rogha inmharthana gairm bheatha i measc na gcuardaitheoirí poist go léir ó ghrúpaí imeallaithe.

Buntacóidh cuspóirí beartais na straitéisí nua a chuirfear in ionad *na Straitéise Náisiúnta maidir le hImeascadh an Lucht Siúil agus na Romach (an SNILSR*) agus *na Straitéise um Imeascadh Imirceach* le bealaí a fhad leis an oideachas agus an obair freisin.
Mar chuid de seo, ar aon dul le gealltanas i gClár an Rialtais, agus leis na gníomhartha a sholáthar a leagtar amach thuas, forbróidh an Rialtas Plean cuimsitheach Oiliúna, Fostaíochta agus Fiontraíochta don Lucht Siúil agus Romaigh.

Céim thábhachtach é fostaíocht a fháil ar aistear athshlánúcháin daoine a bhfuil andúil acu agus iarchiontóirí, a chothaíonn ionchuimsiú sóisialta agus a laghdaíonn an dóchúlacht a iompaíonn ar an andúil arís agus/nó a thugann faoi ghníomhaíocht choiriúil arís.

Straitéis chomhdheartha fiontair shóisialta agus fostaíochta é 'Oibriú chun Athrú' ('Working to Change') a d'fhorbair an Roinn Dlí agus Cirt chun ionchais a mhéadú go ndéanfaidh daoine a ciontaíodh dul chun cinn a fhad leis an bhfostaíocht.

Leagtar amach ann 45 gníomh idirnasctha, ar an iomlán, faoi thrí limistéar straitéiseacha dírithe:

1. Roghanna Fostaíochta Fiontair Shóisialta
2. Roghanna Fostaíochta Príomhshrutha
3. Fiontraíocht

Tá *Intreo* tiomanta d'idirchaidreamh breise a dhéanamh le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus leis an tSeirbhís Phromhaidh agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun tacú leis an straitéis seo 'Oibriú chun Athrú' a sholáthar.

Cabhraíonn roinnt tionscnamh atá i bhfeidhm cheana féin, i bpríosúin agus sa phobal araon, le tacú leis an sprioc filleadh ar fhostaíocht i measc iarchiontóirí ar bhonn uile-Rialtais.
Áirítear leo seo:

Oideachas agus Oiliúint i bPríosúin: comhpháirtíocht idir SPÉ agus na Boird Oideachais agus Oiliúna a sholáthraíonn clár ardchaighdeáin solúbtha oideachais a chabhraíonn le daoine faoi choimeád déileáil lena bpianbhreith, forbairt phearsanta a bhaint amach, ullmhú don saol i ndiaidh go scaoiltear iad agus dúil agus cumas chun tabhairt faoi fhoghlaim ar feadh an tsaoil a bhunú.

Seirbhísí Geata (Gate Service) agus Naisc (a chuireann Cumann na hÉireann um Chuimsiú Sóisialta - CÉCS ar fáil), seirbhís gairmoideachais 'tríd an ngeata' atá bunaithe sa phríosún a oibríonn le príosúnaigh chun cabhrú leo plean le haghaidh a scaoilte a fhorbairt.
Díríonn an plean ar oiliúint, oideachas nó fostaíocht agus chun cabhrú le príosúnaigh bacainní roimh dhul chun cinn a shainaithint agus a shárú. Cuireann an tSeirbhís Naisc seirbhísí ar fáil do chiontóirí ar atreoraigh an tSeirbhís Phromhaidh iad. Cuireann Oifigigh Oiliúna agus Fostaíochta Naisc seirbhís treorach agus socrúcháin atá dírithe ar stopadh ar fáil do chiontóirí a bhfuil Maoirseacht Promhaidh á déanamh orthu.
Cuireann siad tacaíocht athlonnaíochta ar fáil do chiontóirí freisin ar an gclár um Fhilleadh ar an bPobal.

- Clár Athstiúrtha Óige agus Tionscadail an Gharda Síochána ina bhfuil tionscnaimh phobalbhunaithe ilghníomhaireachta um chosc na coireachta i gceist a lorgaíonn daoine óga (idir 12 agus 17 mbliana d'aois) a athstiúradh a ghlac páirt sa choireacht/iompar frithshóisialta agus chun tacú leis an obair choisctheach níos fairsinge laistigh den phobal agus le teaghlaigh atá i mbaol.

Anuas air sin, feabhsóidh an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí idirchaidreamh Cásoifigeach leis na grúpaí is faide ón margadh saothair.
Mar chuid den obair seo, fiosróimid bealaí inar féidir sainaithint, agus monatóireacht na gcohórt seo cuardaitheoirí poist, ar a uain sin, a fheabhsú.

Ar aon dul leis na cuspóirí agus na gníomhartha a leagtar amach thuas, geallann an Rialtas anois don mhéid seo a leanas a dhéanamh:

**Gealltanas 66:**

✓ Áiteanna a chur in áirithe ar chláir fostaíochta poiblí do dhaoine óga agus daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus mionlaigh.

**Gealltanas 67:**

✓ Plean Oiliúna, Fostaíochta agus Fiontraíochta don Lucht Siúil agus Romaigh a fhorbairt.

**Gealltanas 68:**

✓ A indéanta atá sé a fhiosrú chun Grúpsheisiúin Eolais a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil (agus/nó Romaigh) a thabhairt isteach i gcaitheamh shaolré na straitéise.

**Gealltanas 69:**

✓ Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí ionadaíocha pobail chun uirlisí idirchaidrimh seirbhíse fostaíochta a chruthú a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil (agus/nó Romaigh).

**Gealltanas 70:**

✓ Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ó phobal an Lucht Siúil agus an pobal Romach chun comhairle a sholáthar don tSeirbhís Fostaíochta Poiblí.

**Gealltanas 71:**

✓ Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe 2021-2023 na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chur i bhfeidhm, trí thacú le hidirchaidreamh le heagraíochtaí ionadaíocha agus daoine aonair ó chúlraí éagsúla chun tuiscint a fháil ar bhacainní fostaíochta agus chun feasacht a mhúscailt ar dheiseanna fostaíochta san earnáil phoiblí i measc na ndaoine aonair seo.

**Gealltanas 72:**

✓ Breithniú a dhéanamh ar an leibhéal níos airde d'fhóirdheontas JobsPlus a chur ar fáil do na fostóirí go léir a earcaíonn duine dífhostaithe d'eitneacht an Lucht Siúil nó Romach.

## Gealltanas 73:

- ✓ Scéimeanna sonracha Fostaíochta Pobail a fhorbairt níos mó do Thaistealaithe agus Romaigh.

## Gealltanas 74:

- ✓ Breithniú a dhéanamh ar an leibhéal níos airde d'fhóirdheontas JobsPlus a chur ar fáil do na fostóirí go léir a earcaíonn duine dífhostaithe a raibh taifead coiriúil nó stair andúile acu le déanaí.

## Gealltanas 75:

- ✓ Leanúint leis na cláir 'ionrochtana' príosúin a chur ar siúl agus tacaíocht a thabhairt trí ***Intreo***, le dul chun cinn agus socrúchán oibre iarchiontóirí atá páirteach sa chlár Oibriú chun Athrú.

## Gealltanas 76:

- ✓ Tacaíocht a thabhairt, trí ***Intreo***, le dul chun cinn agus socrúchán oibre daoine óga atá páirteach i gClár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.

## Gealltanas 77:

- ✓ Clár sparánachta a sholáthar, faoi mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Printíseachta 2021-2025, chun a mhéid le 100 printíseach a chistiú sa bhliain atá thíos le míbhuntáiste geilleagrach agus atá i spriocghrúpaí, tuismitheoirí aonair, daoine faoi mhíchumas, Taistealaithe agus Romaigh ina measc.



# 06

## **Oibriú le Fianaise –** Rialachas agus Tuairisciú

# Eolas a sholáthar do Bheartas le Fianaise

Lena chinntiú go gcuirtear an straitéis seo i bhfeidhm go héifeachtach, caithfidh a cur chuige a bheith bunaithe ar fhianaise agus caithfidh go bhfuil creat láidir monatóireachta agus tuairiscithe ann le haon easnamh sa soláthar a shainaithint agus dul i ngleic leis.

Tá 'sraith straitéisí' chaighdeánach ar fáil go hidirnáisiúnta chun tacú le cuardaitheoirí poist dífhostaithe a sholáthraíonn idir chomhairle agus chúnamh maidir le cuardach poist trí shocrúcháin oibre, athoiliúint agus scileanna nua a fhoghlaim, fóirdheontais/dreasachtaí earcaíochta, oideachas níos fadtéarmaí agus Scéimeanna Fostaíochta Stáit (Tús agus Fostaíocht Pobail). Bunaítear cur chun feidhme straitéisí on tsraith straitéisí seo, de ghnáth, ar mheasúnú a dhéanamh ar riachtanais gach duine aonair agus ar fhianaise i leith an mhéid a n-éiríonn leis i gcásanna éagsúla.

Ar ámharaí an tsaoil, tá méid suntasach fianaise ar fáil chun eolas a chur ar fáil don bhealach ba cheart don tseirbhís freagairt do chabhrú le daoine a dteastaíonn tacaíocht uathu fostaíocht a aimsiú agus a choimeád. Mar shampla, faoi straitéisí ***Bealaí chun Oibre*** a bhí ar siúl roimhe seo, tugadh faoi mheasúnuithe mionsonraithe ar scéim JobBridge, scéim an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas, Clár Momentum (SOLAS), scéim JobsPlus agus seirbhís JobPath.

Go ginearálta, léirítear an t-eispéireas idirnáisiúnta sna torthaí ó na measúnuithe seo go n-imríonn seirbhísí comhairle agus cúnaimh le cuardach poist, scéimeanna socrúcháin oibre agus oiliúna ar scileanna sonracha tionchair dhearfacha ar thorthaí fostaíochta agus tuillimh, agus baineann an éifeacht 'glasála' den tionchar a imríonn cláir oideachais níos fadtéarmaí, ar an meán.

Caithfear na measúnuithe seo a léirthuiscint go cúramach freisin, cé go bhfuil siad eolasach, mar gheall go léirítear meántorthaí iontu ag pointe ar leith ama. Nuair a chuirtear san áireamh gurb as cúlraí éagsúla iad cuardaitheoirí poist agus go mbíonn dúshláin éagsúla rompu a d'fhéadfadh a bheith éagsúil le himeacht ama, is tábhachtach go ndéantar an fhianaise seo a athnuachan, a choimeád cothrom le dáta agus go gcuireann léargas ag saineolaithe leis chun cabhrú lena léirthuiscint agus lena cur i bhfeidhm.
Tá dualgas á leagan ar Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair tacú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí trí ionchur a sholáthar don anailís ábhartha fhoirmiúil ar thionchar an chláir a shonrú agus a chríochnú.

Beartaítear, don bhliain 2021, tús a chur le próiseas athbhreithnithe mionsonraithe eacnaiméadracha agus aiseolais úsáideoirí ar Scéimeanna Fostaíochta Stáit (Fostaíocht Pobail agus Tús). Cuirfidh na hathbhreithnithe seo eolas ar fáil do na scéimeanna seo a fhorbairt amach anseo. Déanfar measúnuithe breise ar chláir agus scéimeanna eile ina dhiaidh sin gach bliain.

Anuas ar na measúnuithe cainníochtúla seo ar thionchar, beartaítear freisin leanúint leis an gcleachtas freisin, ar cuireadh tús leis faoi iarstraitéisí ***Bealaí chun Oibre***, ina dtugtar faoi shuirbhéanna faoi dhó sa bhliain ar chliaint ***Intreo*** agus JobPath agus na suirbhéanna seo a shíneadh go gcuimseoidh siad na soláthraithe seirbhíse seachtracha go léir.

# Spriocanna agus Bunspriocanna Inghnóthaithe

Leagtar amach i ngach ceann de na gealltanais a shainaithnítear sa cháipéis seo i bhfoirm tábla san Aguisín, agus a bhfuil amlíne ag gach ceann díobh le haghaidh soláthair agus a bhfuil príomh-Roinn shainaitheanta ag gach ceann atá freagrach.

Mar chuid den phróiseas tuairiscithe ráithiúil (féach Rialachas agus tuairisciú i Mír 6.3), foilseofar dul chun cinn in aghaidh gach cinn de na 83 gealltanas sa ráiteas straitéise seo.

Anuas air sin, tá roinnt príomhspriocanna cainníochtúla á leagan amach le heolas a sholáthar don straitéis seo a mheasúnú agus a athbhreithniú agus lena chinntiú go ndéantar na gníomhartha/gealltanais a stiúradh le torthaí a bhaint amach a bhfuil tábhacht leo.


Faoi mar a dtugtar cuntas air i gCaibidil 1, tá na spriocanna feidhmíochta seo sna foirmeacha seo a leanas:

**Ionchur:**
**Na gníomhartha a mbeartaítear tabhairt fúthu, e.g. an líon Cásoifigigh fostaíochta a mhéadú.**

**Aschur:**
**An méid seirbhísí a sholáthraítear mar thoradh ar an ionchur seo, e.g. an méid cruinnithe comhairleacha duine ar dhuine a thionóltar idir Cásoifigigh agus cliaint.**

**Torthaí:**
**Tionchar an ionchuir/na dtorthaí ar phríomh-mhéadracht fostaíochta/mhargadh saothair, e.g. laghdú ar an ráta ar a ndéantar daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach de dhaoine a dífhostaíodh le déanaí.**

Leagtar amach i dTábla 1 (Caibidil 1) an tsraith príomhtháscairí feidhmíochta a úsáidfear. Foilseofar dul chun cinn in aghaidh na dtáscairí seo ar bhonn ráithiúil agus déanfar athbhreithniú gach bliain ar an méadracht agus na spriocanna féin leis na coinníollacha a bhíonn i gceist ag an tráth sin sa mhargadh saothair a chur san áireamh.



# Rialachas, Tuairisciú agus Athbhreithniú

Is ar an Roinn Coimirce Sóisialaí a bheidh an fhreagracht fhoriomlán as an straitéis seo a chur i bhfeidhm agus déanfaidh sé tuairisciú ar dhul chun cinn leis an gCoiste Comh-Aireachta um an nGeilleagar agus a Ghrúpa Oifigeach Sinsearach.

Dílseofar maoirseacht sheachtrach i gComhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair. Mar chuid den obair seo, déanfaidh an Chomhairle monatóireacht ar ghníomhartha aonair a sholáthar in aghaidh na n-amlínte lenar comhaontaíodh agus déanfaidh sé measúnú ar mhéadracht, staitisticí agus clár measúnuithe a fhorbairt níos mó i gcaitheamh shaolré na straitéise seo.

Iarrfar ar Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair tuarascáil bhliantúil a sholáthar don Aire Coimirce Sóisialaí i Ráithe 3 gach bliain ina gcuirtear a dearcadh ar fáil faoi dhul chun cinn, gníomhartha ceartaitheacha a bhféadfadh gur gá tabhairt fúthu agus aon ghníomhartha nua a mheasann sé ba cheart a chur san áireamh [22].

Cuirfidh an tAire an tuarascáil seo, sa mhullach ar a freagairt, faoi bhráid an Rialtais agus Chomhchoiste an Oireachtais ar Choimirce Sóisialaí i Ráithe 4 gach bliain agus foilseofar é ag an tráth céanna ar láithreán gréasáin na Roinne Coimirce Sóisialaí freisin.

Tabharfar faoi athbhreithniú foirmiúil ar an straitéis le Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair i Ráithe 1 agus Ráithe 2 2023 agus foilseofar straitéis nuashonraithe i Ráithe 4 2023.

Go hachomair, geallann an Rialtas an méid seo a leanas a dhéanamh lena chinntiú go ndéantar rialachas éifeachtach ar an straitéis seo:

**Gealltanas 78:**

- ✓ Anailís fhoirmiúil ar thionchair chláir, ag tosú in 2021 le hanailís ar an Scéim Fostaíochta Pobail, a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair.

**Gealltanas 79:**

- ✓ Leanúint leis an gcur chuige lena mbaineann suirbhéanna faoi dhó sa bhliain ar eispéireas cliant agus na suirbhéanna seo a shíneadh chun go gcuirtear na soláthraithe seirbhíse seachtracha go léir san áireamh iontu.

**Gealltanas 80:**

- ✓ Dul chun cinn a thuairisciú in aghaidh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta ar bhonn ráithiúil.

**Gealltanas 81:**

- ✓ Athbhreithniú bliantúil agus tuarascáil ar dhul chun cinn in aghaidh na ngealltanas go léir a fhoilsiú, atá le hullmhú ag Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair, i Ráithe 4 gach bliain.

**Gealltanas 82:**

- ✓ Tabhairt faoi athbhreithniú foirmiúil ar an straitéis seo le tacaíocht ó Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair agus straitéis nuashonraithe leasaithe a fhoilsiú in 2023.

**Gealltanas 83:**

- ✓ Tabhairt faoi chleachtadh iniúchta sonraí ar fhothacar sonraí riaracháin an RCS chun measúnú a dhéanamh ar gcuimsitheacht, comhsheasmhacht, iontaofacht agus réimse ag féachaint le hanailís fhadaimseartha a dhéanamh ar thorthaí.

[22] Cuirfear tús leis na tuarascálacha bliantúla seo in 2022 le hathbhreithniú ar dhul chun cinn na straitéise in 2021.

# Aguisín



# Tábla na nGealltanas

| Uimhir | Gealltanas | Príomhroinn/ Príomhranna | Dáta Dlite |
|---|---|---|---|
| 1 | Acmhainn riar cásanna Sheirbhís Fostaíochta Poiblí ***Intreo*** (ar conradh agus intí) a mhéadú faoi 100,000 cuardaitheoir poist sa bhliain aníos go dtí breis agus 200,000 sa bhliain, trí 150 Cásoifigeach breise atá fostaithe go díreach a shannadh laistigh de *Intreo* an RCS23. | An RCS | 100 faoi dheireadh 2021, 50 sa bhreis faoi dheireadh 2022 |
| 2 | Toilleadh acmhainne soláthair seirbhíse ar conradh a choimeád agus cistiú seirbhísí fostaíochta áitiúla/réigiúnacha a mhéadú chun cumhdach iomlán náisiúnta a sholáthar. | An RCS | Ar siúl |
| 3 | Anuas ar ghlacadh le hatreoruithe cliant atá dífhostaithe go fadtéarmach, iarrfar ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha freisin oibriú leo siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste dár gcliaint atá dífhostaithe go gearrthéarmach (dífhostaithe ar feadh níos giorra ná bliain amháin). | An RCS | R4 2021 |
| 4 | Oibriú le faighteoirí Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime i rith na céime idirthréimhsí mar gheall go ndéantar tacaíochtaí sealadacha Stáit COVID-19 a chiorrú de réir a chéile trí thacaíochtaí fostaíochta a sholáthar don chohórt seo daoine dífhostaithe chun cabhrú leo an fhostaíocht a bhaint amach arís de réir mar a bhaineann an geilleagar téarnamh amach. | An RCS | R3 2021 |
| 5 | 50,000 áit bhreise a chistiú i mbreisoideachas agus ardoideachas, Scileanna chun Dul san Iomaíocht, Skillnet Ireland, Springboard+ agus an Tionscnamh Caipitil Daonna san áireamh. | An RBOAOTNE | R4 2021 |
| 6 | An líon iomlán sin de chlárúcháin phrintíseach nua a mhéadú aníos go dtí ar a laghad 10,000 clárúchán sa bhliain faoin mbliain 2025, ar aon dul le gealltanas sa Phlean Gníomhaíochta don Phrintíseacht 2021-2025. | An RBOAOTNE | Tús in R2 2021 / Ar siúl |
| 7 | Líon na n-áiteanna i gCláir Thaithí Oibre a mhéadú faoi 10,000. | An RCS | Tús in R3 2021 |
| 8 | Luach uasta agus cistiú an Deontais Tacaíochta Oiliúna a mhéadú aníos ó €500 go €1,000 in aghaidh an deontais a rachaidh chun sochair 12,500 cuardaitheoir poist sa bhliain. | An RCS | Ar siúl |
| 9 | Rannpháirtíocht agus cistiú i gcláir um Fhilleadh ar Oideachas a mhéadú aníos go dtí 7,700 áit (faoi stiúir éilimh). | An RCS | Ar siúl |

23 Ó bhonnlíne 2020.

| Uimhir | Gealltanas | Príomhroinn/ Príomhranna | Dáta Dlite |
|---|---|---|---|
| 10 | Cistiú agus áiteanna a mhéadú do ghnólachtaí nuathionscanta fiontraíochta agus é ina sprioc tacú le 4,200 cuardaitheoir poist chun a ngnólacht féin a thosú (faoi stiúir éilimh)[24]. | An RCS | Ar siúl |
| 11 | Cistiú agus áiteanna ar Scéimeanna Fostaíochta Stáit a mhéadú, cosúil le Fostaíocht Pobail, chun tacú le 3,000 áit bhreise dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair. | An RCS | Ar siúl |
| 12 | Idirchaidreamh aghaidh ar aghaidh a chur ar siúl arís idir Cásoifigigh agus cuardaitheoirí poist a luaithe agus is féidir ar bhealach sábháilte a chloíonn leis na treoirlínte sláinte poiblí go léir. | An RCS | Nuair a aistríonn an tír chuig Leibhéal 1 faoi Theacht Aniar agus Téarnamh COVID-19 2021 - an Bealach chun Cinn |
| 13 | Cur leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus meicníochtaí soláthair seirbhíse ar líne a fhorbairt níos mó trí JobsIreland.ie agus MyWelfare.ie. | An RCS | R1 2022 |
| 14 | Próiseas cumaiscthe soláthair seirbhíse fostaíochta ar líne agus i bpearsan a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí ghealltanais 12 agus 13. | An RCS | R2 2022 |
| 15 | Ionaid ***Intreo*** a athmhúnlú faoi mar is cuí chun acmhainn féinseirbhíse a chur san áireamh. | An RCS/OOP | R1 2023 |
| 16 | Leanúint le seimineáir agus Imeachtaí um Chur chun Cinn Post ar líne a fhorbairt agus a sholáthar chun tacú le cuardaitheoirí poist agus fostóirí i rith an phróisis chuardaigh poist agus earcaíochta. | An RCS | Ar siúl |
| 17 | Samhail deighilte reatha na Dóchúlachta Fágála (PEX) a athbhreithniú agus a nuashonrú. | An RCS | R4 2021 |
| 18 | Uirlis iomlánaíoch dhiagnóiseach a fhiosrú agus, más cuí, a fhorbairt chun tacú le Cásoifigigh ***Intreo*** sa mheasúnú a dhéanann siad ar riachtanais chuardaitheora poist aonair. | An RCS | R3 2021 |

[24] Tá seo anuas ar chláir a chistíonn agus a bhainistíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

| Uimhir | Gealltanas | Príomhroinn/ Príomhranna | Dáta Dlite |
|---|---|---|---|
| 19 | Infheistiú i bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus é a leabú mar chroíghné de Chásoifigigh laistigh de ***Intreo***. | An RCS | Ar siúl |
| 20 | Cur leis an riachtanas chun creidiúnú Leibhéal 7, nó a chomhionann, a bhaint amach le haghaidh cásoibre i measc sholáthraithe seirbhíse seachtracha na Roinne. | An RCS | R4 2021 (Mar chuid de shocruithe leasaithe conartha) |
| 21 | Samhail chásoibre Cásoifigigh / Cóitseálaí Poist a fhorbairt agus a thabhairt chun cinn laistigh de ***Intreo***. | An RCS | R3 2021 |
| 22 | Dlús a chur le roghanna éilimh ar líne a fhorbairt agus an tsamhail oibre 'oifig thosaigh/chúloifige' a thabhairt chun cinn níos mó lena chur ar chumas ionaid ***Intreo*** aird níos mó a dhíriú ar sholáthar seirbhíse fostaíochta. | An RCS | Ar siúl |
| 23 | Bearta réigiúnacha agus áitiúla a dhéanamh de spriocanna náisiúnta d'fheidhmíocht ***Intreo*** agus feidhmíocht a thuairisciú ar bhonn ráithiúil. | An RCS | R3 2022 |
| 24 | Na soláthraithe Seirbhíse Fostaíochta Poiblí go léir faoi bhranda ionad ilfhreastail ***Intreo*** a chomhcheangal chun feabhas a chur ar eispéireas an chustaiméara deiridh ar an réimse seirbhísí. | An RCS | R4 2021 (Mar chuid de shocruithe leasaithe conartha) |
| 25 | Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun seirbhísí ***Intreo*** a chur chun cinn, tríd an méid seo a leanas ina measc:<br>• Eolas spriocdhírithe a sholáthar, i measc ardáin dhigiteacha, ar an réimse tacaíochtaí ***Intreo*** atá ar fáil do chách.<br>• Forbairt bhreise a dhéanamh ar MyWelfare.ie agus ar ardáin reatha dhigiteacha chun teacht feabhsaithe ar líne a sholáthar ar thacaíochtaí gníomhachtaithe agus fostaíochta.<br>• An láithreán gréasáin Gov.ie (leas agus obair) a fhorbairt níos mó chun eolas soiléir agus inrochtana a sholáthar agus billeáil chothrom nó 'comhbhilleáil' a sholáthar do sheirbhísí fostaíochta agus leasa.<br>• Grúpaí páirtithe leasmhara agus abhcóideachta a chur ar an eolas agus tacú leo chun tairbhí na seirbhíse a chur in iúl agus a chur chun cinn.<br>• Úsáid níos mó a bhaint as nuachtáin náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha agus as seirbhísí meáin raidió chun an tseirbhís a chur chun cinn. | An RCS | Ar siúl |
| 26 | Cuardaitheoirí poist a spreagadh agus tacú leo clárú le JobsIreland.ie. | An RCS | R3 2022 |

| Uimhir | Gealltanas | Príomhroinn/ Príomhranna | Dáta Dlite |
|---|---|---|---|
| 27 | Tacú le 50,000 duine atá dífhostaithe go fadtéarmach chun tús a chur le soláthar Breisoideachais agus Oiliúna faoin mbliain 2025. | An RBOAOTNE | R4 2025 |
| 28 | Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar bhonn ráithiúil ar an leibhéal soláthair Breisoideachais agus Oiliúna, ar atreoruithe ó ***Intreo*** agus ar rátaí glactha. | An RCS, An RBOAOTNE | Ar siúl[25] |
| 29 | Leanúint ag tacú le hoibriú na Comhairle Scileanna Náisiúnta agus Fóraim Scileanna Réigiúnacha. | An RBOAOTNE | Ar siúl |
| 30 | Acmhainní breise a infheistiú san anailís agus sa phleanáil a dhéantar ar fhorbairtí agus riachtanais scileanna an mhargaidh shaothair. | An RCS | R2 2022 |
| 31 | Méadú 25 ball a dhéanamh ar an líon foirne tiomnaithe caidrimh idir fostóirí a mhéadú laistigh d'oifigí féin ***Intreo***. | An RCS | R2 2022 |
| 32 | Straitéis nua caidrimh le fostóirí a fhorbairt le tacaíocht ó fhoghrúpa um chaidreamh idir fostóirí Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair. | An RCS | R2 2022 |
| 33 | Feachtas promóisin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht ar agus glacadh leis na tacaíochtaí fostaíochta atá ar fáil a mhéadú i measc fostóirí. | An RCS, an RFTF | R1 2022 |
| 34 | Sraith seónna bóthair fostóirí a chur ar siúl timpeall na tíre le samplaí a thaispeáint de conas is féidir le fostóirí tairbhe a bhaint as na tacaíochtaí fostaíochta atá ar fáil agus conas a rinne siad amhlaidh. | An RCS, an RFTF | R1 agus R2 2022 |
| 35 | 150 Imeacht um Chur chun Cinn Post a chur ar siúl (fíorúil nó i bpearsan) gach bliain, chun deiseanna fostaíochta a thaispeáint agus lena éascú fostóirí agus cuardaitheoirí poist a chur in aithne a chéile. | An RCS, an RFTF | Ó 2022 |
| 36 | Dhá Sheachtain Oibre agus Scileanna náisiúnta ***Intreo*** a chur ar siúl gach bliain (ceann amháin fíorúil agus ceann eile i bpearsan), ina gcuirfear seachtain d'Imeachtaí um Chur chun Cinn Post atá dírithe go mór ar phoist agus de sheimineáir ar siúl i ngach ceann díobh. | An RCS, an RFTF | Ó 2022 |
| 37 | Dualgas a leagan ar fhostóirí a bhfuil tacaíochtaí fostaíochta stáit á bhfáil acu clárú a dheimhniú le tairseach phost ar líne an Stáit – JobsIreland.ie. | Gach roinn, go háirithe an RBOAOTNE agus an RFTF | R3 2022 |

[25] Cuirfear tús le tuairisciú ráithiúil i R1 2022 maidir leis na sé mhí roimhe seo.

| Uimhir | Gealltanas | Príomhroinn/ Príomhranna | Dáta Dlite |
|---|---|---|---|
| 38 | Tabhairt faoi shuirbhéanna rialta ar an measúnú a dhéanann fostóirí ar sheirbhísí fostaíochta poiblí agus breisoideachais agus oiliúna chun cabhrú le riachtanais/tuairimí fostóirí a shainaithint agus a sásamh leis an tseirbhís a rianú. | An RCS, an RFTF | R4 2022 |
| 39 | Leanúint ag infheistiú in agus ag tacú le hobair na Comhairle Scileanna Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair. | An RCS, An RBOAOTNE | Ar siúl |
| 40 | Comhoibriú le sainghnóthais earcaíochta a mhéadú lena chinntiú go mbaineann ***Intreo*** agus an earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna úsáid as na cainéil go léir atá ar fáil chun teagmháil a dhéanamh le fostóirí teagmháil chun deiseanna fostaíochta a uasmhéadú do chuardaitheoirí poist. | An RCS, an RBOAOTNE | R4 2022 |
| 41 | Trí úsáid a bhaint as an eispéireas ó Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime chun eolas a chur ar fáil d'aon íocaíocht chuardaitheora poist ghearrthéarmach atá bunaithe ar árachas sóisialach pá-choibhneasa a dhearadh a d'fhéadfaí a fhorbairt, faoi mar a bhforáiltear dó i gClár an Rialtais. | An RCS | R3 2023 |
| 42 | Triail phíolótach a bhaint as ráthaíocht san earnáil ealaíon i rith 2022. | An RTCEGSM, AnRA, an RCPA, RFTF, an RCS | R1 2022 |
| 43 | Páipéar a ullmhú ar roghanna chun an íocaíocht chúnaimh cuardaitheora poist níos fadtéarmaí a mhionathrú trí úsáid a bhaint as sonraí fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim chun leibhéil íocaíochta a choigeartú ar aon dul le tuilleamh seachtainiúil duine, chun íosráta bunioncaim a chinntiú agus lena chinntiú go dtéann ioncam duine i méid nuair a oibríonn siad. | An RCS | R3 2023 |
| 44 | Trína chur leis an SFPF/an SFSP agus trí leas a bhaint as samhlacha idirnáisiúnta, an fhéidearthacht a fhiosrú go dtabharfar scéim Tacaíochta Oibre Gearr-Ama isteach lena chur ar chumas fostóirí daoine a choimeád ar a bpárolla mar fhreagairt do thurraingí gearrfhaid a bhaintear den fhostaíocht26. | An RCS, an RA | R4 2022 |
| 45 | Scéim pá breoiteachta reachtúil a thabhairt isteach, ar bhonn céimnithe. | An RFTF | Cuirfear tús leis in 2022 |
| 46 | Cinnteoidh an Roinn Coimirce Sóisialaí, sa ghearrthéarma, ar feitheamh na bhforbairtí seo, go gcuirtear teacht ar fáil do gach cuardaitheoir poist nua ar ráiteas Sochair Oibre trí úsáid a bhaint as áireamhán Sochair Oibre ar líne na Roinne. | An RCS | R3 2021 |

[26] Breithniú a dhéanamh ar réimse scéimeanna tacaíochta oibre gearr-ama, cosúil leis 'Kurzarbeit' na Gearmáine agus 'Chômage partiel / activité partielle' na Fraince.

| Uimhir | Gealltanas | Príomhroinn/ Príomhranna | Dáta Dlite |
|---|---|---|---|
| 47 | A chinntiú go mbreithnítear cúinsí ar leith tuismitheoirí aonair nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar Íocaíocht Aois Oibre/Ráthaíocht Bhunioncaim. | An RCS | R3 2022 |
| 48 | An méid leanaí a mhéadú a bhfuil tacaíochtaí Stáit á bhfáil acu a sholáthraítear faoi Chláir Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile. | An RLCMLÓ | Ar siúl |
| 49 | A chinntiú go ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn ar chúram sláinte, tithíocht agus cúram leanaí agus go ndéantar tuairisciú air mar chuid den Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta. | An RCS, an RLCMLÓ, an RS, an RTRÁO | Ar siúl |
| 50 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na scéimeanna reatha fadtéarmacha íocaíochta míchumais ag féachaint le neamh-chomhsheasmhacht/aimhrialtachtaí a bhaint agus a chinntiú go n-aithníonn siad an cantanam míchumais agus go dtacaíonn siad le fostaíocht. | An RCS | R1 2023 |
| 51 | An comhairliúchán maidir leis an Treochlár Luath-Idirchaidrimh a chur i gcrích do dhaoine óga faoi mhíchumas agus an cur chuige a chur i bhfeidhm ag tosú in 2021. | An RCS | R3 2021 |
| 52 | A chinntiú go ndéanann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn ar dhul i ngleic le saincheisteanna eile ‘timfhillteacha’ a sainaithníodh sa Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas. | An RLCMLÓ | Ar siúl |
| 53 | Tabhairt faoi idirchaidreamh dírithe le fostóirí le hiad a spreagadh oibrithe breacaosta a earcú, agus fóirdheontas earcaíochta JobsPlus fóirdheontas a chur chun cinn freisin. | An RCS | Cuirfear tús leis in R2 2022 agus beidh sé ar siúl ina dhiaidh sin |
| 54 | Imeachtaí saincheaptha um chur chun cinn post agus áitiúla earcaíochta a chur in oiriúint d’oibrithe breacaosta ina dtabharfar cuntas ar roghanna athoiliúna agus uasoiliúna don Bhord Oideachais agus Oiliúna, faoi mar is cuí. | An RCS | Cuirfear tús leis in R3 2022 agus beidh sé ar siúl ina dhiaidh sin |
| 55 | Cláir ‘Oibrithe atá ag Filleadh’ a fhorbairt agus a oibriú le daoine a spreagadh agus tacú leo a d’fhág an lucht saothair agus nach raibh páirteach ann ar feadh roinnt ama chun glacadh le fostaíocht. | An RCS, an RFTF | Cuirfear tús leis in R3 2023 agus beidh sé ar siúl ina dhiaidh sin |

| Uimhir | Gealltanas | Príomhroinn/ Príomhranna | Dáta Dlite |
|---|---|---|---|
| 56 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha cáilitheachta chun teacht ar shocrúchán oibre agus scéimeanna fóirdheontais earcaíochta a bhreithníonn, mar shampla, ar cheart fóirdheontais earcaíochta níos airde a chur ar fáil chun oibrithe breacaosta dífhostaithe a earcú. | An RCS | R2 2022 |
| 57 | Diansamhail idirchaidrimh le daoine óga a chur i bhfeidhm a bpróifílítear iad amhail bheith i mbaol dífhostaíocht fhadtéarmach. | An RCS | R4 2021 |
| 58 | Luathrochtain a sholáthar ar fhóirdheontas earcaíochta JobsPlus do dhaoine dífhostaithe faoi 30 bliain d'aois. | An RCS | Ar siúl |
| 59 | An sprioc a leagan amach go nglacfaidh daoine óga le 4,000 de na 10,000 áit, ar a laghad, ar an gClár Socrúcháin Taithí Oibre. | An RCS | R4 2022 |
| 60 | Ar a laghad 1,000 áit de na 3,000 áit bhreise ar an Scéim Fostaíochta Stáit a chur in áirithe do dhaoine óga i gclár Tús/Fostaíochta Pobail. | An RCS | Ar siúl |
| 61 | Imeachtaí saincheaptha um chur chun cinn post agus áitiúla earcaíochta a chur in oiriúint do chuardaitheoirí poist óga ina dtabharfar cuntas ar roghanna athoiliúna agus uasoiliúna do na Boird Oideachais agus Oiliúna. | An RCS | R3 2022 |
| 62 | An Chairt Fostaíochta Óige Fostóra a athsheoladh agus a chur chun cinn agus é ina sprioc 300 fostóir a chlárú. | An RCS | R2 2022 |
| 63 | Cláir oibre agus thras-scileanna 'Ullmhaigh don Obair' a fhorbairt a sholáthrófar tríd an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna. | An RCS, An RBOAOT NE, SOLAS | R2 2022 |
| 64 | An Scéim Dreasachta Printíseachta a fhairsingiú go dtí Nollaig 2021 | An RBOAOTNE | R3 2021 |
| 65 | Clár rathúil oiliúna agus taithí Scileanna don Saol de chuid na bhFórsaí Cosanta a chur ar siúl arís eile do dhaoine dífhostaithe óga. | An RC | R3 2021 |
| 66 | Áiteanna a chur in áirithe ar chláir fostaíochta poiblí do dhaoine óga agus daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus mionlaigh. | An RCS | Ar siúl in 2021 |
| 67 | Plean Oiliúna, Fostaíochta agus Fiontraíochta don Lucht Siúil agus Romaigh a fhorbairt. | An RCS, an RLCMLÓ, an RFTF, an RBOAOTNE, SOLAS | R2 2022 |

| Uimhir | Gealltanas | Príomhroinn/ Príomhranna | Dáta Dlite |
|---|---|---|---|
| 68 | A indéanta atá sé a fhiosrú chun Grúpsheisiúin Eolais a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil (agus/nó Romaigh) a thabhairt isteach i gcaitheamh shaolré na straitéise. | An RCS | R4 2022 |
| 69 | Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí ionadaíocha pobail chun uirlisí idirchaidrimh seirbhíse fostaíochta a chruthú a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil (agus/nó Romaigh). | An RCS | R4 2022 |
| 70 | Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ó phobal an Lucht Siúil agus an pobal Romach chun comhairle a sholáthar don tSeirbhís Fostaíochta Poiblí. | An RCS | R2 2022 |
| 71 | Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe 2021-2023 na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chur i bhfeidhm, trí thacú le hidirchaidreamh le heagraíochtaí ionadaíocha agus daoine aonair ó chúlraí éagsúla chun tuiscint a fháil ar bhacainní fostaíochta agus chun feasacht a mhúscailt ar dheiseanna fostaíochta san earnáil phoiblí i measc na ndaoine aonair seo. | An RCS | Ar siúl |
| 72 | Breithniú a dhéanamh ar an leibhéal níos airde d'fhóirdheontas JobsPlus a chur ar fáil do na fostóirí go léir a earcaíonn duine dífhostaithe d'eitneacht an Lucht Siúil nó Romach. | An RCS | R2 2023 |
| 73 | Scéimeanna sonracha Fostaíochta Pobail a fhorbairt níos mó do Thaistealaithe agus Romaigh. | An RCS | R4 2023 |
| 74 | Breithniú a dhéanamh ar an leibhéal níos airde d'fhóirdheontas JobsPlus a chur ar fáil do na fostóirí go léir a earcaíonn duine dífhostaithe a raibh taifead coiriúil nó stair andúile acu le déanaí. | An RCS | R2 2023 |
| 75 | Leanúint leis na cláir 'ionrochtana' príosúin a chur ar siúl agus tacaíocht a thabhairt trí ***Intreo***, le dul chun cinn agus socrúchán oibre iarchiontóirí atá páirteach sa chlár Oibriú chun Athrú. | An RCS | Ar siúl |
| 76 | Tacaíocht a thabhairt, trí ***Intreo***, le dul chun cinn agus socrúchán oibre daoine óga atá páirteach i gClár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. | An RCS | Ar siúl |
| 77 | Clár sparánachta a sholáthar, faoi mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Printíseachta 2021-2025, chun a mhéid le 100 printíseach a chistiú sa bhliain atá thíos le míbhuntáiste geilleagrach agus atá i spriocghrúpaí, tuismitheoirí aonair, daoine faoi mhíchumas, Taistealaithe agus Romaigh ina measc. | An RBOAOTNE | R1 2022 |

| Uimhir | Gealltanas | Príomhroinn/ Príomhranna | Dáta Dlite |
|---|---|---|---|
| 78 | Anailís fhoirmiúil ar thionchair chláir, ag tosú in 2021 le hanailís ar an Scéim Fostaíochta Pobail, a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair. | An RCS | Cuirfear tús leis in 2021 |
| 79 | Leanúint leis an gcur chuige lena mbaineann suirbhéanna faoi dhó sa bhliain ar eispéireas cliant agus na suirbhéanna seo a shíneadh chun go gcuirtear na soláthraithe seirbhíse seachtracha go léir san áireamh iontu. | An RCS | Ar siúl |
| 80 | Dul chun cinn a thuairisciú in aghaidh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta ar bhonn ráithiúil. | An RCS | Ó R4 2021 |
| 81 | Athbhreithniú bliantúil agus tuarascáil ar dhul chun cinn in aghaidh na ngealltanas go léir a fhoilsiú, atá le hullmhú ag Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair, i Ráithe 4 gach bliain. | An RCS | Ar siúl, cuirfear tús leis in 2022 |
| 82 | Tabhairt faoi athbhreithniú foirmiúil ar an straitéis seo le tacaíocht ó Chomhairle Chomhairleach an Mhargaidh Shaothair agus straitéis nuashonraithe leasaithe a fhoilsiú in 2023. | An RCS | R4 2023 |
| 83 | Tabhairt faoi chleachtadh iniúchta sonraí ar fhothacar sonraí riaracháin an RCS chun measúnú a dhéanamh ar gcuimsitheacht, comhsheasmhacht, iontaofacht agus réimse ag féachaint le hanailís fhadaimseartha a dhéanamh ar thorthaí. | An RCS | R4 2022 |



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland